



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority



**Tuarascáil
Bhliantúil
2025**

**Saol oibre sláintiúil
agus sábháilte a
sholáthar agus cur
le fiontair tháirgiúla**



Clár na nÁbhar

Tuarascáil ó Chathaoirleach an Bhoird	2
Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh	3
Giorrúcháin	5
Fís, Sainordú agus Luachanna	6
Ról	7
Ráiteas Straitéise 2025 – 2027	7
Bord agus Feidhmeannas	8
Bord Náisúnta na hÉireann um Chreidiúnú	10
Rialachas	11
Tosaíochtaí Straitéiseacha	15
Ár gclár á sheachadadh: Ár dtionchar á thomhas	41
Aguisín 1: Sleachta ó Ráitis Airgeadais neamhiniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025	49
Aguisín 2: Imscrúduithe, Fiosrúcháin agus Ionchúisimh	72
Aguisín 3: Cóid Chleachtais agus doiciméid threoracha críochnaithe in 2025	83
Aguisín 4: Tuarascáil Bhliantúil 2025 chuig an Aire maidir le hOibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010	85

Arna foilsiú i ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8.

© Gach ceart ar cosaint.

Tuarascáil Chathaoirleach an Bhoird chuig Alan Dillon, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta



Patricia Byron
Cathaoirleach

A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta do 2025 a thabhairt isteach. De réir mar a chríochnaíonn an tÚdarás an chéad bhliain dár Ráiteas Straitéise 2025 -2027, leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta cheana féin i dtreo na dtorthaí straitéiseacha atá beartaithe againn a bhaint amach.

Le dhá mhí dhéag anuas, d'oibrigh an tÚdarás ar fud a shainorduithe rialála chun ár bhfís a bhaint amach chun saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le fiontair tháirgiúla. Ba dheis don Údarás tús a chur le timthriall straitéise nua trí bliana ár bhfócas a chalabhrú maidir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha nua: Comhlíonadh a Thógáil agus Tacaíocht a thabhairt don Chomhlíonadh; Tionchar a imirt, Oideachas a chur ar fáil agus Comhoibriú a dhéanamh; agus Feabhas Eagraíochtúil.

In 2025, d'éirigh leis an Údarás roinnt príomhthionscnamh straitéiseach a chur chun cinn chun tacú le seachadadh na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo. Áiríodh orthu sin ár gcroí-ardán digiteach a chomhtháthú agus a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear feabhsuithe ar cháilíocht sonraí agus ar phróisis anailíse sonraí; seachadadh spriocdhírthe feachtas forfheidhmithe agus coiscthe ildisciplíneach i réimsí ardriosca; infheistíocht leanúnach inár mbonneagar earcaíochta; agus creat bunaithe ar thorthaí a fhorbairt ar bhonn píolótach chun ár ngníomhaíochtaí oibríochtúla a phleanáil agus a mheas. Leanamar orainn ag cur ár n-acmhainní agus ár ngníomhaíochtaí in oiriúint do spriocghrúpaí, ó fhostóirí móra ilsuímh go hoibrithe leochaileacha agus daoine féinfhostaithe. Tá obair i gcomhar le comhpháirtithe san earnáil phoiblí agus phríobháideach fós ina príomhchumasóir air sin, go háirithe trínár gCoistí Comhairleacha um Shábháilteacht Feirme, Sábháilteacht Tógála agus Sláinte agus Cúram Sóisialta.

Mar sin féin, is cúis mhór bróin dom agus an 61 duine a cailleadh i dteagmhas san ionad oibre le linn 2025 á dtabhairt chun cuimhne agam. Is méadú suntasach é sin ar an 36 duine a fuair bás mar a taifeadadh in 2024. Cé go léiríonn treochtaí fadtéarmacha gur lean meánlíon na ndaoine a fuair bás san ionad oibre mar chion den lucht saothair iomlán ag laghdú, is tragóid as cuimse é gach bás. Is mian liom comhbhrón ó chroí a dhéanamh leis na teaghlaigh, na cairde agus na comhghleacaithe a ndeachthas i bhfeidhm orthu.

Is tosaíocht lárnach do Bhord an Údaráis i gcónaí é tuiscint a fháil ar na básanna agus gortuithe san ionad oibre, machnamh a dhéanamh orthu agus freagairt dóibh. Feicimid treochtaí athfhillteacha maidir le gortuithe marfacha agus neamh-marfacha ar fud earnálacha agus grúpaí éagsúla oibrithe, go háirithe in earnálacha na talmhaíochta agus na tógála agus díríonn ár gclár oibre ar na guaiseacha is tromchúisí agus ar na hionaid oibre ardriosca ina dtarlaíonn formhór na dtimpistí. Slógaimid raon iomlán ár n-acmhainní féin-rialála, cigireachta, comhairleach agus cumarsáide – agus acmhainní ár líonraí, chun seachadadh torthaí dearfacha sláinte agus sábháilteachta ar fud na sochaí a uasmhéadú.

Ó thaobh rialachais de, in 2025 d'fhan an Bord dírithe ar mhaoirseacht, ar bhainistiú riosca, agus ar thacú le treo straitéiseach an Údaráis. Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus don rannpháirtíocht a thairg an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta in 2025, agus táim ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leat sa bhliain amach romhainn.

Mar fhocal scoir, is mian liom mo bhuíochas pearsanta a ghabháil leis an mBord, leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an bhFeidhmeannacht, lenár bhfoireann, agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir as a dtiomantas agus a dtacaíocht i rith 2025.

Patricia Byron

Cathaoirleach

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh chuig Alan Dillon, Aire Stáit ag an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta



Mark Cullen

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis um Shábháilteacht Sláinte do 2025 a chur i láthair, an chéad tuarascáil a cuireadh ar fáil faoinár Ráiteas Straitéise 2025-2027. Tá an bhliain seo caite ar cheann a raibh gníomhaíocht, dul chun cinn agus comhdhlúthú suntasach ar fud an Údaráis. Leanamar orainn ag neartú ár dtionchair rialála agus ag seachadadh torthaí dearfacha do shochaí na hÉireann, agus ag an am céanna ag infheistiú sna daoine, sna córais agus sna struchtúir a sholáthraíonn bunús dár gcuid oibre.

In 2025, chuir an tÚdarás clár cuimsitheach oibre chun cinn ar fud ár sainorduithe rialála go léir. Gné lárnach den ghníomhaíocht sin ba ea clár cigireachta san ionad oibre bunaithe ar riosca a chur ar fáil. I gcaitheamh na bliana, rinneamar 11,834 chigireacht a chuimsigh ár sainorduithe sláinte agus sábháilteachta ceirde, ceimiceáin agus faireachais margaidh.

Bhí ár gclár sábháilteachta agus sláinte ceirde i gcothromaíocht le cigireachtaí, imscrúduithe, agus idirghabhálacha spriocdhírithé, ag díriú ar na hearnálacha ardriosca agus guaiseacha atá ag teacht chun cinn. D'oibríomar chun comhlíonadh a thógáil agus tacú leis ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha go léir, agus ag an am céanna cabhrú le sealbhóirí dualgais tuiscint níos fearr a fháil ar rioscaí agus oibleagáidí. Chuige sin, leanamar orainn ag leathnú na sraithe acmhainní atá ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe. In 2025 thaifead an tÚdarás 24,497 n-úsáideoir nua ar ár n-uirlis BeSMART.ie, agus seachadadh 83,234 chúrsa san iomlán trínár n-ardán ríomhfhoghlama.

Mar sin féin, is ann don fhíric gur chaill 61 duine a saol go tragóideach in eachtraí san ionad oibre in 2025 agus is lom an meabhrúchán é sin ar thábhacht ríthábhachtach ár n-iarrachtaí chun sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a neartú. Tá líon díreireach na mbásanna in earnáil na talmhaíochta, go háirithe i measc feirmeoirí fireanna féinfhostaithe os cionn 60 bliain d'aois, fós ina réimse ar údar imní agus fócais ar leith don Údarás é.

In 2025 sheol ár gCoiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme plean gníomhaíochta a fhéachfaidh le tacú le cultúr sábháilteachta feabhsaithe, feasacht mhéadaithe agus gortuithe agus básanna a laghdú san earnáil talmhaíochta. Léiríodh ár bhfócas ar rannpháirtíocht chomhoibritheach agus ar chumarsáid spriocdhírithé san earnáil seo trí roinnt tionscnamh in 2025, lena n-áirítear ár láithreacht ardphróifíle ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, ár bhfeachtas oibre ar airde, agus ár bhfeachtas sábháilteachta marglann.

Faoinár sainordú ceimiceán, bhí ról lárnach ag an Údarás i gcónaí i gcur chun feidhme rialacháin cheimiceacha Eorpacha na hÉireann in 2025. Baineadh é sin amach trínár rannchuidithe le coistí agus meithleacha na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), chomh maith le tionchar réamhghníomhach a imirt ar bheartas agus ar reachtaíocht trí chomhairle theicniúil agus tacaíocht don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, chun tacú le hathchóiriú, simpliú agus éifeachtacht an bheartais ceimiceán. In 2025, rinne an tÚdarás 1,181 mheasúnú san iomlán ar cheimiceáin agus ar tháirgí tionsclaíocha sa mhargadh.

Lean Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú ag tacú le caighdeáin cháilíochta agus shábháilteachta thar earnálacha éagsúla de gheilleagar na hÉireann in 2025. Tríd ár sainordú creidiúnaithe, leanann an tÚdarás de bheith ag tacú le muinín agus le hiomaíochas tomhaltóirí fiontar na hÉireann trína chinntiú go bhfeidhmíonn saotharlanna, comhlachtaí dá dtugtar fógra, agus soláthraithe deimhniúcháin de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.

Chomh maith lenár sainorduithe rialála a sheachadadh, in 2025 lean an tÚdarás d'infheistíochtaí suntasacha a dhéanamh inár ndaoine, inár n-uirlisí agus inár gcórais. Cuireadh an dara céim dár n-ardán digiteach nua, Córas, i gcrích go rathúil anuraidh.

Táimid ag obair chun na bealaí inar féidir le sealbhóirí dualgais agus baill den phobal idirghníomhú leis an Údarás a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus chun ár bhfreagrachtaí rialála a chomhlíonadh. Táimid ag obair freisin chun cuir chuige faoi threoir sonraí maidir le pleanáil, tuairisciú agus meastóireacht a chumasú agus a leabú.

Tá ár muintir fós lárnach nuair a bhaineann sé leis an rath atá bainte amach againn. Le linn na bliana, leanamar ar aghaidh le clár gníomhach earcaíochta, rud a thug scileanna agus saineolas nua isteach san eagraíocht. Rinneamar infheistíocht freisin i bhforbairt ghairmiúil, i dtionscnaimh cheannaireachta, agus i dtacaíochtaí folláine chun a chinntiú gur féidir le gach ball foirne rath a bhaint amach, agus gur féidir leis an Údarás fanacht mar fhostóir den scoth.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le baill an Bhoird as a dtreoir, a maoirseacht agus a dtacaíocht i rith na bliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don Aire agus don Roinn as a rannpháirtíocht agus a gcomhpháirtíocht leanúnach.

Mar fhocal scoir, is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir. Táim an-bhródúil as an tiomantas, as an ngairmiúlacht agus as an athléimneacht a léirigh baill foirne ar fud an Údaráis in 2025, agus as an méid a chuireann siad go mór lenár bhfís maidir le saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sheachadadh agus cur le fontair tháirgiúla.

Mark Cullen

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Giorrúcháin

ACSH – An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

IECB – Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar

PIU – Próiseáil Iontrála Uathobrithe

ATV – Feithicil Ilraoin

ÚI – Údarás Inniúil

CAB – Comhlacht um Measúnú Comhréireachta

CLH – Aicmiú agus Lipéadú Comhchuibhithe

CLP – Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Substaintí agus Meascán

COMAH – Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí

FGL – Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

CSPAC – Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht sa Tógáil

RTBM – An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

RFTF – An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

ÚNA – Údarás Náisiúnta Ainmnithe

EA – Comhar Eorpach don Chreidiúnú

CTAE – Comórtas Tomhais Anailiseach Eurachem

EA MLA – Comhaontú Iltaobhach Creidiúnaithe Eorpach

CE – An Coimisiún Eorpach

ECHA – An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

GEC – An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

GCC – An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

BSL – Bord Soláthair an Leictreachais

AE – An tAontas Eorpach

EU-OSHA – An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

CCCSF – Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme

FTE – Coibhéis Lánaimseartha

DCS – Dea-Chleachtas Saotharlainne

ÚSS – Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

ICSMS – An Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh

TFC – Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

IE – Éire

BNÉC – Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

INMO – Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann

ISME – Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann

GPL – Gás Peitiriliam Leachtaithe

PÚT – Pleanáil Úsáide Talún

MT – Meabhrán Tuisceana

LNFN – Lárionad Náisiúnta Faisnéise Nimhithe

ECFE – An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

OPDC – Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta

SSC – Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

PCN – Fógraí Lárionaid Nimhniúcháin

PIC – Toiliú Feasach Roimh Ré

POP – Truailleán Orgánach Marthanach

POW – Clár Oibre

TCP – Táirge Cosanta Plandaí

CMR – Coiste um Measúnú Riosca

RCPI – Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann

RCV – Feithicil Bailithe Dramhaíola

REACH – Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán

FFR – Fóram Forfheidhmithe REACH

RiME+ – Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca

UTA – Uimhir Thagartha Aitheantais

RSTB – Bord um Chlaohlú Sábháilteachta ar Bhóithre

BSS – Bileog Sonraí Sábháilteachta

CAS – Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch

SIPTU – Seirbhísí Gairmiúla Tionsclaíocha agus Ceardchumainn

CCSS – Coiste na gCigirí Sinsearach Saothair

RA – An Ríocht Aontaithe

VLO – Oifig Idirchaidrimh Íospartach

WWTP – Plean Cóireála Fuíolluisce

Fís, Sainordú agus Luachanna

Fís

Saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le fiontair tháirgiúla.

Sábháilteacht, sláinte agus leas a bhaineann leis an obair agus úsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí a rialáil, a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn; agus an tseirbhís creidiúnaithe náisiúnta a chur ar fáil.

Sainordú

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil.
- Tionchar a bheith againn ar shábháilteacht, sláinte, agus leas na ndaoine ag an obair agus iad siúd a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn.
- Monarú, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil, agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- Údarás faireachais de réir na reachtaíochta ábhartha ar an margadh aonair Eorpach a dhaingniú.
- Bheith mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

Ár bPRÍOMHluachanna

Comhoibriú:

Is eagraíocht duine-lárnach muid a bhíonn ag éisteacht, ag dul i gcomhairle agus ag comhoibriú le fostaithe, fostóirí, páirtithe leasa agus comhpháirtithe.

Béim ar thorthaí:

Leagaimid béim lenár gcuid oibre go léir ar thorthaí níos fearr a bhaint amach.

Freagrúlacht:

Is eagraíocht forchéimnitheach muid a spreagann feabhsú leanúnach trí nuálaíocht. Bainimid úsáid as sonraí chun bonn eolais a chur faoinár ngníomhartha, agus déanaimid na foghlaimí a mheas agus a chomhroinnt.

Eitic:

Cloímid leis na caighdeáin ghairmiúla, rialachais agus eiticiúla is airde. Tuillimid muinín trí fhreagracht a léiriú agus ár seirbhísí a sheachadadh ar bhealach dian, comhsheasmhach agus cothrom.


Ról

Áirítear ar shainorduithe an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta na freagrachtaí rialála seo a leanas:

- > Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil;
- > Feabhas ar shábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn;
- > Monarú, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn
- > Údarás faireachais de réir na reachtaíochta ábhartha ar an margadh aonair Eorpach a dhaingniú; agus
- > Bheith mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

Ráiteas Straitéise 2025 – 2027

Leagtar amach trí thosaíocht straitéiseacha i *Ráiteas Straitéise 2025-2027* an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta mar atá léirithe thíos:



Bord agus Feidhmeannas

Is é an Bord a chinneann treoir straitéiseach an Údaráis. Tá 12 chomhalta ar an mBord: Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus 10 ngnáthchomhalta arna gceapadh ag an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Ainmníonn eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna fostóirí agus fostaithe seisear den 12 comhalta Boird. Ceaptar comhaltaí den Bhord ar feadh téarma trí bliana ar acmhainn pháirtaimseartha. Is féidir go n-iarrfar ar chomhalta dhá théarma a dhéanamh.

Tá sceideal feidhmeanna reachtúla arna dtarlú ag an mBord chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu	
Ball den Bhord	Dáta ceapacháin
Cathaoirleach	
Patricia Byron	30 Meitheamh 2023
Ainmnithe na bhFostóirí	
Paul Kelly * (Leas-Chathaoirleach)	20 Nollaig 2022
Padraig Somers **	20 Nollaig 2022
Frank Kelly *	20 Nollaig 2022
Ainmnithe na bhfostaithe	
Deirdre MacDonald *	20 Nollaig 2022
David Hughes *	20 Nollaig 2022
Michelle Quinn *	20 Nollaig 2022
Ainmnithe an Aire	
Bríd De Buitléar	11 Lúnasa 2023
Mary Coyne	11 Lúnasa 2023
Ciarán Roche	11 Lúnasa 2023
Terry O’Niadh	30 Meitheamh 2023
Fiona Kilcullen	25 Meán Fómhair 2023

* Chríochnaigh cúigear ball Boird a dtéarmaí i mí na Nollag 2025, agus ceapadh cúigear ball nua ina dhiaidh sin. Ina measc siúd bhí Elaine Bowers, Eamonn Stapleton, Paddy Kavanagh, Katie Morgan agus John Murphy.

** Athcheapadh ball amháin den Bhord don dara téarma i mí na Nollag 2025.

Cathaoirleach



Patricia Byron

Ainmnithe na bhFostóirí



Paul Kelly
Leaschathaoirleach



Padraig Somers



Frank Kelly


Ainmnithe na bhfostaithe



Deirdre MacDonald



David Hughes



Michelle Quinn

Ainmnithe an Aire




Bríd De Buitléar



Mary Coyne



Ciarán Roche



Terry O'Niadh



Fiona Kilcullen

Feidhmeannas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, in éineacht le ceathrar leas-phríomhoifigeach feidhmiúcháin, cur i bhfeidhm na straitéise a bhainistiú de réir freagrachtaí agus beartais reachtúla an Údaráis mar atá leagtha amach ag an mBord.

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí 289 duine fostaithe ag an Údarás (283.2 coibhéis lánaimseartha), lena n-áirítear cigirí, speisialtóirí gairmiúla agus teicniúla, oifigigh chreidiúnaithe, riarthóirí agus foireann chléireachais.

An Príomhfheidhmeannach



Conor O'Brien *

Na Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Mark Cullen **



Yvonne Mullooly



An Dr Kevin
De Barra



An Dr Adrienne Duff

* Bhí Conor O'Brien mar POF go dtí an 11 Meitheamh 2025

** Bhí Mark Cullen mar POF eatramhach agus ceapadh é go foirmiúil mar POF an 17 Deireadh Fómhair 2025

Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Is coiste de chuid an Údaráis é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú. Déanann an Bord um Chreidiúnú cinntí a bhaineann le creidiúnú a bhronnadh, agus tá 12 bhall ceaptha ag Bord an Údaráis.

Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu in 2024	
Ball den Bhord	
Dr Micheál Lehane, Cathaoirleach (go dtí Meán Fómhair 2025)	4 de 5
Rosemary Hayden	7 de 7
Cecilie Laake	5 de 7
John O'Loughlin *	5 de 7
An Dr David Graham	5 de 7
Denise Barry	3 de 7
Paul Scallan	1 de 7
Gail Carroll	6 de 7
Rita Purcell	6 de 7
Barbara O'Leary	6 de 7
Joe Ryan	5 de 7
Folúntas	

*Rinneadh Cathaoirleach de John O'Loughlin ón 1 Deireadh Fómhair 2025

Rialachas

Ceanglais reachtúla a chomhlíonadh

Leanann an tÚdarás de bheith ag oibriú i gcomhréir leis na caighdeáin is airde rialachais chorpáraidigh. Deimhníonn sé sin go bhfuil struchtúir, beartais agus próisis i bhfeidhm chun feidhmeanna reachtúla an Údaráis a chomhlíonadh, agus ag an am céanna deimhnítear leis go bhfuil gach riosca á bhainistiú go héifeachtach agus ceadáítear leis measúnú oibiachtúil ar fheidhmiú bainistíochta agus corparáideach. I rith na bliana, choinnigh an tÚdarás ardleibhéal comhlíontachta le Cód Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Maidir leis an gcreat rialachais níos leithne, lean an tÚdarás de bheith ag feabhsú a chuid próiseas agus ag cloí le hoibleagáidí maidir le nochaí cosanta, saoirse faisnéise, cosaint sonraí, reachtaíocht eitice, i measc oibleagáidí eile.

Eitic in Oifig Phoiblí

Cuireadh na forálacha maidir leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus maidir leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 chun feidhme. Iarrtar ar bhaill an Bhoird agus ar bhaill foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráiteas leasanna bliantúil a chur isteach gach bliain.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Comhlíonann an tÚdarás forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. I gcomhlíonadh Alt 8 den Acht, foilsíonn an tÚdarás Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

In 2025, fuair an tÚdarás 179 n-iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. As na hiarratais sin, deonaíodh 23 acu, deonaíodh 57 i bpáirt, tarraingíodh siar ceithre cinn agus diúltaíodh do 86 acu. Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí 9 gcás fós ar oscailt.

Tuarascáil faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021)

Tá an tÚdarás tiomanta dá dhualgais go léir faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh, arna nuashonrú ag Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Tuairiscíonn Ceannasaí Cumarsáide agus Caidrimh le Custaiméirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar dhualgais an Údaráis faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.

In 2025, ghlac an tÚdarás na céimeanna seo a leanas d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé na hAchtanna:

- ▶ Sa chás go bhfuarthas comhfhreagras leis an Údarás i nGaeilge, eisíodh an freagra i nGaeilge freisin.
- ▶ Cuireadh príomhfhoilseacháin corparáideacha, ar nós *Tuarascáil Bhliantúil 2024* an Údaráis, ar fáil i nGaeilge.
- ▶ Agus é lasmuigh de raon feidhme na nAchtanna, fuarthas comhaontú leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) maidir le hábhar feachtais na nIonad Oibre Sláintiúil a tháirgeadh i nGaeilge mar aon leis an tsraith ábhar atá ann cheana féin i dteangacha na hEorpa.
- ▶ Cuireadh sócmhainní taispeántais agus cumarsáide comhdhála nuashonraithe, ar nós seastáin bhratach, ar fáil i nGaeilge.

Ina theannta sin, in 2025, chomhlíon an tÚdarás an ceanglas faoi Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) d'fhonn a chinntiú go bhfuil ar a laghad 20% den fhógraíocht ar fad i nGaeilge. Chomh maith leis sin, chomhlíon an tÚdarás an dualgas 5% dá bhuiséad fógraíochta bliantúil a leithdháileadh ar na meáin Ghaeilge, mar a shonraítear in Alt 10A(1)(b) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021.

Sainordú um ghníomhú ar son na haeráide a thuairisciú

Tá an tÚdarás tiomanta dá éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus tá roinnt tionscnamh tugtha isteach aige chun tacú le riachtanas an Rialtais go laghdódh gach eagraíocht san earnáil phoiblí a n-úsáid fuinnimh 51% faoi 2030. Tá a spriocanna iomlána éifeachtúlachta carbóin agus fuinnimh bainte amach ag an Údarás go dtí seo, agus leanfaidh sé de bhearta a chur i bhfeidhm chun tuilleadh laghduithe a bhaint amach d'fhonn spriocanna amach anseo a bhaint amach. Tá feabhas 68.3% tagtha ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh ón tréimhse bhunlíne 2016-2018, agus bhí astaíochtaí iomlána dé-ocsaíde carbóin an Údaráis 65.3% faoi bhun na bunlíne. Má choinnítear ár bhfeidhmíocht fuinnimh ar na leibhéil reatha suas go dtí 2030, bainfidh amach an sprioc riachtanach éifeachtúlachta san earnáil phoiblí don Údarás faoi 2030.

Tá *Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025* an Údaráis ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 go 2018

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 go 2018, ní mór faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol a chur ar fáil ach í a iarraidh, faoi réir eisceachtaí áirithe. Cuireann na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol d'obleagáid ar údaráis phoiblí a bheith réamhghníomhach freisin maidir le faisnéis chomhshaoil a scaipeadh ar an bpobal. Comhlíonann an tÚdarás forálacha na Rialachán seo.

In 2025, fuair an tÚdarás 13 iarratas faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. As na hiarratais sin deonaíodh ceann amháin, deonaíodh ceithre cinn i bpáirt, níor tarraingíodh aon cheann díobh siar, agus diúltaíodh ocht gcinn. Amhail an 31 Nollaig 2025, d'fhan cás amháin ar oscailt

Tuarascáil faoi réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, forordaítear POF an Údaráis mar fhaighteoir nochtaí cosanta i ndáil le gach ábhar a bhaineann le reachtaíocht a fhorfheidhmíonn an tÚdarás. Is féidir le hoibrithe ábhartha, mar a shainmhínítear iad leis an Acht, nochtadh inmheánach a dhéanamh a bhaineann leis an Údarás freisin.

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a leagann amach líon na nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus na gníomhartha a rinneadh chun dul i ngleic leo. Ní mór do chomhlachtaí poiblí na sonraí sa tuarascáil a fhoilsiú ar bhealach a chosnaíonn céannacht na nochtóirí.

Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025, fuair POF an Údaráis, i dtaca lena ról mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, 96 tuairisc ar éagóir líomhnaithe a bhain le tríú páirtithe a chuir páirtithe lasmuigh den Údarás isteach. Díobh sin, rinneadh 33 tuairisc ar éagóir go díreach agus tarchuireadh 63 tuairisc ó dhuine forordaithe eile nó ó Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta.

As an 96 dtuairisc ar éagóracha, measadh gur nochtadh cosanta faoi shainchúram an Údaráis é 51 tuairisc raibh gá le tuilleadh obair leantach ina leith. Ina dhiaidh sin, cuireadh naoi gcinn déag de na nochtaí sin faoi bhráid chigirí an Údaráis lena n-imscrúdú agus cuireadh 32 díobh faoi bhráid chigirí an Údaráis le haghaidh cigireachtaí gan fógra roimh ré san ionad oibre. As na nochtaí a fuarthas in 2025, dúnadh 84 díobh agus tá 12 acu fós ar oscailt, bíodh siad faoi imscrúdú nó fós á measúnú.

Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach cosanta in 2025.

I dTábla 1, tugtar miondealú ar na nochtaí cosanta a fuarthas in 2025, ar líon na n-imscrúduithe a osclaíodh mar thoradh ar na nochtaí cosanta, agus ar stádas agus toradh na n-imscrúduithe a tugadh chun críche.

Tábla 1. Tuairiscí ar mhí-iompar a fuarthas in 2025 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014

Tuairiscí ar éagóir a fuarthas in 2025	Uimhir
Tuairiscí a rinneadh go díreach leis an Údarás	33
Tuarascálacha a tarchuireadh chuig an Údarás ó dhuine forordaithe eile, nó ó Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta	63
Nochtadh cosanta a measúnaíodh gur gá obair leantach a dhéanamh ina leith	51
Imscrúduithe a d'oscail an tÚdarás tar éis tuairiscí a fháil in 2025	19
Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an tÚdarás tar éis tuairiscí a fháil in 2025	15
Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an tÚdarás in 2025 tar éis tuairiscí a fháil roimh 2025	7

Mar thoradh ar imscrúduithe agus imeachtaí a sheol an tÚdarás mar gheall ar thuarascálacha a fuarthas agus a tugadh chun críche in 2025, seirbheáladh 18 nOrdú Forfheidhmithe. Ina measc sin bhí 16 Thuarascáil Cigireachta agus dhá Fhógra Feabhsúcháin. Chomh maith leis na 19 n-imscrúdú ar leith, rinneadh cigireachtaí gan fógra i 32 ionad oibre inar ardaíodh ábhar imní ghinearálta maidir le sláinte, sábháilteacht nó folláine i dtuairiscí ar éagóir maidir le nochtadh cosanta.

Tugadh seacht n-imscrúdú a osclaíodh mar thoradh ar nochtadh cosanta a fuarthas in 2024 nó sna blianta roimhe sin, agus a bhí fós ar siúl an 31 Nollaig 2024, chun críche le linn 2025. Bhí imscrúdú amháin a osclaíodh mar thoradh ar nochtadh cosanta a fuarthas roimh 2025 ar siúl amhail an 31 Nollaig 2025.

Riachtanais níos leithne na hearnála poiblí a chomhlíonadh

Mar chomhlacht poiblí, breithnímid go gníomhach conas is féidir linn ár ndualgas a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtaí chun idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn, agus cearta daonna na ndaoine a bhfreastalaímid orthu, chomh maith lenár bhfoireann, a chosaint.

Táimid fós tiomanta dá chinntiú go bhfuil ár mbeartais earcaíochta éifeachtach maidir leis na spriocanna atá leagtha amach sa *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024* a bhaint amach. Leanaimid orainn ag sárú na sprice a leagtar amach i gCuid 5 den Acht um Míchumas 2005, a chuireann oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí riachtanais daoine faoi mhíchumas a mheas agus freagairt dóibh.

Léiríonn ár ndaonáireamh foirne ar líne is déanaí (bliain thagartha 2025) gur daoine faoi mhíchumas iad 6% dár bhfoireann faoin sainmhíniú atá san Acht um Míchumas 2005. Ina theannta sin, d'fhoneo tacú le baill foirne a dteastaíonn cóiríocht réasúnta uathu, rinneadh measúnuithe ar riachtanais agus cuireadh tacaíocht chuí ar fáil de réir mar is gá.

Tugadh isteach an bonn reachtach do thuairisciú na bearna pá idir na hinscní in Éirinn faoin Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hinscní, 2021. Ceanglaítear ar eagraíochtaí a bhfuil os cionn 250 ball foirne acu tuairisciú ar an mbearna pá idir na hinscní in aghaidh na huaire ar raon méadrachta. In 2025, thuairiscigh an tÚdarás meánbhearna phá idir na hinscní de -3.8%. Léirítear leis an luach díúltach sin go dtuillteann mná san Údarás, ar an meán, ráta níos airde in aghaidh na huaire ná fir. Ón toradh sin tugtar léiriú dearfach ar ár n-iarrachtaí leanúnacha chun ionad oibre níos córa agus níos cothroime a thógáil, cé go bhfuil an tÚdarás airdeallach i gcónaí maidir le faireachán a dhéanamh ar struchtúir phá d'fhonn dul chun cinn leanúnach a chinntiú.

An Cód Caiteachais Phoiblí

Faoi thoráil 8.25 den *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, ba cheart do Chathaoirleach gach comhlachta Stáit a dhearbhu sa tuarascáil bhliantúil go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh na ngnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí. Tá an tÚdarás ag comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí. Tá sonraí maidir le rialuithe airgeadais agus forálacha gaolmhara an Údaráis le fáil in Aguisín 1: Sleachta as na Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta.



Tosaíocht Straitéiseach 1:

Comhlíonadh
a Thógáil agus
Tacaíocht a thabhairt
don Chomhlíonadh

COMHLÍONADH
A THÓGÁIL AGUS
TACAÍOCHT A THABHAIRT
DON CHOMHLÍONADH

Tosaíocht Straitéiseach 1:
Comhlíonadh a Thógáil agus Tacaíocht
a thabhairt don Chomhlíonadh

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Na réimsí is mó riosca inar féidir linn an tionchar is mó a imirt a aithint agus béim a leagan orthu,	
Freagairt chuí a thabhairt ar theagmhais shuntasacha san ionad oibre, ar éigeandálaí agus ar ghearáin.	Rinneadh fiosrúchán i gcás gach tionóisc mharfach a tuairiscíodh don Údarás. Rinneadh 131 imscrúdú teagmhais in 2025. D'fhreagair an tÚdarás do thimpistí, teagmhais agus gearáin san ionad oibre trí fhreagairtí imscrúdaithe agus forfheidhmithe tráthúla, comhréireacha. Rinneadh gach teagmhas a tuairiscíodh a thriáiseáil agus a bhainistiú go cuí. Cuireadh freagraí ar fáil do gach glao éigeandála, lena n-áirítear iad siúd lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre. Chuaigh Oifig Idirchaidrimh d'íospartaigh i dteagmháil go forleathan le teaghlaigh agus le híospartaigh teagmhas tromchúiseach san ionad oibre. Is é ról na hOifige Idirchaidrimh d'íospartaigh, a mhéid is féidir, íospartaigh a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn cáis agus faoi dhátaí cúirte ábhartha maidir le haon ionchúiseamh ina dhiaidh sin. Cuireadh 60 cás san iomlán faoi bhráid na hOifige Idirchaidrimh d'íospartaigh in 2025, agus eisíodh níos mó ná 500 cumarsáid chuig íospartaigh agus a n-ionadaithe dlíthiúla.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Clár de thart ar 11,000 cigireacht a sheachadadh faoinár sainchúram sábháilteachta agus sláinte ceirde: - Sábháilteacht Ceirde: Beidh feachtais chigireachta spriocdhírthe ar siúl san fhoirgníocht, i gcairéil, láithreáin déantúsaíochta, saoráidí dramhaíola agus athchúrsála, agus i nduganna agus calafoirt. Ina theannta sin, beidh trí fheachtas cigireachta trasearnála ar na nithe seo a leanas: oibriú feithicle in ionaid oibre; bainistiú guaise i gcás sciorradh, tuisle agus titim; agus rioscaí dóiteáin a bhainistiú in ionaid oibre.	In 2025, rinne an tÚdarás 10,782 chigireacht san iomlán faoina shainchúram sábháilteachta agus sláinte ceirde. Rinne an tÚdarás feachtais náisiúnta cigireachta, forfheidhmithe agus feasachta ar fud roinnt earnálacha. Feachtas geoiteicniúil an Chairéil Rinneadh an feachtas sin ón 12 go dtí an 23 Bealtaine 2025, agus é mar aidhm aige faisnéis a bhailiú maidir le tuiscint an tionscail ar na gnéithe geoiteicniúla de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008 (arna leasú), agus féachaint conas a chuirtear measúnuithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm ar bhonn laethúil. Tugadh cur i láthair ar an gceist do bhaill Chónaidhm Choincréite na hÉireann. Rinneadh 101 chigireacht san iomlán, as ar eascair 101 Tuarascáil Cigireachta, 18 bhFógra Feabhsúcháin agus Fógra Toirmisc amháin. Bhain an chuid is mó de na Fógraí Feabhsúcháin le heaspa nósanna imeachta oibriúcháin agus le heaspa breithmheasanna suímh. Bhain an Fógra Toirmisc amháin le heaspa cosanta. Feachtas réamhstrusála/réamhtheilgte Rinneadh an feachtas sin ón 29 Meán Fómhair go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2025. Ba é cuspóir an fheachtais féachaint cé acu an raibh saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu i bhfeachtais roimhe seo in 2016 agus 2021 fós ina n-ábhar imní. Tugadh cur i láthair ar an gceist do bhaill Chónaidhm Choincréite na hÉireann. Rinneadh cigireacht ar 56 háit oibre san iomlán, agus bhí idir oibríochtaí réamhstrusta agus réamhtheilgte ag cuid acu. Seirbheáladh seacht bhFógra Feabhsúcháin agus dhá Fhógra Toirmisc. Cé go raibh comhlíonadh maith ann i go leor réimsí, tháinig cuid de na saincheisteanna céanna a tháinig chun cinn i bhfeachtas 2021 chun cinn arís in 2025, go háirithe tástáil neamhscriosach. Oibriú miotail Rinneadh an feachtas seo idir an 1 Meitheamh agus an 31 Deireadh Fómhair 2025. Ba é seo an chéad uair a rinneadh feachtas sa tionscal seo agus dhírigh sé ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta ceirde araon. Tugadh cur i láthair do bhaill Ghabháiltais Chruach na hÉireann Teo. Rinneadh 134 iniúchadh san iomlán, agus mar thoradh air sin rinneadh 122 Thuarascáil Cigireachta agus 13 Fhógra Feabhsúcháin. Ba iad na príomhcheisteanna a leagadh béim orthu ná comhghlasanna seach-chonaire, nósanna imeachta cothabhála, agus easpa measúnuithe riosca chun táirge a iompar, a luchtú agus a stóráil. Feachtais duganna agus calafort Reáchtáladh 78 gcigireacht san iomlán i ndugaí agus i gcalafoirt timpeall na tíre le linn dhá fheachtas i mí na Bealtaine/mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair 2025. I measc na bpríomhréimsí fócais bhí bainistiú tráchta, srianta luais i gcalafoirt, measúnú riosca le haghaidh gníomhaíochtaí oibre éagsúla, cosaint ar thitim, saincheisteanna maidir le húsáid agus cothabháil feithiclí, agus socruithe práinnfhreagartha. Feachtas ar chrua-earraí agus siopaí soláthair foirgneamh Rinneadh 93 chigireacht san iomlán ar shiopaí soláthair crua-earraí agus tógála idir mí Eanáir agus mí Mheán Fómhair 2025. Chomh maith le díriú ar chórais ghinearálta bainistíochta sábháilteachta, dhírigh cigirí ar sheachadtaí custaiméirí, úsáid trucaílí tionsclaíocha le haghaidh luchtú agus díluchtú, agus úsáid córas racála. Chuir an feachtas fianaise ar fáil nach raibh go leor siopaí ag déanamh measúnú riosca ar ghníomhaíochtaí oibre, agus nach raibh deighilt feithiclí agus coisithe á mbainistiú go leordhóthanach acu, ná cothabháil leordhóthanach á déanamh ar a gcórais racála. Bhí torthaí níos dearfaí ann maidir le húsáid trucaílí tionsclaíocha, sa mhéid is gur cuireadh oiliúint ar 95% de na hoibreoirí agus go raibh áiseanna cúnta iomchuí i bhfeidhm ag 85% de na trucaílí chun ionramháil shábháilte a éascú. Bhí torthaí dearfacha ann freisin maidir le hinfhaighteacht agus úsáid trealamh chosanta phearsanta ard-infheictheachta (TCP) sa mhéid is gur chaith 90% d'áitribh TCP ard-infheictheachta le linn seachadtaí.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
	Foirgníocht Rinneadh trí fheachtas in 2025, ag díriú ar chosaint ultraivialaite (UV), deannach silice agus ag obair ar airde. Bhí feachtas cosanta ultraivialaite (UV) ar siúl ó mhí na Bealtaine go mí Mheán Fómhair 2025 don tríú bliain as a chéile. Rinneadh 679 gcigireacht san iomlán ar fud na hearnála tógála. Ar 86% de na cigireachtaí, bhí bearta cosanta gréine i bhfeidhm. Sa chás nach raibh bearta cosanta gréine á gcur chun feidhme, rinneadh gníomh forfheidhmiúcháin trí chomhairle i scríbhinn agus ó bhéal. Bhí feachtas deannaigh shilice ar siúl ón 6 Meitheamh go dtí an 29 Lúnasa 2025. Rinneadh 570 cigireacht san iomlán inar aithníodh deannach shilice mar ghuais ar an láthair. Bhí 93% d'fhostóirí san iomlán ar an eolas faoi dheannach shilice mar ghuais sláinte, agus bhí measúnú riosca shilice curtha i gcrích ag 51% de na cigireachtaí. D'athraigh bearta rialaithe deannaigh ar an láthair ó aon cheann (9%) go heastóscadh ar an uirlis (37%), sochtadh uisce (69%), agus trealamh cosanta riospráide (81%). Ní raibh trealamh cosanta riospráide ar fáil in 11% de na cigireachtaí agus cuireadh mascanna FFP3 ar fáil agus feistíodh don aghaidh iad i 10% de na cigireachtaí, ach bhí mascanna indiúscartha FFP3 ar fáil i 79% de na cigireachtaí. Ní raibh ach 27% de na maisc aghaidhoiriúnacha déanta á dtástáil de réir iad a bheith aghaidhoiriúnach. Scuabadh le scuab den chuid is mó a bhí sna hoibríochtaí glantacháin ar an láthair (83%), rud a ghineann deannach; bhí úsáid folúsghlantóirí tionsclaíocha teoranta (11%). Níor tugadh faireachas sláinte chun críche i 9% de na cigireachtaí. Tarraingíodh aird ar an bhfeachtas ar fud na meán náisiúnta. Tá cúrsa ríomhfhoghlama ar dheannach shilice á fhorbairt faoi láthair. Rinne an tÚdarás feachtas uile-oileánda maidir leis an obair ar airde ón 6 Deireadh Fómhair go dtí an 7 Samhain 2025, i gcomhar le Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann (HSENI), Cónaidhm an Tionscail Foirgníochta (CIF), Díobhálacha Dromlaigh Éireann, agus ceannairí tionscail eile. Rinneadh 549 iniúchadh san iomlán. Aithníodh obair ar airde mar ghuais i 458 de na cigireachtaí sin. Rinneadh formhór na gcigireachtaí ar láithreáin tógála (355), rinneadh 12 acu ar láithreáin tógála ar fheirmeacha, agus rinneadh 91 chigireacht ar fheirmeacha. Aithníodh obair dín agus obair ar scafall mar an obair is coitianta ag gníomhaíocht ar airde. I measc na saincheisteanna a aithníodh le scafall bhí easpa Foirm Chigireachta GA 3 agus easpa duine inniúil ag a raibh cárta cuí de chuid na Scéime Deimhniúcháin Scileanna Foirgníochta a chuir an scafall in airde. Bhí an easpa oibre leordhóthanaí ag measúnú riosca ar airde le feiceáil i 27% de na cigireachtaí. Rinneadh ardleibhéal gníomhaíochta forfheidhmiúcháin le linn an fheachtais. An earnáil phoiblí Críochnaíodh clár spriocdhírithe cigireachtaí in 2025, lena n-áirítear i Seirbhís Phríosúin na hÉireann, An Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, seirbhísí dóiteáin, agus údaráis áitiúla, agus díríodh ar na príomhchúiseanna díobhála. Tiomáint le haghaidh na hoibre Reáchtáladh 218 gcigireacht san iomlán a dhírigh ar thiomáint don obair in 2025 mar chuid d'fheachtas forfheidhmithe agus feasachta comhoibríoch. Dramhaíl Tar éis an fheachtais cigireachta ar fheithiclí bailithe bruscair agus na bileoige faisnéise a foilsíodh in 2024, reáchtáladh feachtas cigireachta eile in 2025. Mar chuid d'fheachtas 2025, cuireadh cosc ar úsáid clár coise ar 47 bhfeithicil bailithe bruscair san iomlán. Ceanglaíodh ar shealbhóirí dualgais cláir coise a iniúchadh agus deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh, lena n-áirítear deisiúcháin a bhaineann le feistí sábháilteachta lochtacha, chun a chinntiú go gcomhlíontar I.S. EN 1501-1. Ina theannta sin, eisíodh naoi bhFógra Feabhsúcháin chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh. Gás peitiriliam leachtaithe Dhírigh an clár cigireachta náisiúnta ar ghás peitiriliam leachtaithe (GPL) in 2025 ar shuiteálacha GPL neamh-intíre laistigh de na hearnálacha cóiríochta, oideachais, bia, dí agus miondíola. Sainaithníodh sna cigireachtaí roinnt neamhchomhlíontachtaí athfhillteacha, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le suíomh agus slándáil suiteálacha stórála GPL, agus fásra agus ábhair indóite a bheith ann maidir le suiteálacha bulc-umar agus sorcóirí. Fuarthas tuilleadh neamhchomhlíontachtaí maidir le hiniúchadh, tástáil agus cothabháil píobaire, feisteas agus fearas GPL, chomh maith le heasnaimh in ullmhacht éigeandála. Ag naoi láithreán, fuarthas amach go raibh riosca láithreach ag baint le riocht na suiteála GPL. Sna cásanna sin, eisíodh Fógraí Toirmisc, lena gceanglaítear go gcuirfí deireadh láithreach le húsáid GPL go dtí go ndéanfaí na suiteálacha sin sábháilte.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Clár de thart ar 11,000 cigireacht a sheachadadh faoinár sainchúram sábháilteachta agus sláinte ceirde: – Sláinte cheirde: Beidh feachtais chigireachta spriocdhírthe ar siúl san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta agus in earnáil na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na hiascaireachta, ag díriú ar na réimsí is airde riosca. Ina theannta sin, déanfaimid cigireachtaí ina ndíreofar ar bhainistiú guaiseacha agus rioscaí a bhaineann le gníomhaithe ceimiceacha, fisiceacha, bitheolaíocha agus eirgeanamaíocht. Díreofar go háirithe ar neamhoird mhatánchnámharlaigh a bhaineann leis an obair, ar ailsí ceirde, ar shláinte shíceasóisialta ag an obair, ar fhaireachas sláinte agus ar shláinte chardashoithíoch.	In 2025, thug an tÚdarás faoi 628 gcigireacht agus n-imscrúdú san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta. Dhírigh na cigireachtaí agus na himscrúduithe sin ar rioscaí, lena n-áirítear láimhsiú sábháilte agus láimhsiú othar; foréigean agus ionsaí a bhaineann leis an obair; sciorthaí, tuislí agus titimí; gníomhaithe bitheolaíochta; agus earraí géara. Tugadh faoi chigireachtaí ar fud na hearnála sláinte agus cúraim shóisialta agus áiríodh leo seirbhísí poiblí agus príobháideacha; ospidéal ghéarmhíochaine, lena n-áirítear ranna éigeandála; seirbhísí meabhairshláinte pobail; agus cúram cónaithe agus tithe altranais. Thug an tÚdarás faoi chigireachtaí sláinte agus sláinteachais cheirde, lena n-áirítear fócas ar bhainistiú guaiseacha, oibreáin cheimiceacha lena n-áirítear aispeist; oibreáin fhisiceacha lena n-áirítear torann agus creathadh; gníomhaithe bitheolaíochta; eirgeanamaíocht; agus guaiseacha síceasóisialta. Tugadh faoi chigireachtaí ar fud raon leathan earnálacha ábhartha, lena n-áirítear foirgníocht, iompar, miondíol, déantúsaíocht, fáilteachas, agus mianaigh agus cairéil. Bhí roinnt feachtas discréideach ann ag díriú ar sprioc-earnálacha ar fud ilghuaiseacha sláinte ceirde, lena n-áirítear clinicí léasair cosmaideacha, stiúideonna tatú, saotharlanna, áiseanna oideachais, eagraíochtaí seirbhísí airgeadais, agus asraonta fáilteachais. Díríodh go háirithe freisin ar neamhoird mhatánchnámharlaigh a bhaineann leis an obair i roinnt earnálacha, lena n-áirítear i ndéantúsaíocht, iompar agus stóráil, agus cúram sláinte agus sóisialta. Tugadh aghaidh ar ailsí ceirde trí fheachtais spriocdhírthe, lena n-áirítear feachtas cosanta UV a bhí dírithe ar oibríthe lasmuigh, feachtas cosanta aispeiste, feachtas cosanta gníomhairí ceimiceacha, agus feachtas a bhí dírithe ar ghuaiseacha próiseasghinte amhail múch ó tháthú miotail agus deannach sílice. Tugadh aghaidh ar ghuaiseacha síceasóisialta tiomnaithe, lena n-áirítear foréigean a bhaineann leis an obair, ionsaí agus bulaíocht san ionad oibre, trí ghníomhaíocht cigireachta speisialaithe, agus tugadh seicliostaí nua isteach chun díriú níos fearr ar na hábhair seo. Tugadh aghaidh ar fhaireachas sláinte agus ar shláinte chardashoithíoch sna hearnálacha seo a leanas: miondíol, déantúsaíocht, iompar, tógáil, agus cúram sláinte agus sóisialta. Thug an tÚdarás faoi 1,243 chigireacht agus imscrúdú in earnáil na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na hiascaireachta, a chuimsigh roinnt feachtas cigireachta ar leith, lena n-áirítear: ▶ feachtas beostoic, ▶ feithiclí agus innealra ardriosca, ▶ obair ar airde, ▶ feachtas earnála foraoiseachta, ▶ feachtas earnála iascaireachta, ▶ feachtas sláinte agus folláine feirmeoirí, agus ▶ feachtas cigireachta ar mharglanna beostoic. Thacaigh preaseisiúint agus postálacha sna meáin shóisialta le gach ceann de na feachtais, rud a d'fhág aird agus feachtas shuntasach sna meáin.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Na bearta leantacha forfheidhmithe riachtanacha a chur chun feidhm chun an tionchar a bhíonn ag drochchleachtais sábháilteachta agus sláinte ceirde a laghdú agus caighdeán a ardú. Déanfaimid obair leantach de réir mar is gá chun torthaí na n-idirghabhálacha roimhe seo a fhíorú.	Rinne an tÚdarás 11,968 gcigireacht agus imscrúdú in 2025. Ag eascairt as sin, tharla na hidirghabhálacha breise seo a leanas: ▶ Eisíodh 416 Fhógra nó treoir Feabhsúcháin san iomlán. ▶ Eisíodh 417 bhFógra Toirmisc san iomlán. ▶ Cuireadh comhairle i scríbhinn ar fáil ar 9,531 ócáid. Ba í an tógáil an earnáil ba ghnóthaí ar an gcaoi sin, nó rinneadh 2,845 chigireacht agus imscrúdú, 55 Fhógra nó treoir Feabhsúcháin, 286 Fhógra Toirmisc agus 2,248 chomhairle scríofa. B'ionann an earnáil miondíola, mórdhíola agus trádála/deisiúcháin mótarfheithiclí agus gluaisrothar agus an dara earnáil ba ghnóthaí ar an gcaoi ar bhonn carnach, nó rinneadh 1,548 n-iniúchadh agus imscrúdú, 68 bhFógra/dtreoir Feabhsúcháin, 19 bhFógra Toirmisc agus 1,306 chomhairle scríofa. Thaifead earnáil na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na hiascaireachta 1,243 chigireacht agus imscrúdú, 27 bhFógra Feabhsúcháin, 8 bhFógra Toirmisc agus 559 gcomhairle scríofa. Tá miondealú iomlán earnála ar shonraí cigireachta, imscrúdaithe agus idirghabhála do 2025 le fáil in Aguisín 2 den tuarascáil seo.
Comhoibriú, de réir mar is cuí, le húdaráis fhorfheidhmiúcháin eile agus le comhlachtaí stáit lena chinntiú go bhfuil ár n-imscrúduithe éifeachtach agus éifeachtúil.	Chomhoibrigh an tÚdarás go gníomhach le roinnt údarás forfheidhmiúcháin ábhartha agus comhlachtaí Stáit lena chinntiú go ndearnadh imscrúduithe go héifeachtach agus go héifeachtúil d'fhonn torthaí rialála éifeachtacha a bhaint amach. Ar na samplaí a bhí ann in 2025 cuimsítear an méid seo a leanas: ▶ Tionóladh cruinniú débhlantúil leis an HSENI d'fhonn cineálacha cur chuige rialála a ailíniú d'earnáil na dramhaíola ar fud Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann. ▶ Tionóladh dhá chruinniú de Choiste na dTionscal Eastóscach Trasteorann leis an HSENI d'fhonn tionscnaimh agus réimsí leanúnacha agus nua ar údar imní iad sa tionscal mianadóireachta, cairéalachta agus déantúsaíochta gaolmhara a phlé. ▶ D'oibrigh an tÚdarás le SOLAS maidir le cúrsaí Scéim Deimhniúcháin Scileanna Tógála SOLAS a athbhreithniú. Mar thoradh air sin tá feabhsuithe suntasacha tagtha ar inniúlacht oibreoirí gléasra atá ag obair ar láithreáin. ▶ Chuir an tÚdarás comhairle theicniúil ar fáil do chliaint maidir le mórtionscadail bhonneagair rialtais.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Leanúint ar aghaidh ag aithint guaiseacha a mbíonn riosca mar thoradh orthu agus a dteastaíonn feabhsuithe agus uasghráduithe uathu.	Shainaithin an tÚdarás guaiseacha san ionad oibre go réamhghníomhach trí chigireacht spriocdhírthe agus idirghabhálacha faisnéisbhunaithe, ag déanamh gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhaingniú agus feabhsuithe riachtanacha a rinne anochtadh ar riosca a mhaolú agus lenar feabhsaíodh comhlíonadh le caighdeáin sábháilteachta reachtúla. I measc samplaí d'idirghabhálacha spriocdhírthe atá bunaithe ar ghuais in 2025 bhí: ▶ ag díriú ar airde fáinne díola ag marglanna beostoic, ▶ scrúdú a dhéanamh ar rioscaí sláinte ceirde a bhaineann le lárionaid sonraí, ▶ Bainistiú riosca do mhodhnóirí inneachair atá nasctha le nochtadh d'ábhar íogair, ▶ Ag díriú ar láimhseáil láimhe agus othar i gcúram cónaithe, lena n-áirítear i dtithe altranais, agus ▶ torann agus creathadh a thástáil in ionaid oibre gearrtha cloiche. Faoi shainordú údarás inniúil Ceimiceán an Údaráis chun substaintí agus meascáin a Aicmiú, a Lipéadú agus a Phacáistiú, d'úsáid muid ár saineolas chun na substaintí ceimiceacha guaiseacha seo a leanas a rialáil: ▶ N,N'-(methylenedi-p-phenylene)bis(aziridine-1-carboxamide: Rinneamar measúnú ar shainchomhad teicniúil agus chuireamar faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) inar moladh an tsubstaint seo a aicmiú mar shubstaint lena mbaineann údar imní do shláinte an duine (carcanaigin, só-ghineach gaiméite, tocsain atáirgthe, agus íogró craicinn). Tá an togra comhchuibhithe maidir le haicmiú sceidealaithe anois le comhaontú ag Coiste um Measúnú Riosca ECHA. ▶ 3,3'-[methylenebis(oxymethylene)]bisheptane: Tháingamar ar an tuairim go bhfuil gá le togra chun aicmiú na substainte seo mar ghuais tocsaineachta atáirgthe a chomhchuibhiú. ▶ O-isopropyl ethylthiocarbamate: Chomhaontaigh Coiste um Measúnú Riosca ECHA ár sainchomhad teicniúil chun an tsubstaint seo a aicmiú le haghaidh éifeachtaí forbartha atáirgthe agus le haghaidh éifeachtaí comhshaoil. Faoinár sainordú údarás inniúil maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), d'úsáid muid ár saineolas chun an tsubstaint seo a leanas a mheas: ▶ 3,3'-[methylenebis(oxymethylene)]bisheptane Rinneadh é sin a mheas leis an bPortaingéil mar thionscadal comhpháirteach meastóireachta substaintí, agus an tÚdarás ag gníomhú mar phríomhmheastóir ar éifeachtaí sláinte agus an Phortaingéil ag gníomhú mar phríomhmheastóir ar ábhair imní comhshaoil. Tar éis an mheastóireacht a chur i gcrích, tháinig Coiste Ballstáit ECHA ar chomhaontú d'aon toil maidir leis na dréachtchinní a mholtar maidir leis an gcomhshaoil. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil gá le togra chun aicmiú na substainte mar ghuais tocsaineachta atáirgthe a chomhchuibhiú. Áiritheofar an méid a leanas leis na hidirghabhálacha sin: ▶ go sainaithnítear na guaiseacha a bhaineann leis na substaintí ceimiceacha sin go hiomchuí; ▶ go gceanglaítear oibleagáidí comhchuibhithe maidir le haicmiú agus lipéadú; ▶ go bhfuil cumarsáid chomhsheasmhach i leith guaise ar lipéadú agus i mbileoga sonraí sábháilteachta; agus ▶ nuair a cheanglaítear amhlaidh de réir iarscríbhinní REACH, tá úsáid na substaintí ceimiceacha sin teoranta d'úsáideoirí gairmiúla agus tionsclaíoch amháin agus go gcosnaítear sláinte shaoránaigh na hÉireann agus na hEorpa agus an comhshaoil ina bhfuil cónaí orthu.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Úsáid a bhaint as raon iomlán na n-idirghabhálacha atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha. I measc na dtionscadal ar leith a bhainfidh leas as an gcur chuige seo in 2025 tá: - Suíteáil sábháilte painéal gréine baile - Feabhas a chur ar cháilíocht an aeir laistigh in ionaid oibre - Rialú maidir le húsáid shábháilte pipearóinil, an tacsain atáirgte.	In 2025, chuir an tÚdarás dearadh agus forbairt cur chuige bunaithe ar thorthaí chun cinn maidir lena ghníomhaíochtaí rialála agus forfheidhmithe. Cuireadh tús leis an gcur chuige sin trí thionscadail phíolótacha a sainathnóidh ar fud a shainorduithe sábháilteachta agus sláinte ceirde (OSH), Ceimiceáin agus Faireachas Margaidh. Faoi thionscadal chun tacú le suiteáil shábháilte na ngrianphainéal tís, cuireadh babhta tosaigh de chigireachtaí láithreáin suiteálaí i gcrích in 2025, agus tháinig roinnt gníomhartha forfheidhmithe sraithe chun cinn. Cuireadh tús le hidirchaidreamh le páirtithe leasmhara tionscail agus le grúpaí ionadaíocha araon in 2025, le dréacht-threoir tionscail agus teimpléad measúnaithe riosca agus ráiteas modha a fhorbairt do ghnólachtaí beaga atá le críochnú in 2026. Rinneadh dul chun cinn freisin in 2025 ar phleanáil d'fheachtas cumarsáide earnála saincheaptha, bunaithe ar an dréacht-treoir. Foilseofar treoir inmheánach do chigirí, atá ailínithe le treoir tionscail, in 2026 d'fhonn tacú le feachtas cigireachta leantach a dhéanfaidh measúnú ar threochtaí comhlíonta. Cuireadh an chéad chéim de thionscadal trí bliana chun aghaidh a thabhairt ar cháilíocht aeir laistigh i gcrích in 2025. Is é aidhm an tionscadail sin é tacú le torthaí sláinte fadtéarmacha trí chur chuige rialála comhréireach ar fud cigireachta, forfheidhmithe, treorach agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara. Áiríodh i gcéim tosaigh an tionscadail sin sonraí maidir le comhlíonadh tagarmhairc a bhunú ar fud roinnt earnálacha, rannpháirtíocht agus for-rochtain páirtithe leasmhara, agus acmhainní nua a fhorbairt, mar aon le hearnáil fócais a shainathint le haghaidh tuilleadh idirghabhálacha saincheaptha in 2026.
Measúnú a dhéanamh ar ár bpróisis rialála lena chinntiú go dtugaimid aghaidh ar ghníomhaíochtaí ardriosca ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus comhréireach. Go sonrach, déanfaimid iniúchadh ar chur chuige, ina nglacann foireann an phríomhfhreagracht as maoirseacht agus cigireacht a dhéanamh ar fhóistoirí móra il-láithreacha. Beidh sé mar aidhm sa chur chuige seo próisis rialála a shruthlíniú, forfheidhmiú comhsheasmhach na gcaighdeán a chinntiú ar fud gach láithreáin atá faoi chúram fóistoirí, agus cur ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla in áit lárnach.	Fóistoirí ilshuímh Sa chás go bhfeidhmíonn eagraíochtaí ar fud iliomad suíomhanna, is minic a bhíonn beartais láraithe, nósanna imeachta caighdeánaithe, agus córais oiliúna agus tuairiscithe chomhroinnte acu. D'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú, tá an tÚdarás ag laghdú líon na gcigireachtaí ar láithreáin aonair trí idirghabhálacha áitiúla spriocdhírthe a dhéanamh, agus athbhreithniú ar an leibhéal lárnach ina dhiaidh sin. Leis an gcur chuige sin seachnaítear cigireachtaí comhchosúla a dhúbailt ar fud iliomad áiteanna agus tugann sé deis do chigirí acmhainní a dhíriú i gcás inar dóichí go mbeidh neamhchomhlíonadh ann, agus úsáid níos fearr á baint as am na gcigirí. Forbrófar an cur chuige sin maidir le cigireachtaí a phleanáil agus a bhainistiú tuilleadh in 2026. San earnáil sláinte agus cúraim shóisialta in 2025, ghlac an tÚdarás samhail iniúchta straitéisigh shaincheaptha do sholáthraithe móra ilshuímh cúraim chónaithe agus tithe altranaís a bhfuil próifíl riosca ardaithe acu. D'aistrigh rannpháirtíocht straitéiseach le ceannaireacht shinsearach fócas ó shuíomhanna seirbhíse aonair go leibhéal seirbhíse ar fud na heagraíochta. Leis sin cumasaíodh rannpháirtíocht níos láidre, cuntasacht níos soiléire agus feabhsuithe comhsheasmhacha ar fud phunann iomlán seirbhísí an tsoláthraí. Úsáideadh an tsamhail seo freisin chun díriú ar ghuaiseacha síceasóisialta san earnáil mhiondíola agus iompair, go háirithe i dtaca le foréigean agus ionsaí a bhaineann leis an obair a bhainistiú.
Clár 900 cigireacht cheimiceach a sheachadadh atá dírithe ar ghníomhaíochtaí ceimiceacha ardriosca.	Rinne an tÚdarás 1,052 chigireacht san iomlán faoina shainordú Ceimiceáin in 2025, ag díriú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le ceimiceáin ardriosca i ngeilleagar na hÉireann.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Measúnú a dhéanamh ar tháirgí tionsclaíocha agus ar tháirgí ceimiceacha. Clár seiceálacha comhlíonta a dhéanamh ar tháirgí a dhíoltar ar líne mar chuid d'fheachtas forfheidhmithe ar fud an Aontais Eorpaigh (AE) in 2025. Is éard a bheidh i gceist leis sin ná cigireacht a dhéanamh ar mhargadh na hÉireann le haghaidh táirgí ardriosca neamhchomhlíontacha atá marcáilte ag córais fógra faireachais margaidh an Aontais Eorpaigh.	Rinneadh measúnú ar 426 tháirge thionsclaíocha agus 755 tháirge cheimiceacha in 2025. Dhírigh na táirgí tionsclaíocha a ndearnadh measúnú orthu ar innealra, ar threalamh brú iniompartha, ar TCP, ar ardaitheoirí, ar fhearais gháis agus ar threalamh brú. Rinneadh obair leantach ar 187 bhfoláireamh um Gheata Sábháilteachta an Aontais Eorpaigh chun a fháil amach an raibh na táirgí tionsclaíocha ardriosca seo ar tugadh fógra ina leith i láthair ar mhargadh na hÉireann. D'fhoilsigh an tÚdarás cúig fholáireamh sábháilteachta ar a shuíomh gréasáin, ag tarraingt airde ar ábhair imní shonracha i dtaca le táirgí tionsclaíocha neamhchomhlíontacha ar mhargadh na hÉireann. Rinneadh measúnuithe táirgí ceimiceacha ar fud táirgí gairmiúla agus tomhaltóirí araon. Rinneadh obair leantach ar 463 fholáireamh um Gheata Sábháilteachta an Aontais Eorpaigh chun a fháil amach an raibh na táirgí ceimiceacha ardriosca sin ar tugadh fógra ina leith ar mhargadh na hÉireann. Ghlac an tÚdarás páirt sa tionscadal Fóram Forfheidhmithe REACH (REF)-13 arna chomhordú ag an Eoraip maidir le táirgí ceimiceacha a dhíoltar ar líne a fhorfheidhmiú. Tugadh faoi thart ar 144 sheiceáil ar líne, agus fuarthas amach go raibh 32 sheiceáil comhlíontach agus fuarthas amach go raibh 112 neamhchomhlíontach leis na seiceálacha rialála ábhartha. I gcás inar breathnaíodh ar neamhchomhlíonadh, tugadh faoi ghníomhaíocht iomchuí forfheidhmiúcháin. Cuireadh na torthaí agus na sonraí isteach mar chuid de thionscadal an Aontais Eorpaigh agus tá measúnú á dhéanamh ag Grúpa Oibre REF -13 an Aontais. Táthar ag súil go dtabharfar na torthaí chun críche in 2026.
Tuarascálacha sábháilteachta a mheas, modhnuithe suntasacha a mheas agus comhairle pleanála úsáide talún a chur ar fáil do bhunaíochtaí a thagann faoi na Rialacháin um Ghuaiseacha Mórtionóiscí a Rialú.	Rinneadh deich dtuarascáil sábháilteachta láithreáin um Ghuaiseacha Mórtionóiscí a Rialú (COMAH) agus rinneadh 10 modhnú suntasacha ar an láithreán a cuireadh faoi bhráid an Údaráis a mheas faoina shainordú COMAH in 2025. Ullmhaíodh 331 iarratas san iomlán ar chomhairle pleanála úsáide talún ó údaráis phleanála in 2025.
Rialáil a dhéanamh chun an pipearóinil tocsain atáirgthe a úsáid go sábháilte trína áirithiú go mbainfear comhaontú amach san Eoraip chun measúnú agus togra an Údaráis chun pípéaróinil a aicmiú ar fud an Aontais a áireamh in larscríbhinn VI den Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú mar thocsain atáirgthe agus anailís rogha bainistíochta riosca an Aontais Eorpaigh a mheas agus a thíolacadh lena gcinnfear cad iad na bearta rialála breise, más ann dóibh, a theastaíonn chun oibrithe agus tomhaltóirí a chosaint.	In 2025, chomhaontaigh Coiste um Measúnú Riosca ECHA togra an Údaráis chun pipearóinil a aicmiú agus tá sé sceidealaithe anois lena chur san áireamh in larscríbhinn VI de Rialachán an Aontais maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú.
Measúnú a dhéanamh ar na caighdeáin agus na nósanna imeachta sábháilteachta a bhaineann le tancanna a théamh chun ceimiceáin ghuaiseacha a iompar chun cosc a chur ar an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais a bhaineann leis an ró-bhrúcháirí.	Rinneadh feachtas sábháilteachta tosaigh ag naoi láithreán stáisiúin téimh umar, agus is éard a bhí i gceithre cinn acu sin ná umair ina raibh Earraí Contúirteacha Aicme 3. Tá torthaí agus moltaí agus gníomhartha leantacha sceidealaithe do 2026 d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann caighdeáin sábháilteachta le dea-chleachtais agus go bhfuil siad comhsheasmhach ar fud na láithreán.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Mar chuid den Straitéis um Chreidiúnú, cur le líon na gComhlachtaí um Measúnú Comhréireachta creidiúnaithe in Éirinn chun freastal ar éileamh agus tacú le tionscal na hÉireann.	In 2025, bhronn Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú 14 chreidiúnú nua. Áiríodh orthu sin trí chreidiúnú a bronnadh ar thástáil agus ceann amháin ar chalabhrú ISO/IEC 17025; creidiúnú tástála leighis amháin ar ISO 15189 agus creidiúnú comhlacht cigireachta amháin ar ISO/IEC 17020:2012; agus creidiúnú comhlacht deimhniúcháin aon chóras bainistíochta amháin go ISO 17021-1:2015. Bhronn Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú a chéad chreidiúnú ar shaoráid bhithbhaincéireachta (ISO 20387) freisin. In 2025, fuarthas 16 iarratas ar chreidiúnuithe nua. Áiríodh sna hiarratais nua ocht n-iarratas ar thástáil ISO/IEC 17025; dhá cheann le haghaidh calabhrú ISO/IEC 17025; ceann amháin le haghaidh ISO/IEC 17020; dhá cheann le haghaidh ISO 17021-1; ceann amháin le haghaidh ISO/IEC 17024; agus dhá cheann le haghaidh ISO/IEC 17065. Tá sé beartaithe freisin iarratas a dhéanamh chun dul isteach i gComhaontú Iltaobhach creidiúnaithe Eorpaigh le haghaidh ISO/IEC 17029 in 2026. Cuireadh an t-ullmhúchán chuige sin i gcrích in 2025. Tosaíocht de straitéis 2022 -2026 Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú is ea líon na n-iarratas ar chreidiúnú a mhéadú, fórluach agus rochtain fheabhsaithe do chliaint a chur leis. Ar cheann de chuspóirí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú tá deiseanna do thuilleadh scéimeanna creidiúnaithe agus éileamh sa todhchaí a aithint, ag baint leas as torthaí ó anailís éilimh, cleachtaí maidir le scanadh ionchais agus tionscadail taighde. Tá sé seo ar siúl i gcónaí agus déanfar tuilleadh dul chun cinn air i rith 2026.
Tacaíocht a thabhairt maidir le comhlíonadh agus é á fhorfheidhmiú nuair is gá	
An Cód Cleachtais nuashonraithe maidir le húsáid shábháilte trucaílí tionsclaíocha in ionaid oibre a chur chun cinn.	D'fhoilsigh an tÚdarás an <i>Cód Cleachtais: Úsáid Shábháilte Trucaílí Tionsclaíocha</i> i mí Mheán Fómhair 2025. Tar éis a fhoilsiú, d'óstáil an tÚdarás sraith seimineár gréasáin, ar ar fhreastail níos mó ná 1,000 páirtí leasmhar a raibh spéis acu sa Chód Cleachtais, go háirithe fostóirí a úsáideann trucaílí tionsclaíocha ina n-ionad oibre agus soláthraithe oiliúna a sholáthraíonn oiliúint d'oibreoirí trucaílí tionsclaíocha. Sna seimineáir ghréasáin tugadh forbheathnú do pháirtithe leasmhara ar riachtanais an Chóid Chleachtais agus d'fhreagair siad aon cheist a tháinig chun cinn. Eagraíodh faisnéisiú freisin do chigirí a chuirfidh béim láidir ar fhorfheidhmiú an Chóid Chleachtais le linn cigireachtaí in 2026.
Tríd ár gComhpháirtíocht Sábháilteachta Cairéil, leanadh de bheith ag sainaithint tosaíochtaí chun sábháilteacht agus sláinte a fheabhsú i dtionscal an chairéil.	Síníodh na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2025 ina ndlí i mí Mheán Fómhair 2025 agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026. In 2025, tionóladh dhá chruinniú leis an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Cairéil, ar a raibh páirtithe leasmhara fostóirí agus fostaithe, chun tionscnaimh leanúnacha agus réimsí ar údar imní iad sa chairéalú agus sa tionscal monaraíochta gaolmhar a phlé. Thug an tÚdarás cur i láthair freisin ag an gComhdháil um Shábháilteacht Tionscail Coincréite agus Cairéil i mí Feabhra 2025.
Glacadh méadaithe le huirlisí tacaíochta fiontraíochta an Údaráis agus leis na hacmhainní ríomhfhoghlama a chur chun cinn.	Baineadh úsáid as raon leathan modhanna cumarsáide ábhartha in 2025 chun príomhpháirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi chúrsaí OSH ábhartha. Áiríodh orthu sin seimineáir ghréasáin, láithreoireachtaí beo, freastal ar chruinnithe grúpa ionadaíochta fostóirí agus fostaithe, agus freastal ar sheónna bóthair agus ar chomhdhála. Lean an tÚdarás ar aghaidh ag cur a chuid tacaíochtaí gnó chun cinn go gníomhach ag baint úsáid as ardáin meán sóisialta, mar shampla LinkedIn, X, Facebook agus YouTube. Maidir leis an earnáil talmhaíochta, cuireadh uirlisí ar líne chun cinn trí agallaimh leanúnacha sna meáin, feachtais chigireachta agus plé ar shábháilteacht feirme, lena n-áirítear taispeántais phraiticiúla ag Lá Oscailte Teagasc i bPáirc an Mhúraigh agus ag seastán an Údaráis ag Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta 2025. Tá teagmháil déanta againn freisin le grúpaí ionadaíochta fostóirí eile, lena n-áirítear an CIF, Cónaidhm Ghnó agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec), agus Cumann na nGnólachtaí Beaga, ag roinnt eolais faoi fhoilseacháin nua, BeSMART.ie, agus tacaíochtaí oideachais an Údaráis d'fhostóirí agus d'fhostaithe. Ghlacamar páirt freisin i seó bóthair amháin de chuid Chumann Fiontar Beag agus Meánmhéide na hÉireann ag díriú ar shláinte cheirde, tiomáint shábháilte agus faireachas sláinte. Chuireamar ár n-acmhainní chun cinn ag comhdháil idirnáisiúnta Eirgeanamaíocht na gCóras Cúraim Sláinte agus Sábháilteacht Othar 2025 agus thugamar 'lón agus foghlaim' amháin le Cumann Fachtóirí Daonna agus Eirgeanamaíochta na hÉireann. Bhaineamar úsáid freisin as ár sraith podchraoltaí Beyond Compliance in 2025 chun feasacht a mhéadú ar na hacmhainní atá ar fáil chun sciorradh, tuisle agus titim a bhainistiú, agus maidir le ról tábhachtach na n-ionadaithe sábháilteachta.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Uirlisí BeSMART agus uirlisí maidir le hObair Dhearfach an Údaráis a chur chun cinn chun cur ar chumas fostóirí aghaidh a thabhairt ar rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair.	Chuir an tÚdarás clár struchtúrtha cumarsáide agus rannpháirtíochta páirtithe leasmhara i bhfeidhm chun bainistiú rioscaí síceasóisialta a neartú agus chun úsáid uirlis measúnaithe riosca síceasóisialta an Údaráis, Obair Dhearfach, a chur chun cinn. Áiríodh sa chlár seimineáir ghréasáin, imeachtaí páirtithe leasmhara, cur i láthair earnáilsonrach, agus rannpháirtíocht shaincheaptha fostóirí, arna chomhlánú le cur chun cinn spriocdhírthe trí ghníomhaíocht chigireachta phleanáilte agus imoibríoch. Leis an gcur chuige comhtháite sin méadaíodh feasacht, spreagadh glacadh le hObair Dhearfach, agus thacaigh sé le sealbhóirí dualgaís maidir le bearta éifeachtacha measúnaithe riosca agus rialaithe síceasóisialta a leabú.
Modúl nua ríomhfhoghlama a fhorbairt maidir leis na hathruithe reachtacha nua i Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú agus modúil cheimiceacha atá ann cheana á n-uasghrádú an tráth céanna.	Rinneadh na cúrsaí reatha maidir le sábháilteacht cheimiceach san ionad oibre, maidir le guaiseacha ceimiceacha a shainaithint, agus maidir le húsáid shábháilte ceimiceán guaiseach a nuashonrú go forleathan in 2025. Forbraíodh cúrsa nua ríomhfhoghlama in 2025 ina leagtar amach na hoibleagáidí atá ar allmhaireoirí ceimiceacha an Aontais faoi REACH agus faoi Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú freagra a thabhairt ar líon méadaithe allmhaireoirí táirgí ceimiceacha na hÉireann ó bhí Brexit ann. Tá an cúrsa nua ríomhfhoghlama sin saincheaptha chun cabhrú go háirithe leis na cuideachtaí sin a n-oibleagáidí faoi REACH agus faoi Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú a thuiscint maidir leis na táirgí ceimiceacha a allmhairíonn siad, lena n-áirítear iad siúd ón Ríocht Aontaithe (RA). Tá an cúrsa sin le seoladh i R1 2026.
Idirghabhálacha céadlíne a chur chun feidhme chun fiontair a shainaithint agus obair leantach a dhéanamh leo a bhainfeadh tairbhe as fócas feabhsaithe ar chomhlíonadh.	Chuir an tÚdarás idirghabháil rialála chéad líne chun feidhme a dhírigh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le fógra a thabhairt faoi ghníomhaire bitheolaíoch a fheabhsú, lena n-áirítear obair leantach spriocdhírthe cigireachta agus feabhsuithe ar riarachán agus ar bhainistiú taifead maidir le fógraí. Neartaigh an idirghabháil sin maoirseacht rialála agus tháinig méadú intomhaiste ar mhéid agus ar cháilíocht na bhfógraí gníomhaire bitheolaíoch a fuair an tÚdarás dá bharr. Rinneamar feachtais chigireachta in earnálacha na hiascaireachta agus na foraoiseachta d'fhoill tuilleadh idirghabhála agus cur chuige comhlíonta do 2026 a mheas agus a chinneadh. Seoladh comhthionscnamh meán le Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) chun feasacht a mhúscailt ar na rioscaí a bhaineann le bheith ag obair timpeall ar bhonneagar BSL.
A bheith fadcheannach agus faire na fáistine a dhéanamh le haghaidh saincheisteanna agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn	
Ár dtionscnaimh foirgníochta comhlíonta a bhunú ar na sonraí agus ar an bhfianaise is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear faire na fáistine chun saol na hoibre amach anseo a mheas. Breathnóimid go háirithe ar úsáid shábháilte na róbataice ar fud na dtionscal déantúsaíochta.	D'fhorbair an tÚdarás a chumas inmheánach maidir le faire na fáistine agus fadbhreathnaitheacht ar shaol na hoibre amach anseo agus na himpleachtaí a bheidh aige do Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde in 2025. Áiríodh leis sin acmhainní agus uirlisí inmheánacha a fhorbairt maidir le digitíú, róbataic agus intleacht shaorga (IS). Rinneamar cathaoirleacht freisin ar Ghrúpa Oibre Choiste na gCigirí Sinsearach Saothair a rinne an <i>Treoraíocht do Chigirí Saothair maidir le digitíú agus úsáid innealra agus róbataic ag baint úsáid as intleacht shaorga</i> a thabhairt chun críche.
Scóipeáil a dhéanamh ar phróisis maidir le faire na fáistine agus príomhriachtanais taighde a aithint. Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh faire na fáistine maidir le seirbhísí poiblí níos leithne.	Mar chuid dá fheidhm maidir le faire na fáistine, d'oibrigh an tÚdarás in 2025 chun tacú le tuiscint mhéadaithe ar dhúshlán do Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde atá ag teacht chun cinn agus ar chur chuige rialála amach anseo agus léargas straitéiseach a sholáthar orthu. Bhí teagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha agus le líonraí gairmiúla i gceist leis sin. Mar chuid den chur chuige sin, in 2025 thacaíomar le suirbhé mórscála don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), ag díriú ar ghalair chardashoithíocha a bhaineann leis an obair.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Tionscnaimh a chur chun feidhme chun rochtain ar shonraí maidir le breoiteacht cheirde a fheabhsú trí chomhlachtaí poiblí eile nó sa chóras leighis, chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí inár gclár sláinte ceirde.	Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le gníomhaireachtaí iomadúla le linn 2025 chun sonraí ábhartha maidir le breoiteacht cheirde a fháil chun tacú lena thosaíochtaí sláinte ceirde reatha maidir le galar riospráide, neamhoird mhatánchnámharlaigh, ailsí ceirde agus rioscaí síceasóisialta. Tá an tÚdarás ag neartú freisin na sásraí tuairiscithe reachtúla atá ann cheana faoi rialacháin atá ann cheana (eadhon iad siúd a bhaineann le haispeist; gníomhaithe bitheolaíochta; agus carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh). Cuimseofar san obair sin foirmeacha tuairiscithe inrochtana, leathanach gréasáin tiomnaithe agus feachtais feasachta. Lean an tÚdarás de bheith i dteagmháil le Dámh an Leighis Cheirde in 2025 agus coinneoidh sé comhoibriú réamhghníomhach i rith 2026.
Trínár rannpháirtíocht sa Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte, an cur chun feidhme náisiúnta ar an bhfeachtas uile-AE maidir le hObair Shábháilte agus Shláintiúil sa Ré Dhigiteach a threorú agus tionchar a imirt ar dhearadh agus ar fhorbairt an chéad fheachtais eile ó 2026-2028 ar ábhar na meabhairshláinte ag an obair.	D'óstáil an tÚdarás seimineár le príomhpháirtithe leasmhara agus ceannairí machnaimh chun tacú leis an bhfeachtas ar fud an Aontais Eorpaigh ar Obair Shábháilte agus Shláintiúil sa Ré Dhigiteach.
Leanfar ar aghaidh ag plé leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara náisiúnta chun úsáid, forbairt agus cur chun cinn creidiúnaithe i soláthar seirbhísí poiblí agus i bhforbairt beartas náisiúnta a uasmhéadú.	Chuaigh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú i mbun plé leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara náisiúnta maidir le creidiúnú a úsáid, a fhorbairt agus a chur chun cinn i soláthar seirbhísí poiblí agus i bhforbairt beartas náisiúnta. Bhuail Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú le réimse leathan páirtithe leasmhara chun reachtaíocht a phlé inar cuimsíodh ceanglas maidir le creidiúnú, agus chun treoraíocht agus comhairle a sholáthar maidir le beartais agus nósanna imeachta gaolmhara. Mar chuid dá straitéis 2022-2026, choimisiúnaigh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú obair chun na tionscadail seo a leanas a sheoladh: ▶ Luach Eacnamaíoch na Seirbhísí Creidiúnaithe a chainníochtú – na buntáistí a sholáthraíonn creidiúnú do ghnóilachtaí, do rialtóirí, do thomhaltóirí agus do gheilleagar na hÉireann a thomhas ▶ Measúnú Féidearthachta agus Luach ar Sheirbhísí Nua Creidiúnaithe – deiseanna a fhiosrú i réimsí ar nós caighdeán chomhshaoil; slándáil sonraí; an comhshaoil, sóisialta agus rialachais; agus IS Áiríodh sa chlár oibre suirbhé ar pháirtithe leasmhara Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, lena n-áirítear comhlachtaí measúnaithe comhréireachta creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe, rialtóirí, Ranna Rialtais, agus páirtithe leasmhara eile, chomh maith le hagallaimh leantacha le 30 páirtí leasmhara agus plé comhcheime chun téamaí atá ag teacht chun cinn a thástáil.



Tosaíocht Straitéiseach 2:

Tionchar, Oideachas agus Comhoibriú



Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Príomhtheachtaireachtaí a dhíriú ar fhiontair bheaga, ar oibrithe féinfhostaithe agus leochaileacha,	
Tionscnaimh agus idirghabhálacha a fhorbairt atá dírithe ar ábhair atá ábhartha d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), d'oibrithe féinfhostaithe agus d'oibrithe leochaileacha, lena n-áirítear treoraíocht a fhorbairt le haghaidh faisnéise le haghaidh príomhearnálacha ardriosca talmhaíochta, foirgníochta, monaraíochta, cairéil agus mianaigh.	I mí Iúil 2025, chuaigh an tÚdarás i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána (AGS) agus leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i bhfoilsíú treoirlínte fostóra maidir le tiomáint don obair. Áiríodh air sin treoraíocht um bainistiú riosca a fhorbairt d'fhostóirí. Cuireadh an feachtas chun cinn trí na meáin dhigiteacha, cur i láthair spriocdhírithí do pháirtithe leasmhara earnála, agus seimineár náisiúnta i mí na Samhna. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás suirbhé i gcrích ar chleachtais agus ar dhúshláin maidir leis an tiomáint don obair chun bonn eolais a chur faoi chineálacha cur chuige comhpháirteacha idirghabhála amach anseo ó 2026 i leith. Chuir an tÚdarás saineolas ábhair ar fáil d'fhorbairt tuarascála ón gComhairle Eorpach um Shábháilteacht Iompair, <i>Ag Tapú na Féidearthachta chun Básanna agus Díobhálacha Bóthair a bhaineann leis an Obair a Laghdú</i>. D'fhreastail muid ar dhá chruinniú den Chomhairle Eorpach um Shábháilteacht Iompair maidir le húsáid shábháilte bóithre a bhaineann leis an obair, agus d'fhreastail muid freisin ar dhá chruinniú den tionscadal TRUST atá cistithe ag an Aontas Eorpach, atá dírithe ar acmhainní agus cás staidéir a fhorbairt ar chultúr sábháilteachta tráchta, lena n-áirítear tiomáint don obair. Mar chuid dár gclár níos leithne in 2025, chuamar i dteagmháil le páirtithe leasmhara ó iliomad earnálacha, lena n-áirítear an Coimisiún um Rialáil Fóntas; an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil; Wind Energy Ireland (WEI); an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) HSENI (Feidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann); soláthraithe gáis peitрилíam leachtaithe; Líonraí BSL; agus Líonraí Gáis Éireann. Reáchtáladh cruinnithe leis an Roinn Iompair freisin; An Coimisiún um Rialáil Iarnróid; an tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid; Iarnród Éireann; Transdev, Fóram Sábháilteachta Chalafoirt na hÉireann; agus an Fóram um Shábháilteacht Calafóirt (RA). Thógamar freisin ar chaidrimh atá ann cheana le príomhpháirtithe leasmhara trí chruinnithe le Ibec, AGS, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, seirbhísí dóiteáin, an tSeirbhís Chúirteanna, agus comhlachtaí oideachais. Chuireamar réimse cur i láthair ar fáil do Ibec, AGS agus don Fóram um Shábháilteacht ar Bhóithre Tras-Tionscail. D'fhorbair, d'fhoilsigh agus chuir an tÚdarás acmhainní measúnaithe riosca gníomhairí ceimiceacha chun cinn a dhíríonn ar FBManna chun cabhrú le rialacháin oibreáin cheimiceacha a chomhlíonadh. D'fhoilsíomar faisnéis freisin d'fhostóirí i ndáil leis na rialacháin nua maidir le haispeist. D'fhorbair an tÚdarás tionscnaimh agus idirghabhálacha a bhaineann le tosca daonna agus le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde, lena n-áirítear cúrsaí ríomhfhoghlama, seimineáir ghréasáin, bileoga eolais agus acmhainní gréasáin nua. D'fhorbraíomar ár n-acmhainní freisin maidir le riosca de dheasca tuirse a bhainistiú, lena n-áirítear bileog eolais nuashonraithe maidir le hobair oíche agus sealobair. D'fhorbraíomar acmhainní le haghaidh miondíola ar ghuaiseacha an fhoréigin agus an ionsaithe a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear seimineár gréasáin a óstáil agus bileoga eolais nua agus treoraíocht um measúnaithe riosca shamplach a fhoilsíú. Foilsíodh treoraíocht nua maidir le sláinte agus sábháilteacht i gcúram cónaithe, agus forbraíodh acmhainní nua láithreán gréasáin maidir le hoibrithe leochaileacha don earnáil sláinte agus cúraim shóisialta.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
	Rinneamar nuashonrú ar na Treoirlínte maidir le Seiceálacha Éisteachta agus Closmhéadracht san Ionad Oibre. Chun tacú lenár ngníomhaíocht i réimse na n-oibrithe leochaileacha, thaifeadamar podchraoladh le Ibec ar théama na oibrithe leochaileacha; bhí seastán againn ag ócáid tacaíochta imirceach Chomhairle Contae Chill Mhantáin i sa tríú Ráithe, 2025; agus d'fhoilsíomar bileog eolais maidir le Feirmeoireacht sa Bhreacais i gcomhar le Coiste Comhairleach Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme an Údaráis. Lean an tÚdarás de naisc straitéiseacha a fhorbairt le comhlachtaí ionadaíocha fostaithe agus oibrithe imirceacha d'fhonn Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde a chur chun cinn i measc oibrithe imirceacha. Bhí láithreacht shuntasach ag an Údarás ag an gCraobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta 2025, ina raibh ollphuball agus limistéar seachtrach sábháilteachta agus taispeántais beo. Ghlac an tÚdarás páirt ag an seó beo sábháilteachta feirme ag Seó na Tulaí, inar díriodh ar úsáid shábháilte sábh slabhrach, innealra agus beostoic. Eisíodh treoraíocht agus foilseacháin do dhaoine den phobal mar chuid de rannpháirtíocht an Údaráis ag an ócáid. Thacaigh an tÚdarás le Ibec lena fheachtas 2025 maidir le sábháilteacht siléar beáir, inar tugadh aghaidh ar shábháilteacht dé-ocsaíde carbóin; sciorthaí, tuislí agus titimí; agus láimhsiú sábháilte. Mar chuid dár bhfeachtas chun sábháilteacht a chur chun cinn i siléir bheáir, i gcomhpháirtíocht le Drinks Ireland (Ibec), sheol an tÚdarás clár ina spreagtar áitribh cheadúnaithe chun measúnuithe riosca a dhéanamh ag baint úsáid as BeSMART. Is é an clár sábháilteachta siléar an chéad tionscnamh dá leithéid in Éirinn, a forbraíodh chun sábháilteacht san ionad oibre a fheabhsú do na mílte fostaí, soláthraithe seirbhíse agus custaiméirí laistigh den earnáil fáilteachais. Cuireadh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil do chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, chun cabhrú leo a n-oibleagáidí rialála a chomhlíonadh: ▶ Bileog eolais maidir le Fógraí Lárionaid Nimhiúcháin ▶ Bileog faisnéise maidir le Ceimiceáin Ghuaiseacha a Stóráil ▶ Bileog eolais faoi Cheimiceáin Ghuaiseacha a Stóráil i Stórais Bunaíodh líonra cumarsáide do pháirtithe leasmhara ceimiceán – ina gcuimsítear eagraíochtaí ionadaíocha d'earnáil ceimiceán na hÉireann, lena n-áirítear ionadaithe FBManna – chun dul i gcomhairle leis an earnáil, aiseolas a chur ar fáil fúithi agus feasacht a mhúscailt laistigh di ar shaincheisteanna rialála ábhartha. Seachadadh seimineár gréasáin ar na haicmí guaise nua faoi Rialacháin an Aontais maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú, ag cur cuideachtaí Éireannacha ar an eolas faoi aicmí guaise nua agus ar oibleagáidí chun na ceimiceáin a chuirtear ar mhargadh an Aontais a aicmiú de réir na gceanglas nua sin. D'fhreastail 345 rannpháirtí ar an seimineár gréasáin san iomlán, agus breathnaíodh ar an seisiún 755 huaire ina dhiaidh sin. D'fhreagair an Deasc Chabhrach Ceimiceán 397 gceist a bhaineann le ceimiceáin, ag tacú le cuideachtaí Éireannacha a n-oibleagáidí faoin Acht Ceimiceán a chomhlíonadh, lena n-áirítear Rialachán REACH, maidir le dualgais chlárúcháin agus bileoga sonraí sábháilteachta; agus faoin Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú agus dualgais fógraí an ionaid um nimh.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Leathnaigh an uirlis BeSMART agus ár n-acmhainní ríomhfhoghlama chun aghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha bainistíochta ceimiceán, talmhaíochta agus riospráide.	In 2025, tháirg an tÚdarás dhá fhíseán nua chun tacú le húsáideoirí nua an ardáin BeSMART, agus nuashonraigh sé comhéadan úsáideora agus struchtúr an tsuímh ghréasáin chun talmhaíocht agus gnóthas talmhaíochta a áireamh. Rinneamar nuashonrú ar ábhar Ráiteas Sábháilteachta cineálach BeSMART.ie. Tugadh isteach trí chineál gnó nua ar BeSMART.ie: 1. Feirmeacha mairteola 2. Feirmeacha tréad diúil 3. Claiseanna gainimh agus gairbhéil Nuashonraíodh aon ghuais déag atá ann cheana ar BeSMART.ie freisin, agus nuashonraíodh an cineál gnó eachaíochta. Forbraíodh ocht nguais nua do BeSMART.ie, mar a leanas: 1. Strus oibre 2. Foréigean agus iompar bagrach 3. Meaisín rósta caife 4. Dumpaire altach (cairéil) 5. Tochaltóir cairéil 360 (rianaithe agus rothaí air) 6. Sluasaid lódála cairéil 7. Tarracóir/scairtaire cairéil 8. Tochaltóir cairéil 180 (lódálaí cúltachaltóra) Forbraíodh dhá ghearrchúrsa nua ar ardán ríomhfhoghlama an Údaráis, hsalearning.ie, a thugann aghaidh ar thosca daonna agus printísigh atá ag obair san fháilteachas. Rinneadh uasdátú ar na sé ghearrchúrsa don earnáil sláinte agus cúraim shóisialta, agus bhí ocht gcúrsa i gceist le struchtúr athbhreithnithe. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú iomlán ar dhá chúrsa ceimiceán ar hsalearning.ie. Bhaineamar faomhadh forbartha gairmiúla leanúnaí amach don chúrsa toasca daonna le hInnealtóirí Éireann.
Tionchar réamhghníomhach a imirt ar bheartas agus ar reachtaíocht trí úsáid a bhaint as ár saineolas	
Tacú leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta le trasuí threoracha nua an Aontais Eorpaigh maidir le haispeist, luaidhe agus dé-isicianáití.	Cuir an tÚdarás tacaíocht theicniúil agus ionchur beartais sa phróiseas forbartha reachtaíochta ar fáil don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta maidir leis na nithe seo a leanas: ► Treoir maidir le hAispeist ag an Obair: trasuí Threoir (AE) 2023/2668 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair i ndlí na hÉireann an 21 Nollaig 2025 ► An Treoir maidir le Carcanaiginí, Só-ghineacha agus Tocsain na mball síolraithe (an séú leasú) (CMRD VI): Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair ► An Treoir maidir le Luaidhe agus Dé-isicianáití: Treoir 2024/869/AE lena dtugtar isteach leasuithe ar rialacháin atá ann cheana maidir le teorainnluachanna le haghaidh luaidhe agus a comhdhúile neamhorgánacha agus le haghaidh dé-isicianáití Cuir an tÚdarás tacaíocht theicniúil ar fáil don Choimisiún Eorpach freisin maidir lena threoirlínte comhlántacha a fhorbairt chun rioscaí a bhaineann le haispeist ag an obair a bhainistiú.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Baint amach in 2025
Cód Cleachtais a fhorbairt agus a fhoilsiú chun tacú le rialacháin nuashonraithe a thabhairt isteach maidir le Gníomhairí Ceimiceacha agus Carcanaiginí, Só-ghineacha agus Tocsain na mball síolraithe.	In 2025, d'fhorbair an tÚdarás <i>Cód Cleachtais nua do na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Nochtadh d'Aispeist), 2006-2025</i>. Forbraíodh an Cód Cleachtais nua maidir le hAispeist mar fhreagairt dhíreach ar athruithe i rialacháin maidir le haispeist a tugadh isteach le trasuí Threoir (AE) 2023/2668 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair i ndlí na hÉireann an 21 Nollaig 2025. Chuir an tÚdarás tús freisin le hobair ar nuashonruithe ar an <i>gCód Cleachtais do na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Gníomhairí Ceimiceacha (2001-2021) agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí, Só-ghineacha agus Tocsain na mball síolraithe (2024)</i>. Tá na nuashonruithe ar an gCód Cleachtais le hathruithe ar theorainnluachanna nochta ceirde a chur san áireamh le trasuí na Treorach nuashonraithe maidir le Luaidhe agus Dé-isicianáit in 2026.
Leanúint ar aghaidh ag cur saineolas teicniúil ar fáil don Aire maidir le Rialacháin nua a fhorbairt de réir mar is gá d'earnálacha an chairéalaithe agus na foirgníochta.	D'fhoilsigh an tÚdarás an <i>Cód Cleachtais: Úsáid Shábháilte Trucailí Tionsclaíocha</i> i mí Mheán Fómhair 2025. Áiríodh leis sin úsáid trucailí tionsclaíocha in earnálacha an chairéalaithe agus na foirgníochta (féach an nuashonrú faoi Thosaíocht Straitéiseach 1).



Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Tionchar agus ionchur a imirt ar an gcéad chéim eile de ghníomhaíochtaí an Aontais agus ar phacáistí reachtaíochta nua faoi Straitéis Cheimiceach an Aontais; go háirithe an pacáiste reachtaíochta ‘Substaint Amháin, Measúnú Amháin’ agus Athbhreithniú REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán).	Thacaigh an tÚdarás le próiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh trí bhithín 84 bhreathnóireacht theicniúla agus faisnéisithe chuig an Aire agus chuig an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta maidir leis na tograí reachtach seo a leanas, mar a rinneadh iad a chaibidlíú san Aontas Eorpach: ▶ Rialachán Omnibus VI maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú a shimpliú (9); ▶ Bunrialachán ECHA (32); ▶ Rialachán na nGlantach agus na nDromchlaghniomhaithe (23); ▶ Eilimintí REACH/maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú den Rialachán Omnibus um Ullmhacht Cosanta (8); agus ▶ an pacáiste reachtaíochta Substaint Amháin, Measúnú Amháin (12). Is é is aidhm do Rialachán Omnibus VI maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú a shimpliú ná iomaíochas thionscal ceimiceán an Aontais a neartú agus táthar ag súil go mbeidh tionchar tairbheach suntasach aige ar chuideachtaí an Aontais, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe in Éirinn. Leis an bpacáiste reachtaíochta Aon Substaint Amháin, Measúnú Amháin, a tháinig i bhfeidhm ar fud an Aontais an 1 Eanáir 2026, soláthrófar tairbhí don tionscal agus don phobal i gcoitinne trí fhaisnéis faoi shubstaintí ceimiceacha a chomhdhlúthú in aon bhunachar sonraí amháin agus trína áirithiú go mbeidh an measúnú ar cheimiceáin thar phíosáí éagsúla reachtaíochta AE níos comhsheasmhaí, níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla. Trí choistí ECHA, d'oibrigh comhaltaí agus comhairleoirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta mar rapóirtéirí d'fhonn a áirithiú go gcuirfear tuairimí eolaíoch a i gcrích agus go nglacfar leo maidir leis na nithe seo a leanas: ▶ iarratais ar údarú le haghaidh 13 shubstaint; ▶ Aicmiú comhchuibhithe AE le haghaidh ceithre shubstaint cheimiceacha; agus ▶ teorainnluach nochta ceirde le haghaidh antracúineoin. Bhí an tÚdarás rannpháirteach go gníomhach freisin i gCoiste Ballstáit ECHA le linn 2025, lena n-áirítear rannchuidiú le tuairim Choiste na mBallstát a ullmhú chun an Plean Gníomhaíochta Forásaí Comhphobail do 2025-2027 a thabhairt cothrom le dáta. Comhaontaíodh an tuairim, agus cuireadh 13 shubstaint nua leis an bPlean Gníomhaíochta Forásaí Comhphobail dá bharr. Ina theannta sin, bhí tionchar againn ar chinntí Choistí um Measúnú Riosca (CMRanna) an ECHA trínár rannchuidiú mar chomhaltaí an Choiste le forbairt a mheas ar shubstaintí maidir le haicmiú comhchuibhithe agus lipéadú comhchuibhithe, srianta, iarratais ar údarú agus tograí chun substaintí ar údar mór imní iad a shainaithint. Chuireamar freisin mar shaineolaithe teicniúla le Fóram an ECHA um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú; do ghrúpaí oibre maidir le hIonadaithe Amháin agus oibleagáidí maidir le fógraí lárionaid nimhithe, agus iad ag ullmhú do thionscadail forfheidhmithe ar fud an Aontais; agus d'fhorbairt trí cinn de threoirhoiciméid ECHA do chuideachtaí maidir le hoibleagáidí faoin Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú. Ghlac an tÚdarás páirt i dtionscadal píolótach ECHA de chuid an Aontais chun imscrúdú breise a dhéanamh ar an ngá atá le srian a thionscnamh faoi REACH do ghrúpa substaintí a úsáidtear mar fhótaithionscnóirí. Bunaithe ar mheasúnú breise a rinneadh agus ar an bhfaisnéis reatha, thángthas ar an gconclúid nach raibh gá le srian, rud a sheachnaíonn gníomhaíochtaí rialála neamhriachtanacha ar fud an Aontais. Ina theannta sin, rinneamar seirbhís ar líon suntasach cruinnithe teicniúla údarás inniúil (ÚI) an Aontais Eorpaigh agus an Údaráis Náisiúnta Ainmnithe (ÚNA) le linn 2025 chun ceimiceáin an Aontais, Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (IEC) agus sainorduithe faireachais margaidh a chomhlíonadh. Ghlac foireann an Údaráis páirt i 119 cruinniú de chuid an Aontais/de chuid an údaráis inniúil (ar bhonn hibrideach agus go pearsanta) le haghaidh REACH; maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú; Seveso; glantaigh; Toiliú Feasach Roimh Ré; agus Réiteach Malartach Díospóidí (RMD).

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Páirt a ghlacadh i dtreoirthionscadal comhordaithe de chuid an Aontais maidir le ceanglais fógartha lárionaid nimhithe a chomhlíonadh i mBallstáit.	Ghlac an tÚdarás páirt i dtreoirthionscadal Fhóram ECHA maidir le fógraí chuig lárionaid nimhiúcháin in 2025. Fuarthas amach i dtionscadal forfheidhmithe píolótach Fhóram ECHA nár tugadh fógra do chigirí lárionaid nimhithe in 18 dtír san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch faoi cheann amháin as gach cúigear (19 %) de na meascáin ghuaiseacha a seiceáladh san AE, lena n-áirítear cigirí ón Údarás a sheiceáil 1,597 meascán d'fhonn a fhíorú an gcomhlíonann an tionscal an oibleagáid maidir le fógra a thabhairt do lárionaid náisiúnta nimhithe. Rialaítear é sin faoi Rialachán an Aontais maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacaistiú. Tá na fógraí sin rithábachtach do lárionaid nimhithe chun freagairt leighis leordhóthanach a sholáthar i gcás nochtadh do mheascáin ghuaiseacha. Nuair a bhíonn fógraí ann ina bhfuil an fhaisnéis is gá do lárionaid nimhithe ar iarraidh baintear an bonn d'éifeachtacht na práinnfhreagartha. Cuireadh an ráta ard neamhchomhlíonta a fuarthas in Éirinn faoi bhráid fhóram páirtithe leasmhara ceimiceacha na hÉireann freisin. Chuir an tÚdarás freisin, mar bhall den mheitheal, le hullmhú thuarascáil Fhóram ECHA.
Cultúr comhoibrithe le tionscal, páirtithe leasmhara agus soláthraithe oideachais a fhorbairt	
Caidrimh le páirtithe leasmhara a fhorbairt sna hearnálacha fóntais agus fuinnimh ghlais chun comhroinnt eolais a éascú.	Mar chuid dá chomhairliúchán le páirtithe leasmhara ar fhorbairt na gaoithe amach ón gcósta in Éirinn, bhuaill an tÚdarás le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le riachtanais Pas Sábháilte agus d'fhreastail sé ar cheardlann Fuinnimh Gaoithe amach ón gCósta; tionóladh cruinnithe ráithiúla le páirtithe leasmhara Wind Energy Ireland freisin. Mar chuid dá fheachtas fótavoltach gréine do ghnóthaí baile agus beaga, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil go rialta le príomhpháirtithe leasmhara in 2025, lena n-áirítear Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Cumann Fuinnimh Gréine na hÉireann, Líonraí BSL, agus ionadaí tionscail NRG.
Tacú le trí Choiste Chomhairleacha an Bhoird (Sláinte agus Cúram Sóisialta, Sábháilteacht Feirme, Sábháilteacht Foirgníochta) chun tacú lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.	Mar chuid de Choiste Comhairleach Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Foirgníochta an Údaráis, i measc na bpríomhghnóthachtálacha in 2025 bhí forbairt Phlean Gníomhaíochta Sábháilte caighdeánaithe don tionscal tógála, a sheolfar in 2026, agus tabhairt faoi fheabhsuithe/leasuithe ar na Ráitis Modhanna Measúnaithe Riosca caighdeánaithe atá ann cheana féin don tionscal foirgníochta. Chuir an Coiste Comhairleach Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CCSCS) tús lena chéad bhliain iomlán i mbun feidhme agus tháinig sé le chéile trí huair in 2025, agus tháinig dhá cheann dá chúig fhochoiste le chéile faoi dhó le linn 2025 freisin. Bunaíodh fochoistí CCSCS agus cuireadh tús le hobair ar roinnt príomhghníomhaíochtaí faoi chúig sprioc uileghabhálacha don tréimhse 2025-2027. Áiríodh orthu sin ábhar nua eanáilsonrach maidir le tuairisciú teagmhas agus imscrúdú teagmhas a foilsíodh ar shuíomh gréasáin agus ar ardán ríomhfhoghlama an Údaráis; treoir athbhreithnithe, Bainistiú a dhéanamh ar an Riosca maidir le Foréigean agus Ciapadh a bhaineann leis an Obair i gCúram Sláinte agus Sóisialta, a foilsíodh in 2025; agus sainaitheint tionscnamh dea -chleachtais maidir le tuairisciú agus imscrúdú teagmhas, agus ionadaíocht sábháilteachta agus comhairliúchán sábháilteachta. Tháinig an Coiste Comhairleach maidir le Comhpháirtíocht um Shábháilteacht ar an bhFeirm (CCCSF) cúig huair, agus tháinig a chúig ghrúpa oibre le chéile idir trí agus ceithre huair faoi seach. Tugadh an <i>Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar an bhFeirm 2025 – 2027</i> chun críche agus seoladh é go luath i mí Iúil 2025, ag Michael Healy-Rae, an tAire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). Bhunaigh agus chuir grúpaí oibre CCCSF tús le hobair ar roinnt príomhghníomhaíochtaí faoi thrí sprioc uileghabhálacha an choiste don tréimhse 2025-2027.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Acmhainní a fhorbairt tuilleadh d'ionadaithe Sábháilteachta ar ábhair sláinte ceirde, lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair.	Forbraíodh agus seachadadh réimse acmhainní chun tacú le hionadaithe sábháilteachta, mar seo a leanas: ▶ Treoir d'ionadaithe Sábháilteachta i Sláinte agus Cúram Sóisialta ▶ Treoir maidir le Riachtanais Oiliúna d'ionadaithe Sábháilteachta ▶ Taifeadadh podchraoladh ar Ionadaithe Sábháilteachta mar chuid den tsraith podchraoltaí Beyond Compliance. ▶ Cuireadh cúig cheardlann oiliúna ionadaíochta sábháilteachta ar fáil do roinnt príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Eagraíocht Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (EABCE); Eir; agus an Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (CSTGT). ▶ Forbraíodh ríomhfhoghlaim ar ionadaíocht sábháilteachta agus comhairliúchán sábháilteachta don earnáil sláinte agus cúraim shóisialta. Rinneadh <i>Ríomhleabhar Acmhainne na nIonadaithe Sábháilteachta</i> a athbhreithniú agus a nuashonrú agus roimh an bhfoilsíú i Ráithe 1 2026. Is é aidhm na hacmhainne seo tacú le hionadaithe sábháilteachta ina ról agus comhairliúchán agus cumarsáid fhiúntach a chur chun cinn san ionad oibre. Chuir na hacmhainní sin faisnéis fairsing ar fáil faoi thopaicí sláinte ceirde, lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair.
Acmhainní a fhorbairt chun tacú le fostóirí cultúr sábháilteachta dearfach a chur chun cinn.	In 2025, d'fhorbair an tÚdarás sraith acmhainní praiticiúla chun tacú le fostóirí cultúr sábháilteachta dearfach a chur chun cinn. Rinneadh teagmháil le páirtithe leasmhara in 2025 i roinnt réimsí beartais téamacha, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach thíos. Eirgeanamaíocht ▶ D'aithin an tÚdarás gníomhaíocht shonrach i gcúrsaí foirgníochta a bhfuil ardriosca nocht ag baint léi (e.g. cumhdach). ▶ Bhí teagmháil phearsanta ar siúl le cuideachta cumhdaigh agus é mar aidhm acu dúshlán a bhíonn rompu a thuiscint agus a gcuid eolais agus tuisceana ar rioscaí láimhseála láimhe a mhéadú agus i dtaca le conas is féidir iad a bhainistiú go héifeachtach. Sláinte oibrithe foirgníochta ▶ Ag obair i gcomhpháirtíocht leis an CIF, lontaobhas Sláinte Oibrithe Foirgníochta, agus an Roinn Sláinte, aontaíodh togra tairisceana chun taighde a thionscnamh ar shaincheisteanna sláinte oibrithe foirgníochta a bhaineann go sonrach leis an earnáil foirgníochta. Faoin gclár Creat Sláintiúil Éireann, tá sé i gceist creat a bheith ann d'iarthaighde na hearnála foirgníochta. ▶ Ag obair i gcomhar le Cumann Ailse na hÉireann, eisíodh preaseisiúint feasachta ailse scamhóg i mí na Samhna 2025 mar chuid den fheachtas deannaigh shilice.
Fóram Cliant a reáchtáil do na Comhlachtaí um Measúnú Comhréireachta atá creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú. Ina theannta sin, tacóimid le Comórtas Tomhais Anailíseach Eurachem (CTAE).	Bhí sé i gceist go mbeadh Fóram na gCliaint ar siúl i 2025 ar dtús, ach b'éigean é a chur siar agus déanfar é a athsceidealú níos déanaí. Sna blianta roimhe seo, rinne BNÉC urraíocht ar dhuaiseanna don CTAE. Is é aidhm an CTAE ná feasacht a mhúscailt i measc scoláirí eolaíochta maidir le tábhacht na hinniúlachta i scileanna saotharlainne agus cruinneas i dtomhas anailíseach. Níor tionóladh an ócáid in 2025. Beidh sé ar siúl arís i 2026 agus beidh BNÉC ina urraitheoir. Foilsíodh agus dáileadh nuachtlitir BNÉC ar gach comhlacht agus páirtí leasmhar um measúnú comhréireachta, agus cuireadh ar fáil é ar LinkedIn agus ar shuíomh gréasáin BNÉC.

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
Oibriú le soláthraithe oideachais chun treochlár féideartha d'ábhar cúrsa a mheas lena chinntiú go bhfuil an t-eolas agus an tacar scileanna ag céimithe i réimsí Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde agus i réimsí rialála ceimiceacha chun freastal ar riachtanais fostóirí agus rialtóirí.	Treochlár oideachais Le linn 2025, rinne an tÚdarás príomhchodanna a straitéise oideachais a shainiú agus a dhoiciméadú i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Léirítear leis an obair seo athmheasúnú straitéiseach ar ról an Údaráis faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus rialacháin ghaolmhara, lena n-áirítear athmheasúnú ar thosaíochtaí straitéiseacha agus fócas oibríochtúil – go háirithe an chothromaíocht idir gníomhaíochtaí cigireachta agus forfheidhmithe agus cur chun cinn sábháilteachta trí oideachas agus oiliúint. Mar chuid den obair seo, sonraíodh turas foghlaim nua, ag soláthar conair fhorásach, aoisoiriúnach lena gcothaítear feasacht, eolas agus inniúlacht phraiticiúil Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde le himeacht ama. Breithnítear go sainráite ar an aistear sin príomhphointí aistrithe isteach san ionad oibre, lena n-áirítear daoine óga sa talmhaíocht, san Idirbhliain agus mic léinn ar thaithí oibre phraiticiúil, agus printísigh laistigh den chóras breisoideachais agus oiliúna (BOO). Trí chláir oideachais spriocdhírithe, feachtais feasachta, rannpháirtíocht in imeachtaí agus comhdhálacha oideachais, agus comhoibriú marthanach páirtithe leasmhara – go háirithe maidir le tionchar a imirt ar dhearadh curaclaim – féachann an tÚdarás le tionóiscí san ionad oibre agus drochshláinte a chosc, cultúr dearfach Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde a chothú ar fud ionaid oibre na hÉireann, agus tacú le pobal cleachtais oideachais Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde a fhorbairt. Fan Sábháilte Leis an gClár Fan Sábháilte, atá dírithe ar dhaltaí sa chúigiú agus sa séú bliain, cuirtear feasacht maidir le sábháilteacht agus aithint guaise chun cinn trí fhoghlaím idirghníomhach atá bunaithe ar chás. In 2025, rinneadh imeacht dhá chláir a sheachadadh lena mbaintear amach 200 dalta in iomlán. Bhí siad sin ar siúl in Áth Luain an 3 Aibreán (100 dalta) agus i nDún na nGall an 28 Bealtaine (100 dalta). I ngach imeacht bhí baint ag rannpháirtíocht an Aontais i dteannta 11 ghníomhaíocht eile de chuid an Rialtais. Roghnaigh an tSábháilteacht Leis an gClár Roghnaigh an tSábháilteacht tugtar réamheolas do dhaltaí na hIdirbhliana agus do mhic léinn in BOO prionsabail na sábháilteachta agus na sláinte san ionad oibre. Cuireadh an comhaontú nua leibhéal seirbhíse don Chlár Roghnaigh an tSábháilteacht i bhfeidhm le hIonad Tacaíochta Oideachais Chill Chainnigh in 2025, tar éis comhaontú ar shonraíocht an Chláir ag tús na bliana acadúla 2024/2025 i mí Mheán Fómhair 2024. I gcomhar le SLA rinneadh an Clár a sheachadadh trí líonra náisiúnta de 21 Ionad Tacaíochta Oideachais, in éineacht le rialachas agus maoirseacht fhoriomlán arna chur ar fáil ag KESC. Ceapadh beirt chomhordaitheoir páirtaimseartha is fiche (lena n-áirítear comhordaitheoir breise do Bhaile Átha Cliath Thiar) chun dul i dteagmháil le hiar-bhunscoileanna agus le coláistí BOO laistigh dá abhantrach san Ionad Tacaíochta Oideachais faoi seach. San iomlán, ghlac 589 n-institiúid oideachais páirt sa Chlár, ina raibh 448 iar-bhunscoil agus 141 choláiste BOO. Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde sa ghairmoideachas agus san oiliúint Is é is aidhm don tionscadal Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde i dtionscadal gairmoideachais agus gairmoiliúna (OSHVET), faoi stiúir EU-OSHA, sábháilteacht cheirde agus feasacht sláinte a chur chun cinn i measc múinteoirí agus foghlaimoirí in BOO ar fud na hEorpa. Ailíníonn an tionscadal le straitéis oideachais níos leithne an Údaráis, ina leagtar béim ar chomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara chun: (i) oideachas príomhshrutha maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde, agus (ii) cur chuige scoile uile a leabú i leith Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde. In 2025, i rannpháirtíocht an Údaráis sa tionscadal OSHVET cuimsíodh na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas: ▶ Dhá cheardlann spriocdhírithe a sheachadadh ag Institiúid Theicniúil na Gaillimhe (GTI), Gaillimh, chun tacú le múscailt feasachta Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde i measc mic léinn agus baill foirne BOO (ceardlann amháin do mhic léinn agus ceann amháin don fhoireann) ▶ Acmhainní foghlama Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde tiomnaithe a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí BOO, lena n-áirítear cúrsaí múscailte feasachta do phrintísigh a óstáiltear ar hsalearning.ie

Gníomhaíocht i gClár Oibre	Bainte amach in 2025
	▶ Comórtas náisiúnta póstaer a bhunú agus a chomhordú do mhic léinn B00 in Éirinn, ailínithe le téama feachtais na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) de charcanaiginí ag an obair ▶ Rannchuidiú le hábhar Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde a fhorbairt agus a fheabhsú laistigh den churaclam ag GTI Ceisteanna iarchéime Is comórtas ar líne é graduate.ie do mhic léinn dara leibhéal, a nascann le clár Saoránachta agus Daonlathais an Aontais Eorpaigh. In 2025, chuireamar dhá shraith ceisteanna tiomnaithe leis, a raibh 10 gceist i ngach ceann acu dírithe ar shábháilteacht agus ar shláinte san ionad oibre, lena gcur san áireamh sa chomórtas. Ghlac 19,733 mac léinn páirt i rith na bliana, le meán-rannpháirtíocht sheachtainiúil de bheagán os cionn 6,300 mac léinn. Rannpháirtíocht agus tacaíocht páirtithe leasmhara Le linn 2025, díriodh arís ar thacú le páirtithe leasmhara oiliúint san ionad oibre Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde a sheachadadh agus a ghlacadh. Forbraíodh ábhar nua, spriocdhírithí ar an suíomh gréasáin chun rochtain ar threoir agus ar acmhainní a fheabhsú agus chun tacú le soláthar oiliúna comhsheasmhach ar ardchaighdeán. Ag an am céanna, forbraíodh treoir shonrach d'fhonn oiliúint ionadaithe sábháilteachta a neartú, feabhas a chur ar a gcumas a ról reachtúil a chomhlíonadh agus cur go héifeachtach le torthaí sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre. Chuireamar ár n-acmhainní agus ár gclár oideachais chun cinn ag cúig chomhdháil/imeacht oideachais. Curaidh um Shábháilteacht Reáchtáladh an tionscnamh Curaidh um Shábháilteacht, le tacaíocht ón Údarás, FBD, Lónraí BSL agus Teagasc, i ngach coláiste talmhaíochta agus i Scoil Talmhaíochta an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Seachadadh é seo sula ndeachaigh na mic léinn amach ar shocrúchán praiticiúil agus tá sé anois ina chomhpháirt éigeantach do mhic léinn i go leor coláistí. Plean Gníomhaíochta CCCSF Rinne Grúpa Oibre Iompair, Oideachais agus Oiliúna CCCSF dul chun cinn inbhraite maidir le hoideachas agus oiliúint Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde a neartú laistigh den earnáil talmhaíochta. Bhunaigh an Grúpa Oibre aistear struchtúrtha d'fhoghlaimíocht agus chomhaontaigh sé torthaí foghlama ardleibhéil a bhí infheidhme ar fud aoisghrúpaí agus comhthéacsanna foghlama, inar cuimsíodh suíomhanna oideachais agus oibre araon. Sainithníodh clár oideachais agus oiliúna fhoirmiúla agus neamhfoirmiúla tosaíochta inar féidir leis an nGrúpa Oibre tionchar a imirt ar thorthaí foghlama sábháilteachta feirme, agus rannpháirtíocht spriocdhírithí ann sna cúrsaí don Teastas Glas agus sna Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithí.



Tosaíocht Straitéiseach 3:

Barr Feabhais Eagraíochtúla



Gníomhaíocht i gClár Oibre 2025		Bainte amach in 2025
Déanamh cinnte go bhfuil na scileanna cearta ag an Údarás don todhchaí		
Ár gclár Acadaimh Ceannaireachta a rolladh amach do bhainisteoirí; athbhreithniú a dhéanamh ar an gcúrsa agus ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm ar thionscnaimh cheannaireachta amach anseo.	In 2025, i gclár acadaimh ceannaireachta an Údaráis cuireadh oiliúint agus forbairt ról-shonrach ar fáil do bhaill foirne ar fud na heagraíochta. Mar chuid den chlár seo, bhí grúpa bainisteoirí ó gach cearn den Údarás ar na chéad chéimithe den Chlár Ceannaireachta Oiriúnaitheach. Cúrsa creidiúnaithe Leibhéal 8 de chuid an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a bhí sa chlár, a cuireadh ar fáil i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá sé beartaithe athbhreithniú ar an gClár Ceannaireachta Oiriúnaitheach a chur i gcrích in 2026, agus beidh na torthaí mar bhonn eolais ag planáil do thionscnaimh cheannaireachta amach anseo.	
Tionscnaimh earcaíochta agus roghnúcháin nuálacha a dhearadh agus a sheachadadh chun iarrthóirí den scoth a mhealladh.	I margadh earcaíochta atá dúshlánach, le próisis earcaíochta agus roghnúcháin an Údaráis cuireadh 37 fostaithe nua agus 23 ardú céime ar fáil le linn 2025. D'éirigh linn saineolas earcaíochta seachtrach, grúpáil post, straitéisí fógraíochta, ár láithreacha réigiúnacha, agus ár socruithe oibre cumaisc a ghíaráil d'fhonn iarrthóirí den scoth a mhealladh ar fud ár rannáin go léir.	
Comhoibriú le comhpháirtithe seachtracha chun rochtain a fháil ar shaineolas agus saineolas speisialaithe.	D'fhonn tacú lenár sainorduithe a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil, bhain an tÚdarás leas as saineolas seachtrach i roinnt réimsí in 2025. Chun críocha earcaíochta, d'úsáid muid speisialtóirí seachtracha chun tacú le go leor dár bhfeachtais earcaíochta, go háirithe maidir le roinnt post ar leibhéal sinsearach a earcú le linn na bliana. Lorgaíodh saineolas seachtrach freisin chun tacú le breithnithe maidir le hardán nua acmhainní daonna (AD) a thabhairt isteach. Thug speisialtóirí forbhreathnú ar na ceanglais agus ar na cineálacha roghanna atá ar fáil sa mhargadh, mar aon le faisnéis faoin scála maoinithe agus acmhainní a theastaíonn. Bhunaigh an tÚdarás painéal comhairleoirí leighis chun tacú lenár gcigireacht Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde. Lean an tÚdarás de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le soláthraithe seirbhíse seachtracha in oibríochtaí teicneolaíochta cibearshlándála, faisnéise agus cumarsáide, agus d'fheidhmeanna airgeadais in 2025. Bhain an tÚdarás tairbhe freisin as a chomhpháirtíocht sa Treochlár maidir le Carcanaiginí 3.0 trí rochtain ar dhea-chleachtas AE, uirlisí coiscthe praiticiúla agus líonra idir piaraí atá dírithe ar nochtadh ceirde do charcanaiginí a laghdú.	
Próisis oibre agus éifeachtúlacht a fheabhsú, trí chomhsheasmhacht, cuntasacht agus feabhsú leanúnach méadaithe, i gcomhréir le ISO 9001:2015.	In 2025, d'éirigh linn deais cáilíochta sonraí a sheoladh chun tacú le cáilíocht na sonraí cigireachta a gabhadh ar ár gcórais. Rinneadh anailís chuimsitheach ar bhearnaí chun treo a thabhairt do chóras bainistíochta cáilíochta a thabhairt isteach laistigh den Údarás. Tá plan cur chun feidhme faoi lán seoil anois chun aghaidh a thabhairt go córasach ar na bearnaí sainaitheanta, agus tá dul chun cinn suntasach déanta cheana féin maidir le cleachtais rialaithe doiciméad a neartú.	

Gníomhaíocht i gClár Oibre 2025	Bainte amach in 2025
Creat an Údaráis maidir le bainistiú géarchéime a leabú, lena n-áiríthear go gcuirtear oiliúint ar bhaill foirne, go ndéantar próisis a thástáil, agus gur féidir leis an Údarás leanúnachas gnó a choinneáil i gcónaí.	D'éirigh leis an Údarás creat cuimsitheach athléimneachta eagraíochtúla a bhunú. Cuimsítear leis sin cruthú agus cur chun feidhme pleananna leanúnachais gnó agus plean bainistíochta géarchéime. Tá pleananna athshlánaithe ó thubaiste – lena n-áirítear cuspóirí ama athshlánaithe arna gcomhaontú agus arna dtástáil – i bhfeidhm anois, agus tá plean um fhreagairt cibeartheagmhais tugtha chun críche. Ghlac baill foirne páirt i gcleachtaí oiliúna freisin, rud a chinntigh ullmhacht agus an cumas chun an leanúnachas gnó a choinneáil ar bun i gcónaí.
A bheith nuálach agus sofhreagrúil,	
Leas a bhaint as deiseanna chun eolas a roinnt le comhlachtaí poiblí eile chun ár léargais a leathnú tuilleadh.	Tá comhroinnt sonraí le gníomhaireachtaí eile ar siúl i gcónaí, de réir mar is cuí, agus tá comhaontuithe comhroinnte sonraí á gcur i bhfeidhm chun rialachas foinsí sonraí nua féideartha a chinntiú. Leanaimid orainn ag plé le gníomhaireachtaí agus le líonraí gairmiúla eile, agus chun an timpeallacht sheachtrach a mheas, d'fhonn tuilleadh deiseanna comhroinnte sonraí a fhiosrú. Leanann an tÚdarás le leas a bhaint as deiseanna comhoibrithe agus comhroinnte eolais trínár líonra leathan comhaontuithe idirghníomhaireachta. Cuidíonn na comhpháirtíochtaí sin lena chinntiú go ndéantar ár bhfeidhmeanna rialála a sheachadadh go héifeachtúil, nach ndéantar dúbláil ar iarracht ar an talamh ar chomhlachtaí poiblí, agus go ndéantar ár gcuid oibre a chomhordú go maith cibé áit a dtrasnaíonn sainchúraimí eagraíochtúla. Thug ár rannpháirtíocht i raon líonraí gairmiúla, cumainn agus ionaid eolais, amhail Foras Bainistíochta na hÉireann (IMI), deis dúinn coinneáil cothrom le dáta maidir leis an smaointeoireacht agus na forbairtí is déanaí i réimsí amhail AD, rialachas agus cumarsáid. Neartaigh an tÚdarás comhroinnt eolais le comhlachtaí poiblí eile trí chomhoibriú spriocdhírith ar faire na fáistine, trí thacú le malartú faisnéise ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus trí dhúshláin rialála amach anseo. Chumasaigh rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile i réimse na rioscaí síceasóisialta chun réimsí leasa fhrithpháirtigh a shainaitheint agus éascaíodh comhroinnt saineolais agus léargais, rud a neartaigh ailíniú trasghníomhaireachta agus fadhbheathnaitheacht chomhchoiteann. Chuamar i dteagmháil le hiliomad gníomhaireachtaí a bhaineann leis an tsláinte chun léargais a fháil ar shonraí tinnis cheirde, agus forbróimid an comhoibriú sin tuilleadh in 2026. Le linn 2025, chomhoibrigh an tÚdarás le HSENI ar fheachtas cigireachta trasteorann ina ndírítear ar obair ar airde in earnálacha na foirgníochta agus na talmhaíochta. Chuir an comhthionscnamh sin ardán luachmhar ar fáil chun eolas rialála, taithí cigireachta agus cineálacha cur chuige praiticiúla rialaithe riosca a roinnt ar fud dlínsí. Trí bheith ag obair lena chéile, neartaigh an dá eagraíocht comhsheasmhacht i bhforfheidhmiú, cuireadh go mór lenár dtuiscint ar rioscaí earnáilsonracha, agus sainaithníodh cleachtais éifeachtacha ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar bhonn níos forleithne. Neartaigh an feachtas freisin naisc ghairmiúla idir cigirí, ag tacú le comhar leanúnach agus feabhsú leanúnach maidir le tionóiscí tromchúiseacha agus marfacha a chosc.

Gníomhaíocht i gClár Oibre 2025	Bainte amach in 2025
Dul i dteagmháil le coistí comhairleacha an Bhoird maidir le hearnálacha na sláinte agus an chúraim shóisialta, na foirgníochta agus na talmhaíochta chun léargas saineolaithe a bhailiú agus táscairí luatha a fhrámú chun treochtaí amach anseo agus dúshlán rialála fhéideartha a thuar i réimsí ar leith.	Tháinig Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Foirgníochta le chéile trí huair in 2025. Sa <i>Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Foirgníochta 2025 – 2027</i> teagtar amach ceithre phríomhspríoc agus cuspóirí gaolmhara agus tá tús curtha leis an obair ar na ceithre spríoc. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil go réamhghníomhach leis an gCoiste Comhairleach Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh chun sonraí earnáilsonracha a bhailiú maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, brúnna fórsa saothair agus athruithe ar sheachadadh seirbhíse a mbíonn tionchar acu ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe. Baineadh úsáid as míreanna struchtúrtha clár oibre agus plé téamach chun léargas saineolaithe a fháil ar shaincheisteanna reatha agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn a bhaineann le sealanna saothair agus seachadta seirbhíse, cáilíocht eolais agus faisnéise, nochtadh riosca síceasóisialta, agus cultúr na sábháilteachta. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an CCCSF maidir le hathbhreithniú iomlán ar an <i>gCód Cleachtais atá ann cheana chun Díobháil agus Drochshláinte Ceirde sa Talmhaíocht a Chosc</i> chun faisnéis earnáilsonrach a bhailiú ar shaincheisteanna nua nó ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn d'fhonn bonn eolais a chur faoi Chód Cleachtais nuashonraithe, atá le foilsiú in 2026.
Ár gcur chuige rialála a oiriúnú de réir mar is cuí chun léargais nua ar shonraí a léiriú.	I gcás ina dtarraingíonn sonraí aird ar phatrúin neamhchomhlíonta leanúnacha, tá cuir chuige oiriúnaithe againn amhail gníomhaíocht leantach fheabhsaithe, feachtais iniúchta níos téamaí, nó iarrachtaí cumarsáide treisithe chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna. I measc na samplaí den chur chuige sin in 2025 bhí ár bhfeachtas Ag Obair ar Airde, a fuair tacaíocht ó anailís ar shonraí ó thimpistí agus faoi dhíobháil, agus ár bhfeachtas um Marglanna Beostoic, a dearadh agus a cuireadh chun feidhme mar fhreagairt ar shonraí ar leibhéal íseal comhlíonta. Os a choinne sin, i gcás ina léiríonn sonraí comhlíonadh láidir, tá pointí tadhaill neamhriachtanacha laghdaithe againn, ag tacú le samhail rialála níos comhréire.
Ag leanúint ar aghaidh ón suirbhé maidir le hObair Dhearfach in 2024, teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann chun an plean gníomhaíochta a bheidh mar thoradh air a chur chun feidhme.	D'fhorbair meitheal thiomnaithe plean gníomhaíochta bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé maidir le hObair Dhearfach. Cuireadh an plean gníomhaíochta in iúl ar fud na heagraíochta. Táthar ag dul i ngleic le gníomhaíochtaí ar leibhéal aonaid agus trí thionscadail ar fud na heagraíochta. Tá tairbhí á mbreathnú cheana féin maidir le tacú le soiléireacht i ról an fhostaí trínár gcórais bainistíochta feidhmíochta.
An chéad bhliain de Straitéis Sonraí 2025-2027 an Údaráis a chur chun feidhme, ag díriú ar cháilíocht sonraí agus rialachas sonraí.	Tá cur chun feidhme Straitéis Sonraí 2025-2027 an Údaráis curtha chun cinn againn trí thosaíocht a thabhairt do rialachas láidir sonraí, trí cháilíocht sonraí a fheabhsú ar fud na heagraíochta, agus trína chinntiú go bhfuil rochtain ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann ar uirlisí praiticiúla tuairiscithe atá furasta le húsáid.
Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an intleacht shaorga a úsáid chun breisluach a chur le cleachtais oibre inmheánacha.	Bunaíodh meitheal chun iniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht úsáide na hintleachta saorga (IS) laistigh den Údarás. Tá uirlis IS curtha ar bun lena húsáid laistigh dár dtimpeallacht agus tá sí á triail faoi láthair. Forbraíodh Beartas um Úsáid Inghlactha IS agus cuireadh é chun feidhme, agus reáchtáladh seisiúin feasachta foirne. Chríochnaigh roinnt d'fhoireann an Údaráis cúrsaí oiliúna IS cuí.
Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta dár gClár um Fheabhsú Slándála Faisnéise, ag méadú slándála ar ár gcórais agus ar ár gcomhshaol agus ag cinntiú go bhfuil plean láidir um fhreagairt cibeartheagmhas i bhfeidhm.	Nearthaíomar ár slándáil faisnéise trínár gcórais a uasghrádú, ballaí dóiteáin a fheabhsú, agus tionscnaimh oiliúna agus feasachta foirne a leathnú, ag cinntiú go bhfuil ár dtimpeallacht níos sláine agus níos athléimní i gcoinne cibeartheagmhas fhéideartha. Tá plean um fhreagairt cibeartheagmhas i bhfeidhm.

Gníomhaíocht i gClár Oibre 2025	Bainte amach in 2025
Torthaí ár gcuid oibre a thomhas níos fearr	
Mar atá curtha chun tosaigh i Straitéis 2025-2027 an Údaráis, na chéad chéimeanna a chur i gcrích chun creat tuairiscithe a fhorbairt a fhágann gur féidir linn torthaí dearfacha a léiriú ar leibhéal straitéiseach. Bainfear é seo amach trí thionscadail ar leith chun bealaí nua oibre a léiriú. Áiríteoidh na tionscadail go n-úsáidfean an raon iomlán idirghabhálacha atá ar fáil don Údarás agus beidh tuairisciú ar fheidhmíocht na dtionscadal bunaithe ar thorthaí.	Bunaíodh grúpa oibre d'fhonn creat cuí a fhorbairt chun dul chun cinn a thuairisciú agus a mheas i gcoinne na dtorthaí a gealladh i Straitéis 2025-2027 an Údaráis. Tá athbhreithniú déanta ag an ngrúpa oibre ar shamhlacha atá ar fáil agus ar chuir chuige a glacadh ar fud na hearnála poiblí i gcoitinne agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Forbraíodh cur chuige tosaigh bunaithe ar roinnt idirghabhálacha píolótacha, agus rachaidh sé ar aghaidh chuig cur chun feidhme píolótach in 2026. Lorgófar tuilleadh saineolais sheachtraigh in 2026 d'fhonn an cur chuige a bhailíochtú agus a chur ar an eolas agus ailíniú leis an gcleachtas is fearr i gcomhthéacs fhorbairt an chéad ráitis straitéise eile de chuid an Údaráis.
Bliain dheiridh na Straitéise Cumarsáide agus na Straitéise maidir le Daoine araon a chur chun feidhme. Athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na straitéisí trí bliana seo agus cuir chuige don todhchaí a phleanáil.	Cuireadh an Straitéis Cumarsáide agus an Straitéis maidir le Daoine i gcrích in 2025. Tá athbhreithniú le déanamh ar na torthaí agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón dá straitéis in 2026. Tá roghanna maidir le straitéisí cumasúcháin amach anseo atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha uileghabhálacha an Údaráis le breithniú.
Luach na hinfheistíochta a dhéantar sa teicneolaíocht a uasmhéadú	
Ár n-ardán cásbhainistíochta nua a fhorbairt tuilleadh chun éifeachtúlachtaí a mhéadú agus eispéiris an chustaiméara a fheabhsú, ina ndíreofar ar réimsí mar uathobriú, soghluaisteacht agus tairseacha do chustaiméirí.	Leanadh le seachadadh an chláir um chlaochlú an Chórais i rith 2025, agus seachadadh feabhsuithe córais trí phróiseas gnó mar is gnách, agus rinneadh dul chun cinn láidir ar fud na gcéimeanna anailíse, dearaidh agus tógála de na sruthanna oibre a bhí fágtha. Rinneadh dul chun cinn maith i gCéim 2 – lena gcumhdaítear uathobriú, feidhmiúlacht maidir le Rialú ar Ghuaiseacha Mórthionóiscí (COMAH), an bonn eolais agus tairseacha nua – le linn 2025, agus tá sé fós ar an mbóthar ceart lena n-imscaradh in 2026. Cuireadh tús leis an obair freisin ar Chéim 3, ina ndírítear ar mhapáil agus ar shoghluaisteacht agus tá sé sceidealaithe le húsáid in 2026 freisin. Neartaíodh tuairisciú ó ardán an Chórais le linn 2025, agus bhí níos mó léargais ar fáil chun pleanáil níos éifeachtaí a chur chun cinn.
A chinntiú go bhfeabhsaítear feidhmchláir atá os comhair custaiméirí chun ionchais na gcustaiméirí a chomhlíonadh, comhsheasmhacht cur chuige a ghlacadh, agus riachtanais inrochtaineachta a chomhlíonadh go hiomlán.	Rinneadh bonneagar teicniúil ceann dár bpríomhfheidhmchláir atá dírithe ar chustaiméirí, BeSMART, a uasghrádú le linn 2025, rud a chuir feabhas ar an tslándáil agus ar an inrochtaineacht.
Riachtanais a shainiú maidir le Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna agus Córas Bainistíochta Foghlama nua, agus soláthar a thionscnamh de réir mar is cuí.	Tar éis cleachtadh scóipe in 2025, tá tuilleadh oibre le déanamh chun riachtanais a shainiú agus rannpháirtíocht luath sa mhargadh a thionscnamh d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann an tÚdarás Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna agus Córas Bainistíochta Foghlama nua a fhreastalaíonn ar riachtanais ghnó laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.
Córas Bhainisteora Caidrimh Cliant agus uirlisí TF eile Bhord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann a fhorbairt chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a uasmhéadú.	Rinneadh feabhsuithe córais a sheachadadh ar Bhainisteoir Caidrimh Cliant BNÉC trí phróiseas gnó mar is gnách i rith 2025. Úsáideadh ClickLearn (uirlis oiliúna) i rith na bliana chun oiliúint éifeachtach a sholáthar don fhoireann. Baineadh úsáid as uirlisí ar nós Microsoft Power BI chun tuairiscí agus léargas a sheachadadh, feabhas a chur ar éifeachtacht na bpróiseas. Reáchtáil BNÉC cruinnithe coicise maidir le cothabháil agus forbairt an Bhainisteora Caidrimh Cliant amach anseo. Beartaíodh uasghrádú ar an bhfeidhmchlár reatha bogearraí, agus táthar ag súil lena thabhairt chun críche in 2026.

Ár gclár á sheachadadh: Ár dtionchar á thomhas

Déanaimid monatóireacht ar sheachadadh ár straitéise agus ár gclár oibre agus sinn ag baint úsáid as raon beart toraidh agus aschuir. Tuairiscímid méadrachtaí maidir le gníomhaíochtaí agus aschuir chlár dár mBord trí thuarascálacha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF), tuarascálacha ráithiúla agus tuarascálacha bliantúla. Tuairiscímid don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta ar bhonn ráithiúil agus bliantúil. Cuirtear rogha de na príomh-mhéadrachtaí aschuir i láthair i dTábla 2.


Tábla 2.
Príomhtháscairí feidhmíochta 2025

Príomhtháscairí feidhmíochta	sprioc 2025	bainte amach in 2025
Cigireachtaí (sábháilteacht agus sláinte cheirde)	11,000	10,782
Cigireachtaí (An tAcht Ceimiceán agus Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar)	900	1,052
Measúnuithe ar Fhaireachas Margaidh (táirgí ceimiceacha)	750	755
Measúnuithe ar Fhaireachas Margaidh (táirgí tionsclaíocha)	450	426
Úsáideoirí nua BeSMART	10,000	24,497
Tuairimí eolaíocha ullmhaithe do Choistí ECHA	4	5
Tograí nua chun aicmiú agus lipéadú substaintí a chomhchuíbhiú	1	1
Cinntí creidiúnaithe (feidhmchláir nua)	15	13
Cinntí creidiúnaithe (creidiúnuithe atá ann cheana a athnuachan nó leathnú ar an raon feidhme)	400	331
Cúrsa foghlama HSA a tógadh	60,000	83,234

Is gá tuairisc a thabhairt chomh maith ar ár ndul chun cinn maidir le torthaí straitéiseacha fadtéarmacha a sheachadadh. Bainfear amach go leor de na torthaí a bhfuiltear ag súil leo inár Straitéis 2025-2027 thar thrí chlár oibre bliantúla na tréimhse straitéise, agus leanfaidh ár gcuid oibre maidir le roinnt torthaí i bhfad isteach sa chéad tréimhse straitéise eile agus ina dhiaidh sin fós. Mar sin féin, is féidir linn a chur in iúl cheana féin go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh againn maidir le cuid de na torthaí straitéise a sheachadadh sa ghearrthéarma. Tá rogha samplaí san áireamh thíos.

Tosaíocht Straitéiseach 1:

Comhlíonadh a Thógáil agus Tacaíocht a thabhairt don Chomhlíonadh



An toradh ionchasach:

Fiontair, sealbhóirí dualgais agus páirtithe leasmhara atá eolach agus atá in ann ceanglais rialúcháin a chomhlíonadh.

Cás-staidéar:

Feachtas maidir le Marglanna Beostoic

In 2025, rinne an tÚdarás feachtas spriocdhírthe a bhí dírithe ar fheasacht a mhúscailt ar rioscaí sábháilteachta i marglanna beostoic ar fud na hÉireann. Is sampla é an tionscnamh seo de theachtaireachtaí tábhachtacha a sheachadadh d'fhiontair bheaga trí úsáid aclaí, bunaithe ar riosca agus comhordaithe acmhainní.

Tar éis anailís a dhéanamh ar thorthaí ó chigireachtaí ar mharglanna beostoic, aithníodh nár chomhlíon ráilí i roinnt fáinní marglann an airde íosta molta de 2.1 méadar. D'oibrigh roinnt foirne laistigh den Údarás le chéile chun dul i dteagmháil le bainisteoirí marglainne, chun feasacht a ardú agus caighdeán sábháilteachta a neartú. I measc na ngníomhaíochtaí bhí:

- ▶ feachtas for-rochtana spriocdhírthe ar mharglanna le déanamh i gcomhthráth le séasúr bhreith na laonna;
- ▶ pacáiste faisnéise i gcóip chrua a fhorbairt lena scaipeadh ar 84 bainisteoirí marglainne ar fud na tíre;

- ▶ cuireadh chun dul i dteagmháil le foireann ár n-ionaid teagmhála oilte chun tuilleadh sonraí a fháil; agus
- ▶ méadrachtaí rannpháirtíochta agus aiseolas a thiomsú chun bonn eolais a chur faoi chigireachtaí agus for-rochtain san earnáil amach anseo.

Tar éis na teagmhála tosaigh le bainisteoirí marglainne, rinneadh níos mó ná 12,000 cuairt ar an treoir sábháilteachta ábhartha ar ár láithreán gréasáin, rud a léiríonn méadú mí ar mhí 76%, agus íoslódáladh an doiciméad níos mó ná 200 uair.

Maidir leis an toradh a bhfuiltear ag súil leis ó fhiontair eolacha agus ó shealbhóirí dualgais a bhaint amach, thuairiscigh ár gcigirí talmhaíochta idirghníomhaíocht agus plé méadaithe le bainisteoirí marglainne maidir le caighdeán sábháilteachta. Leanfar le measúnú a dhéanamh ar thionchar na rannpháirtíochta seo ar chomhlíonadh na gcleachtas sláinte agus sábháilteachta i marglanna beostoic mar chuid de ghníomhaíocht chigireachta leanúnach san earnáil talmhaíochta.



Tosaíocht Straitéiseach 2:

Tionchar, Oideachas agus Comhoibriú



An toradh ionchasach:

Aithnítear an tÚdarás mar thús cadhnaíochta maidir le beartas agus reachtaíocht a bhaineann lenár sainordú.

Cás-staidéar:

Aicmiú pipearóinil

In 2025, chomhaontaigh Coiste um Measúnú Riosca ECHA togra an Údaráis chun pipearóinil a aicmiú agus tá sé sceidealaithe anois lena chur san áireamh ag an gCoimisiún Eorpach in Iarscríbhinn VI de Rialachán an Aontais maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú.

Tar éis iad a chur san áireamh, ceanglófar táirgí ina bhfuil pipearóinil a aicmiú agus a lipéadú mar thocsain atáirgthe, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann iad a úsáid ar bhealach níos sábháilte. Leanfar bearta bainistíochta riosca breise freisin, lena n-áirítear srian ar úsáid pipearóinil i dtáirgí tomhaltóirí faoi Chlárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH).

In 2025, rinneamar measúnú freisin ar an ngá atá le haon bheart breise bainistithe riosca ar fud an Aontais don tsubstaint sin chun oibrithe agus tomhaltóirí a chosaint. D'fhonn gníomhaíochtaí rialála comhordaithe a áirithiú ar leibhéal an Aontais, táimid ag fanacht faoi láthair le bailchríoch a chur ar mheasúnú ECHA ar ghrúpa substaintí atá comhchosúil ó thaobh struchtúir de (a bhfuiltear ag súil leis go luath in 2026) sula gcríochnóimid ar an mbealach chun cinn le haghaidh pipearóinil. Leanfar leis an obair seo in 2026.



Tosaíocht Straitéiseach 2:

Tionchar, Oideachas agus Comhoibriú



Cás-staidéar:

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2025

Gach bliain, bíonn láithreacht shuntasach ag an Údarás ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta d'fhonn teagmháil a dhéanamh le baill den phobal agus príomhtheachtaireachtaí faoi shábháilteacht feirme a roinnt. Sa bhliain 2025, bhain an tÚdarás leas as an deis seo chun díriú ar ghuaiseacha lena n-áirítear innealra, tógáil ar fheirmeacha agus obair ar airde. Díríodh go háirithe ar na rioscaí a bhíonn ag baill níos sine den phobal feirmeoireachta, mar go léiríonn staitisticí gur bhain níos mó ná leath na dteagmhais marfach ar fheirmeacha le daoine 65 bliana d'aois agus níos sine le linn na tréimhse 10 mbliana ó 2015 go 2024.

Bhí ollphuball agus limistéar sábháilteachta agus taispeántais bheo an Údaráis le feiceáil go suntasach sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha. Chuir foireann an Údaráis roinnt agallamh teilifíse, digiteach agus raidió ar fáil le linn na hócáide trí lá. Ghlac foireann an Údaráis páirt i bplé painéal sábháilteachta feirme le Agriland freisin.

Ar ardáin meán sóisialta an Údaráis, ghin postálacha a bhain lenár ngníomhaíocht ag Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2025 níos mó ná 81,000 imprisean. Fuair físeán de léiriú beo ar thitim ionsamhlaithe ó airde ar shuíomh feirme, a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtí imeachtaí seachtracha, níos mó ná 10 milliún amharc ar na meáin dhigiteacha.

Trí fhor-rochtain leanúnach, rannpháirtíocht agus cumarsáid spriocdhírthe, leanfaidh an tÚdarás de thosaíocht a thabhairt do phríomhtheachtaireachtaí sláinte agus sábháilteachta a threisiú i measc bhaill an phobail feirmeoireachta.



Tosaíocht Straitéiseach 2:

Tionchar, Oideachas agus Comhoibriú



An toradh ionchasach:

Aithnítear an tÚdarás mar thús cadhnaíochta maidir le beartas agus reachtaíocht a bhaineann lenár sainordú.

Cás-staidéar:

Forbairt beartais sláinte agus sábháilteachta gaoithe amach ón gcósta

Agus infheistíocht shuntasach ann sa ghaoth amach ón gcósta agus ionchas leis go ceann na mblianta amach romhainn, lean an tÚdarás de bheith ag plé go forleathan leis an earnáil fuinnimh gaoithe in 2025. I measc na rannpháirtíochta bhí cruinnithe rialta leis an gcomhlachas trádála fuinnimh gaoithe agus plé díreach le forbróirí gaoithe amach ón gcósta Chéim 1. Chuir na hidirghníomhaíochtaí sin deiseanna ar fáil chun soiléireacht rialála a thairiscint, éisteacht le hábhair inní sa tionscal, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a d'ardaigh páirtithe leasmhara.

Le linn 2025, d'oibrigh an tÚdarás go dlúth freisin le RFTF ar ábhair a bhaineann le creat rialála OSH don timpeallacht amach ón gcósta. Ina theannta sin, leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht agus comhoibriú tras rannach le gníomhaireachtaí ábhartha eile, agus díriodh ar shoiléireacht a sholáthar don earnáil.

Ag teacht lenár Ráiteas Straitéise 2025-2027, leanfaidh an tÚdarás ag obair go réamhghníomhach leis an tionscal, le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí ábhartha d'fhonn a chinntiú go bhfanfaidh creat Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde éifeachtach chun sábháilteacht, sláinte agus leas na n-oibrithe go léir atá ag obair sa timpeallacht amach ón gcósta a chosaint.



Tosaíocht Straitéiseach 3:

Barr Feabhais Eagraíochtúla



An toradh ionchasach:

Eagrúchán atá dea-struchtúrtha agus sofhreagúil, le hinniúlacht inmheánach arna comhlánú ag saineolas seachtrach, chun oiriúnú d'éilimh.

Cás-staidéar:


Acadamh Ceannaireachta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2025

In 2025, chríochnaigh grúpa bainisteoirí ó gach cearn den Údarás an chéad Chlár Ceannaireachta Oiriúnaitheach de chuid na heagraíochta. Is cúrsa saincheaptha é an clár CNC Leibhéal 8, atá creidiúnaithe ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, ina gcomhcheanglaítear modúil mhúinte agus tionscadail obairbhunaithe atá deartha chun luachanna, misean agus tosaíochtaí straitéiseacha an Údaráis a léiriú.

Arna sheachadadh thar cheithre mhodúl, ba é cuspóir an chláir na scileanna, na dearcthaí agus an fhaisnéis mhothúchánach a thabhairt dár gceannairí a chuirfidh ar a gcumas foirne ardfeidhmíochta a stiúradh agus seachadadh tionscnamh straitéiseach a chur chun cinn.

Bunaíodh agus tugadh de chumhacht do ghrúpaí oibre lena n-áirítear gach bainisteoir agus faoi stiúir alumni na Ceannaireachta Oiriúnaí dúshláin a aithint, réitigh inbhuanaithe a fhorbairt, agus a bheith ina dtacadóirí dearfacha do chleachtais oibre éifeachtacha ar fud ár n-eagraíochta.

Tá an tionscnamh seo chun infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine agus ina gcumas ríthábhachtach chun toradh straitéiseach eagraíochta a bhfuil acmhainní barrmhaith aici agus atá réidh chun freastal ar éilimh a sheachadadh.



Líon gníomhaíochtaí 2025 an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta



Cineál cáis don Lárionad Teagmhála



Timpistí agus
teagmhais

11,084



Fógraí agus
aighneachtaí

1,337



Fiosrúcháin
teagmhála

8,204



Gearáin

2,167



Iomlán na gcásanna don
Lárionad Teagmhála

22,792

Modh teagmhála



Ar líne

12,069



Guthán

5,451



Ríomhphost

5,006



Litir

149

Eile

117



Aguisín 1:

Sleachta ó Ráitis
Airgeadais neamhiniúchta
an Údaráis Sláinte agus
Sábháilteachta don
bhliain dar críoch
31 Nollaig 2025

Réamhrá

I gcomhréir le ceanglais Alt 48 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ceanglaítear ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta Ráitis Airgeadais a chur i dtoll a chéile gach bliain. Tagann deireadh le bliain airgeadais an Údaráis ar an 31 Nollaig gach bliain. Ní mór do na ráitis airgeadais a bheith i bhfoirm a cheadódh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, le comhaontú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás an méid a leanas a dhéanamh:

- ▶ Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú;
- ▶ Luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Bíonn an tÚdarás freagrach as leabhair chuntasaíochta chearta a choimeád ina nochtar staid airgeadais an Údaráis le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Bíonn an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaíoch agus ar neamhrialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Tá DRÉACHT-Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 ullmhaithe agus bhreithnigh an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais iad ag a chruinniú a tionóladh Déardaoin an 19 Márta 2026. Ullmhaíodh na DRÉACHT-ráitis Airgeadais do 2025 i gcomhréir le forálacha ábhartha FRS102 agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Rinne an Coiste athbhreithniú ar na DRÉACHT-ráitis Airgeadais 2025 agus mhol sé iad ar bhonn 'gan athrú ábhartha'. Ar an 19 Márta, d'fhormheas an Bord na sleachta sonracha d'fhaisnéis airgeadais neamhiniúchta ó na Dréacht-Ráitis Airgeadais lena gcur i dTuarascáil Bhliantúil 2025 an Údaráis.

Cuireann an tÚdarás na DRÉACHT-Ráitis Airgeadais faoi bhráid na Roinne agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go foirmiúil roimh an 31 Márta gach bliain, agus déanfaidh siad an t-iniúchadh seachtrach. Níl an obair allamuigh inniúchta sceidealaithe i mbliana fós, agus is faoin Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá sé sin.

Baintear an fhaisnéis thíos ó DHRÉACHT-Ráitis Airgeadais 2025 agus níor cheart a mheas gur foinse iontaofa faisnéise airgeadais í maidir le gnóthaí airgeadais an Údaráis go dtí go mbeidh an iniúcháireacht sheachtrach tugtha chun críche. Áireofar sna Ráitis Airgeadais iniúchta na doiciméid seo a leanas mar aon le sraith iomlán nótaí míniúcháin –

- ▶ Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltai Boird
- ▶ Ráiteas ar Rialú Inmheánach
- ▶ Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
- ▶ Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
- ▶ Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025
- ▶ Ráiteas ar Shreafaí Airgid
- ▶ Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nuair a bheidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích agus nuair a gheofar Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, déanfaidh an tÚdarás na socruithe cuí chun na Ráitis Airgeadais a ndearnadh iniúchadh orthu a chur faoi bhráid an Aire lena bhfaomhadh agus lena gcur faoi bhráid Thithe an Oireachtais go foirmiúil.

Is féidir teacht ar chóip de na Ráitis Airgeadais iniúchta ar shuíomh idirlín an Údaráis i ndiaidh don iniúchadh seachtrach a bheith curtha i gcrích. Tá próiseáil idirbhearta airgeadais an Údaráis curtha amach ar conradh don chonraitheoir seachtrach (Crowley's DFK).

Faisnéis

	Ainm	Ceapachán den chéad uair	Athcheapachán	Dáta Éaga	Cineál Poist
Comhaltaí an Bhoird	Bríd De Buitléar	11/08/2020	11/08/2023	10/08/2026	Comhalta Boird
	Ciaran Roche	11/08/2020	11/08/2023	10/08/2026	Comhalta Boird
	Eamonn Stapleton	20/12/2025		19/12/2028	Comhalta Boird
	Elaine Bowers	20/12/2025		19/12/2028	Comhalta Boird
	Fiona Kilcullen	25/09/2023		24/09/2026	Comhalta Boird
	John Murphy	20/12/2025		19/12/2028	Comhalta Boird
	Katie Morgan	20/12/2025		19/12/2028	Comhalta Boird
	Mary Coyne	11/08/2020	11/08/2023	10/08/2026	Comhalta Boird
	Paddy Kavanagh	20/12/2025		19/12/2028	Leaschathaoirleach
	Padraig Somers	20/12/2025	20/12/2025	19/12/2028	Comhalta Boird
	Patricia Byron	30/06/2023		29/06/2026	Cathaoirleach
	Terry O’Niadh	30/06/2023		29/06/2026	Comhalta Boird
	Paul Kelly	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Leaschathaoirleach
	David Hughes	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Comhalta Boird
	Michelle Quinn	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Comhalta Boird
	Frank Kelly	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Comhalta Boird
	Deirdre MacDonald	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Comhalta Boird
An Príomhfheidhmeannach	Conor O’Brien			Críochnaíodh a théarma ar 27/06/2025	
	Mark Cullen			Ceaptha ar an 17/10/2025	
Ceannoifg	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta An Foirgneamh Cathrach Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1 D01 K0Y8				
Iniúcháir	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 D01 PF72				
Cuntasóirí	Crowleys DFK Cuntasóirí Cairte 5 Cé an Lapaigh, Corcaigh T12 RW7D				
Iniúcháirí Inmheánacha	Deloitte Áras Deloitte & Touche 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2 D02 AY28				
Aturnae	Mason Hayes and Curran Teach an Bhruaigh Theas Sráid na Bearú, Baile Átha Cliath 4 D04 TR29				
Banc	Banc na hÉireann Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 D02 Y754				

Aguisín 1 | Sleachta ó na Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar an 1 Samhain 1989 faoi réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, mar a bhí ann an uair sin. Tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ina ionad. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 16 d'Acht 2005. Tá an Bord freagrach don Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol faoi údarás tarmilgthe ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, rud a dhéanann sé trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treo an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ó lá go lá. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a dheimhniú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an gcomhlacht agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Is idirghabhálaí díreach é an POF idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, sna Buanorduithe a d'fhaomh an Bord, i Sceideal na bhFeidhmeanna Forchoimeáda agus Tarmilgthe, ina luaitear chomh maith na hábhair atá forchoimeáda go sonrach do chinneadh an Bhoird. San áireamh ar na ábhair sheasta a bhreithníonn an Bord, tá:

- ▶ Dearbhú leasanna;
- ▶ Tuarascálacha ó Choistí;
- ▶ Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- ▶ Tuarascálacha feidhmíochta; agus
- ▶ Cúrsaí forchoimeáda.

Ceanglaítear le hAlt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar an Údarás gach cuntas cuí agus gnásúil ar gach airgead a fuair sé is a chaith sé a choinneáil i gcíbe foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta an méid seo a leanas a dhéanamh

- ▶ Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ▶ Luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais; agus
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbíonn sé cuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta chearta a choimeád a nochtann a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus cruinneas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh idirlín an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Ní mór meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta trí thagairt a dhéanamh don phlean agus buiséad bliantúil a dhéanamh go rialta ag cruinnithe an Údaráis.

Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Tá an Bord den tuairim go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta léargas fírinneach agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta amhail an 31 Nollaig 2025.

Struchtúr an Bhoird

Cathaoirleach, Leaschathaoirleach, 10 gnáthchomhaltaí atá ar an mBord, agus cheap an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochtaí gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse trí bliana agus buaileann siad le chéile ar bhonn rialta. Tá tréimhse ceapacháin ár gcomhaltaí reatha liostaithe thíos:

	Ainm	Ceapachán den chéad uair	Athcheapachán	Dáta Éaga	Cineál Poist
Comhaltaí an Bhoird	Bríd De Buitléar	11/08/2020	11/08/2023	10/08/2026	Comhalta Boird
	Ciaran Roche	11/08/2020	11/08/2023	10/08/2026	Comhalta Boird
	Eamonn Stapleton	20/12/2025		19/12/2028	Comhalta Boird
	Elaine Bowers	20/12/2025		19/12/2028	Comhalta Boird
	Fiona Kilcullen	25/09/2023		24/09/2026	Comhalta Boird
	John Murphy	20/12/2025		19/12/2028	Comhalta Boird
	Katie Morgan	20/12/2025		19/12/2028	Comhalta Boird
	Mary Coyne	11/08/2020	11/08/2023	10/08/2026	Comhalta Boird
	Paddy Kavanagh	20/12/2025		19/12/2028	Leaschathaoirleach
	Padraig Somers	20/12/2025	20/12/2025	19/12/2028	Comhalta Boird
	Patricia Byron	30/06/2023		29/06/2026	Cathaoirleach
	Terry O'Niadh	30/06/2023		29/06/2026	Comhalta Boird
	Paul Kelly	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Leaschathaoirleach
	David Hughes	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Comhalta Boird
	Michelle Quinn	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Comhalta Boird
	Frank Kelly	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Comhalta Boird
	Deirdre MacDonald	20/12/2019	20/12/2022	20/12/2025	Comhalta Boird

Tá ceithre (4) Choiste bunaithe ag an mbord, atá le feiceáil thíos:

1. **An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais:** ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird. Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais ná tacú le Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ina fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht airgeadais, riosca, rialú agus rialachas corparáideach trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe maidir le freastal ar riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe sin. Tá an Coiste neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, deimhníonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuiriscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.
- Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais le linn 2025 ná: Mary Coyne (Cathaoirleach), David Hughes, Frank Kelly agus Paul Kelly. Bhí ocht (10) gcrúinniú ag an gCoiste in 2025.

2. **An Coiste Stiúrtha Straitéisigh:** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Stiúrtha Straitéisigh ná breithniú a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach an Údaráis agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.
- Ba iad comhaltaí an Choiste Stiúrtha Straitéisigh le linn 2025 ná: Patricia Byron (Cathaoirleach), Bríd De Buitléar, Paul Kelly, Michelle Quinn agus Fiona Kilcullen. Bhí trí (2) chruinniú ag an gCoiste Stiúrtha Straitéisigh le linn 2025
3. **An Coiste Reachtaíochta agus Treorach:** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Reachtaíochta agus Treorach (R&T) ná monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngnéithe reachtaíochta agus treorach de chlár oibre an Údaráis, agus scrúdú a dhéanamh ar thograí reachtaíochta, Cóid Chleachtais agus, más gá, Treoir a ghabhann leo, agus conclúidí agus/nó moltaí cuí a chur faoi bhráid an Bhoird.
- Ba iad comhaltaí an Choiste Reachtaíochta agus Treorach le linn 2025 ná: Deirdre MacDonald (Cathaoirleach), Padraig Somers, Ciarán Roche, Frank Kelly agus Michelle Quinn. Bhí cruinniú amháin (1) ag an gCoiste Reachtaíochta agus Treorach in 2025.

4. Coiste BNÉC: Is Coiste den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC). Tá 11 chomhalta reatha agus folúntas amháin ar Bhord BNÉC, a dhéanann cinntí maidir le creidiúnú a bhronnadh, agus is é Bord an Údaráis a cheapann na comhaltaí sin. Níl aon chomhaltaí den Bhord ar an gCoiste seo.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas

Tá sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird agus Coiste in 2025 leagtha amach thíos, na táillí agus na costais a fuair gach comhalta san áireamh:

	An Bord	An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais	An Coiste Stiúrtha Straitéisigh	An Coiste Reachtaíochta agus Treorach	Táillí 2024 €	Speansais 2024 €
Líon na gcruinnithe	9	10	2	1		
Patricia Byron	9		2		11,970	-
Paul Kelly	8	10	2		7,695	-
Bríd De Buítléar	8		2		7,695	-
Ciarán Roche	9			1	7,695	1,198
David Hughes	5	9			7,695	-
Deirdre MacDonald	9			1	7,695	2,322
Fiona Kilcullen	9		1		-	-
Frank Kelly	6	5		1	7,695	-
Mary Coyne	9	10			7,695	2,043
Michelle Quinn	0		0	0	7,695	-
Padraig Somers	8			1	7,695	290
Terry O’Niadh	9				7,695	1,529
					88,920	7,382

Ní bhfuair Fiona Kilcullen táillí Boird faoin bprionsabal “Duine Aonair, Tuarastal Aonair” (DATA) mar is oifigeach í de chuid na Roinne Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta.

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

D’éirigh Conor O’Brien as a phost mar POF ar an 27 Meitheamh 2025. Ceapadh Mark Cullen mar POF Eatramach an 30ú Meitheamh 2025 sular ceapadh é go foirmiúil mar POF ar an 17 Deireadh Fómhair 2025.

Tháinig deireadh le téarma Paul Kelly, David Hughes, Deirdre MacDonald, Frank Kelly agus Michelle Quinn mar chomhaltaí Boird ar an 20 Nollaig 2025.

Ceapadh Eamonn Stapleton, Elaine Bowers, John Murphy, Katie Morgan agus Paddy Kavanagh mar chomhaltaí Boird ar an 20ú Nollaig 2025.

Nochtaí a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Is é an Bord atá freagrach as a dheimhniú gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”) mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016.

In 2025, fuair Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, 96 nochtadh cosanta ó pháirtithe lasmuigh den Údarás agus a bhain le tríú páirtithe, arna gcur isteach ag páirtithe lasmuigh den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. As an 96 thuarascáil a fuarthas, measadh gur gá tuilleadh obair leantach a dhéanamh ar 51 acu.

Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach ó bhaill foirne an Údaráis.

Ceanglaíonn an Cód orainn na nochtaí seo a leanas a dhéanamh:

Costais Sainchomhairleoireachta

San áireamh orthu sin tá costas comhairle seachtraí don bhainistíocht ach níl feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre san áireamh

	2025 €	2024 €
Comhairle Dlí	14,054	54,047
Comhairle airgeadais/achtúireach	33,087	14,760
Sainchomhairleoireacht TF	399,039	423,979
Cumarsáid Sheachtrach	-	41,714
Sainchomhairleoireacht sláinte ceirde	-	6,765
Forbairt Straitéisí	-	156,401
Acmhainní Daonna	64,544	1,846
Costais Sainchomhairleoireachta san Iomlán	510,724	699,512

Costais sainchomhairleoireachta chaipitlithe

	-	-
Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe	510,724	699,512
Iomlán	510,724	699,512

Costais agus Socruithe Dlí

Tugann an tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a gearradh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a fuair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas

	2025 €	2024 €
Táillí dlí	151,465	49,314
Íocaíochta comhréitigh agus eadrána	-	-
Socruithe	-	-
Iomlán	151,465	49,314

San áireamh leis na costais dlí seo tá méid de €0 a bhaineann le cúinsí leanúnacha le gníomhaireachtaí Stáit eile

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar rangú ar chaiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

	2025 €	2024 €
Baile		
An Bord	7,382	15,241
Fostaithe	1,643,552	1,552,833
Idirnáisiúnta		
An Bord	-	-
Fostaithe	102,910	109,748
Iomlán	1,753,844	1,677,822

Áirítear leis caiteachas taistil agus cothaithe de €7,382 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2025 (2024: €15,241). D’íoc an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta caiteachas taistil idirnáisiúnta agus cothaithe de €0 thar ceann chomhaltaí an Bhoird in 2025 (2024: €0).

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2025 €	2024 €
Fáilteachas Foirne	14,598	20,252
Fáilteachas do chliaint/eile	250	935
Iomlán	14,848	21,187

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in 2016 agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm le deimhniú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú den chuid is mó in 2025.4.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

An raon freagrachta

Thar ceann chomhaltaí Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, glacaim lenár bhfreagracht a chinntiú go gcoinneofar agus go n-oibreofar córas éifeachtach um rialú inmheánach. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní cinnteacht iomlán atá sa chóras ach cinnteacht réasúnach go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus go ndéantar taifead cuí orthu, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Bonneagair Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Rinne an tÚdarás na bearta seo a leanas le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialála i bhfeidhm:

- ▶ freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- ▶ nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus beart ceartaitheach cuí a chinntiú;
- ▶ próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint; agus
- ▶ cultúr cuntasachta a fhorbairt i ngach leibhéal den eagraíocht.

An Cumas chun dul i ngleic le Riosca

Chuir an tÚdarás na próisis seo a leanas ar bun chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas:

- ▶ Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Údaráis a shainaithint, lena n-áirítear méid agus catagóirí an riosca a mheasann sé a bheith inghlactha;
- ▶ Dóchúlacht na rioscaí aitheanta a mheas;
- ▶ Measúnacht a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a bheidh ann a bhainistiú agus a mhaolú;
- ▶ Measúnacht a dhéanamh ar chostais rialaithe ar leith a fheidhmiú i gcomhréir leis an sochar a bhaineann leo; agus
- ▶ Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna agus ar thacaíocht an Údaráis do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá an córas rialaithe inmheánach bunaithe ar chreatlach de ghnáthfhaisnéis bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmiligthe agus cuntasachta. Áirítear leis sin go sonrach:

- ▶ Córas cuimsitheach buiséadaithe a bhfuil buiséad bliantúil aige a chomhaontaíonn agus a athbhreithníonn an Bord;
- ▶ Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais réamhaisnéisí;
- ▶ Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- ▶ Treoirí ceannaigh agus faofa atá sainmhínithe go soiléir; agus
- ▶ Disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadail.

Oibríonn an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais, a tháinig le chéile deich n-uaire i rith na bliana, go dlúth leis an mBord ar réimsí riosca a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an Údarás. Leagann an Bord amach an fonn riosca atá ar an Údarás, deimhníonn sé go bhfuil próisis bainistíochta riosca i bhfeidhm, agus mionsonraíonn sé na ról agus na freagrachtaí atá ag baill foirne i dtaca le riosca. Déanann clár rioscaí, ina sainaithnítear príomhrioscaí don Údarás, meastóireacht ar na rioscaí agus cuireann sé in ord iad de réir a ndóchúlachta agus de réir a n-iarmhairtí don Údarás, bunaithe ar mhaitrís scórála aontaithe. Déanann an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ag gach cruinniú.

Is féidir linn a dhearbhu go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm do na réimsí seo a leanas:

- ▶ Tuairiscíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó;
- ▶ Sannadh freagrachtaí airgeadais ag an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- ▶ Tá córas buiséadaithe cuí ann, le buiséad bliantúil, ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú;
- ▶ Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, chun na sócmhainní a chosaint.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás, a oibríonn i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2016. Cabhraíonn gnólacht iniúcháirí neamhspleácha leis an Údarás chun an plan iniúchta inmheánaigh a d'fhaomh a Bord a chur i bhfeidhm. Braitheann obair an iniúchta inmheánaigh ar an anailís a dhéantar ar an riosca a nochtar an tÚdarás dó, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Tacaíonn Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais leis an anailís ar an riosca agus ar na pleananna iniúcháirí inmheánaigh agus faomhann Bord an Údaráis iad. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, cuirfidh an tIniúcháirí Inmheánach tuarascáil faoi bhráid an Údaráis ar ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí. San áireamh leis an tuarascáil seo, tá tuairim an Iniúcháirí Inmheánaigh ar oiriúnacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Déanfaidh obair an iniúcháirí inmheánaigh, an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais, a mhaoirsíonn obair an iniúcháirí inmheánaigh, an Feidhmeannas laistigh den Údarás a bhfuil an fhreagracht air as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ráitis a dhéanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile, déanfaidh siad eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Soláthar

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun comhlíontacht le rialacha agus le treoirlínte soláthair a dheimhniú, agus gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta na nósanna imeachta sin den chuid is mó in 2025.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Rinne an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ar an 29 Eanáir 2026 le deimhniú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Chun eolas a dhéanamh don athbhreithniú a rinne sé ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, d'fhéach an Bord ar thuarascálacha bliantúla an Fheidhmeannais ar phróisis bhainistíochta riosca agus bainistíochta sábháilteachta, chomh maith le sraith de thuarascálacha airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil ar Chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú. Féachadh ar na tuarascálacha sin agus ar thuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais agus tuarascálacha rialta an Iniúcháirí Inmheánaigh. Rinne na hIniúcháirí Inmheánacha athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais i mí an Mhárta in 2026.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha in 2025. Tá dearbhú réasúnta ag an Údarás gur éifeachtach na córais rialuithe inmheánacha atá tionscanta agus atá curtha i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteacht don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laige i dtaca le rialú inmheánach i ndáil le 2025

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
Ioncam			
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta - Deontas Oireachtais		34,296,418	31,864,977
Ioncam Creidiúnaithe		3,750,532	3,569,274
Ioncam COMAH		114,200	116,850
Ioncam Eile		205,067	444,851
Maoiniú sochair scoir iarchurtha		5,187,713	5,464,055
		43,553,930	41,460,007
Caiteachas			
Costais Tuarastal	6	21,309,246	19,376,762
Costais Sochair Scoir	13	7,179,418	7,503,977
Costais Oibriúcháin	8	13,327,462	12,764,029
		41,816,126	39,644,768
Barrachas /(Easnamh) roimh leithreasuithe		1,737,804	1,815,239
Aistriú (chuig) / ó Chuntas Caipitil	12	(315,071)	(1,041,376)
Barrachas /(Easnamh) i ndiaidh leithreasuithe		1,422,733	773,863
larmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		1,979,107	1,205,244
larmhéid arna thabhairt ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		3,401,840	1,979,107

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí.

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	1,422,733	773,863
Gnóthachan/caillteanas ó thaithí maidir le hoibleagáidí sochair	(1,038,000)	3,424,000
Athrú ar thiomhdí atá mar bhonn ag luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir	(17,314,000)	(11,487,000)
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha sa bhliain	(18,352,000)	(8,063,000)
Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	18,352,000	8,063,000
(Easnamh)/Barrachas iomlán don Bhliain	1,422,733	773,863

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí.

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
Sócmhainní Seasta		
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	3,589,917	3,274,846
Sócmhainní Reatha		
Suimeanna infhaighte	1,489,323	1,419,240
Airgead agus coibhéisí airgid	3,110,668	1,705,609
	4,599,991	3,124,849
Dlíteanais reatha (méideanna atá dlite faoi cheann bliana)		
Suimeanna iníoctha	(1,198,151)	(1,145,742)
Glansócmhainní Reatha	3,401,840	1,979,107
Sócmhainní Iomlána líude Dlíteanais Reatha roimh Shochair Scoir	6,991,757	5,253,953
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	108,084,305	121,248,592
Oibleagáid sochair scoir	(108,084,305)	(121,248,592)
Glansócmhainní Iomlána	6,991,757	5,253,953
Lena léirítear		
Cúlchistí ioncaim coinnithe	3,401,840	1,979,107
Cuntas Caipitil	3,589,917	3,274,846
	6,991,757	5,253,953

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí.

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) oibriúchán don Bhliain	1,422,733	773,863
Dímheas	562,280	555,454
a cuid gluaiseachtaí i sócmhainní dochta	(266,631)	-
Aistriú (ó) / chuig Cuntas Caipitil	315,071	1,041,376
(Laghdú)/ Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	52,409	(587,087)
(Laghdú)/ Méadú ar Shuimeanna Infhaighte	(70,083)	(87,851)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	2,015,779	1,695,755
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	2,015,779	1,695,755
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil	(610,720)	(1,596,830)
Glanmhéadú ar Airgead agus Coibhéisí Airgid	1,405,059	98,925
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig 2024	1,705,609	1,606,684
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig 2025	3,110,668	1,705,609

Is cuid de na Ráitis Airgeadais sin iad na Nótaí seo a leanas.

Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos an bonn cuntasáíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach le linn na bliana seo agus le linn na bliana roimhe.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 in ionad an achta seo). Tá feidhmeanna breise bronnta ar an Údarás ó shin faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, agus faoi reachtaíocht eile. Tá Ceannoifig an Údaráis san Fhoirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8.

Leagtar amach príomhchuspóirí an Údaráis in Alt 34 d'Acht 2005. Is ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) atá an fhreagracht fhoriomlán as sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a riar agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Déanann an tÚdarás monatóireacht chun a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht san ionad oibre agus gur féidir leis bearta forfheidhmithe (agus fiú ionchúisimh) a dhéanamh. Is é an tÚdarás an lárionad náisiúnta faisnéise agus comhairle d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe maidir le gach gné de shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. Cuireann an tÚdarás oideachas, oiliúint agus taighde chun cinn i réimse na sláinte agus na sábháilteachta chomh maith. Tá raon leathan gníomhaíochta a thagann faoi shainchumas an Údaráis, lena n-áirítear:

- ▶ Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil.
- ▶ Feabhas ar shábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn.
- ▶ Monarú, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- ▶ Feidhmiú mar údarás faireachais de réir na reachtaíochta baintí ar an margadh aonair Eorpach.
- ▶ Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

Is é an tÚdarás an comhlacht a bhfuil freagracht dlí air as creidiúnú. Tarmlichtear an fhreagracht sin chuig an gCoiste (a dtugtar an Bord Creidiúnaithe air i reachtaíocht 2014). Ceapann Bord an Údaráis an Bord Creidiúnaithe agus is fostaithe de chuid an Údaráis iad an fhoireann a shanntar le BNÉC chun na feidhmeanna laethúla a chomhlíonadh.

Is Eintiteas ar mhaithe le Leas an Phobail (PBE) é an tÚdarás.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 i gcomhréir le CTA 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

c) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar luach cóir iad faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm a cheadaigh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta maidir le déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an ghrúpa agus an Údaráis.

d) Ioncam

Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhráithe; eisceacht amháin leis seo is ea cás Dheontais an Oireachtais, a aithnítear ar bhonn admhálacha airgid. Tugann Deontais an Oireachtais, a thaispeántar sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, léiriú ar an méid a fuarthas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) le linn na bliana.

Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

Ioncam BNÉC

Léiríonn ioncam do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) ioncam a sonrascadh le linn na bliana. r.

Ioncam COMAH

Ioncam ó chostais in-aisghabhála a cuireadh sonrasc ar fáil ina leith, le linn na bliana as imscrúduithe agus fiosruithe a dhéanamh faoi Rialacháin an Achta Ceimiceán 2015.

Ioncam Eile

Taifeadtar gach ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

e) **Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear réadmhaoín, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon fhoráil le haghaidh bearnaithe. Foráiltear do dhímheas ar gach réadmhaoín, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide an luach iarmharach measta a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

Troscán agus trealamh oifige	20%	De Réir Méid Cothrom
Trealamh Ríomhaireachta	33.33%	De Réir Méid Cothrom
Trealamh Eolaíochta	20%	De Réir Méid Cothrom
Daingneáin agus Feistis	10%	De Réir Méid Cothrom
Forbairt Bogearraí	10%	De Réir Méid Cothrom

Feidhmíonn an tÚdarás beartas tairsí caipitlithe €1,000.

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair dá ndiúscrófaí sócmhainn, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus sa bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú ar luach na sócmhainne, aithnítear an cailtteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

f) **Cuntas Caipitil**

Cuimsítear sa Chuntas Caipitil an luach gan amúchadh na ndéontas a úsáidtear chun sócmhainní seasta a chistiú.

g) **Airgeadraí Eachtracha**

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais atá in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Déantar ioncam agus costais a aistriú de réir rialú an ráta malairte ar dhátaí na mbun-idirbheart.

Déileáiltear le brabúis agus cailtteanais a eascraíonn as aistriúcháin airgeadra eachtraigh agus ar shocrú na méideanna is infhaighte agus is iníoctha sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí loncaim Coinnithe.

h) **Suimeanna Infhaighte**

Aithnítear suimeanna infhaighte ar a luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe.

i) **Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin má tá méaduithe cíosa a bhaineann leis an ráta measta boilscithe, sa chás sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

j) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá carntha ag deireadh na bliana san áireamh sa mhéid atá Iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais

Sochair Scoir

Bhunaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a scéim pinsin le sochar sainithe féin roimhe seo, scéim a mhaoinear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a chuireann an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) ar fáil agus le ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na mball. Oibríonn an tÚdarás Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") freisin, sin scéim le sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin atá gnóthaithe ag fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an RFTF agus an RCPA. Aithnítear mar ioncam méid a fhreagraíonn don táille pinsin sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus fritháirithe ag deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dlíteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón RFTF.

Léiríonn na ráitis airgid, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dlíteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis agus aon mhaoiniú eile a bhaineann leo agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina ngnóthaíonn na fostaithe iad. Tomhaistear dlíteanais scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

k) Forálacha

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ar an Údarás mar thoradh ar imeachtaí a tharla roimhe sin; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

l) Teagmhais

Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo nuair (i) nach dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nuair nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ar an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar gurb ann do theagmhais éiginnte amach anseo nach bhfuil faoi smacht an Údaráis ina n-iomláine. Nochtar dlíteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin má tá an baol eis-sreafa fánach.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadas nuair is dóigh go mbeidh sreabhadh sochar eacnamaíoch ann.

m) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Ceanglaíonn ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna sócmhainní agus dlíteanas a thuairiscítear amhail an dáta tuairiscithe, agus ar na suimeanna ioncaim agus costas a thuairiscítear le linn na bliana. Pé scéal é, mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir na torthaí iarbhir agus na suimeanna sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnaithe nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar imthosca le fios gur féidir nach mbeifear in ann an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe don mhéid ar mó suim ghlanluacha na sócmhainne ná a suim in-aisghabhála. Is ionann an tsuim in-aisghabhála agus an ceann is mó de luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide. Chun bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais ar bhain bearnú leo, le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha na n-aicmí sócmhainní seasta ar fad, go háirithe saolréanna eacnamaíocha úsáideacha agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain siad de thátaí as sin go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

Forálacha

Déanann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta forálacha do na hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe arb eol dó go bhfuil siad gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Bunaítear na forálacha sin ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, coigeartaithe do na treochtaí is deireanaí nuair is gá. Is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí ar féidir nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta eile, áfach. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhir agus an meastachán.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil, bunaithe ar na dálaí eacnamaíocha reatha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir, ar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha óna ndéantar amach na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta do chostais cúraim sláinte).

Is féidir leis na rudaí seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán
- (ii) leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo
- (iii) rátaí treochta do chostais cúraim sláinte, ráta boilscithe costas leighis sna réigiúin ábhartha.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

2. DEONTAIS AN OIREACHTAIS

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
R/FTF - Vótáil 32 - Fotheideal C5	35,390,000	32,785,000
Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaithe a cuireadh ar aghaidh chuig R/FTF	(660,298)	(572,083)
Ranníocaíochtaí na Scéime Aonair a cuireadh ar aghaidh chuig R/CPA	(433,284)	(347,940)
	34,296,418	31,864,977

I ndiaidh comhráite leis an Roinn, cuireadh socrú nua i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, trína bhfaigheann an tÚdarás maoiniú breise anois mar mhír líne scoite ina leithdháileadh Deontais Státchiste gach bliain i leith íocaíochtaí cnapshuime agus cuireann an tÚdarás gach ranníocaíocht aoisliúntais fostaithe ar aghaidh chuig an Roinn gach mí.

3. IONCAM CREIDIÚNAITHE

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
Ioncam Creidiúnaithe	3,750,532	3,569,274

I ndiaidh dhíscaoileadh Forfás in 2014, aistríodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an BNÉC freagrach as gníomhaíochtaí creidiúnaithe is cuireann sé sonraisc chuig cliaint as obair a dhéantar.

4. IONCAM COMAH

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
Ioncam COMAH	114,200	116,850

In 2016, thug an tÚdarás sceideal táillí isteach do ghníomhachtaí éagsúla imscrúdaithe agus fíoraithe faoi Rialacháin an Achta Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2015.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

5. IONCAM EILE

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
Ioncam a bhaineann le Cúrsa Oiliúna Tiománaithe	-	34,737
Fíneálacha IECB ¹	8,800	5,600
Ioncam ECHA ²	34,888	-
Ilghnéitheach (Seimineáir, Costais Dlí, Finnéithe, an Coimisiún Eorpach)	161,379	74,514
Ioncam Sábháilteachta Feirme ³	-	330,000
	205,067	444,851

- 1 Baineann ioncam fíneálacha IECB le fíneálacha a d'eisigh cigirí as reachtaíocht a shárú i dtaca le hearraí contúirteacha a iompar.
- 2 Baineann ioncam ECHA le fostú cigirí an Údaráis chun obair a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.
- 3 Cistí a fuarthas ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i leith gníomhaíochtaí sábháilteachta feirme.

6. COSTAIS TUARASTAIL

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
Sochair ghearrthéarmacha foirne	19,340,025	17,590,052
ÁSPC Fostóra	1,969,221	1,786,810
Costais Iomlána Tuarastal	21,309,246	19,376,762

Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

Bunphá	19,296,835	17,537,485
Ragobair	28,246	32,932
Liúntais	14,944	19,635
Costais chúitimh eile	-	-
	19,340,025	17,590,052

Is féidir leis an Údarás a dhearbhu nach ndearnadh aon íocaíocht foirceanta le linn na bliana 2025

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

6. COSTAIS TUARASTAIL *(ar lean)*

Líon Foirne

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana – Proifisiúnta/Teicniúil	182	174
Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana - Riarachán	107	101
	289	275

Baineadh €734,626 (2024: €653,044) de thobhach pinsin asbhainte ó bhaill foirne agus íocadh leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta é.

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2024 €
Luach Saothair an POF agus POF Eatramhaigh		
Luach Saothair an POF Pá Comhlán	90,771	169,769
Luach Saothair Phá Comhlán an POF Eatramhaigh agus nua	82,155	-

Taisteal agus Cothabháil an POF agus an POF Eatramhaigh

Costais Taistil an POF	76	1,208
Costais Taistil an POF Eatramhaigh agus an POF nua	3,764	-

Fuair an POF agus an POF Eatramhach tuarastal €172,926 agus speansais ar luach €3,840 in 2025. D'éirigh an POF as oifig ar an 27ú Meitheamh 2025, ceapadh POF eatramhach ar an 30 Meitheamh 2025 sular ceapadh é go foirmiúil mar POF ar an 17 Deireadh Fómhair 2025.

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon bhónas ná peorcaisí sa bhliain.

Tá teidlíochtaí sochair scoir an POF i gcomhréir leis na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim samhla aoisliúntais sochair na hearnála poiblí.

Miondealú ar Shochair Fostaithe

Raon na sochar fostaithe iomlán	Líon Fostaithe	
Ó Chuig	2025	2024
€60,000 - €69,999	49	42
€70,000 - €79,999	44	51
€80,000 - €89,999	40	34
€90,000 - €99,999	14	10
€100,000 - €109,999	11	7
€110,000 - €119,999	8	7
€120,000 - €129,999	4	1
€130,000 - €139,999	2	4
€140,000 - €149,999	1	0
€150,000 - €159,999	1	0
€160,000 - €169,999	0	1
Iomlán	174	157

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca leis na seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostóra, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leo.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

7. TÁILLÍ AGUS COSTAIS NA gCOMHALTAÍ

Comhalta Boird	2025 Táillí €	2025 Speansais €	2024 Táillí €	2024 Speansais €
Patricia Byron (Cathaoirleach)	11,970	-	11,970	-
Paul Kelly (Leaschathaoirleach)	7,695	-	7,695	-
Bríd De Buitléar	7,695	-	7,695	-
Ciarán Roche	7,695	1,198	7,695	1,578
David Hughes	7,695	-	7,695	956
Deirdre MacDonald	7,695	2,322	7,695	4,622
Fiona Kilcullen	-	-	-	-
Frank Kelly	7,695	-	7,695	-
Mary Coyne	7,695	2,043	7,695	3,072
Michelle Quinn	7,695	-	7,695	-
Padraig Somers	7,695	290	7,695	224
Terry O’Niadh	7,695	1,529	7,695	4,789
	88,920	7,382	88,920	15,241

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

8. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN


	lomlán 2025 €	lomlán 2024 €
Cóiríocht	1,879,069	1,760,648
Costais chumarsáide	343,759	312,420
Taisteal agus cothú - náisiúnta	1,650,934	1,568,074
Taisteal agus cothú - idirnáisiúnta	102,910	109,748
Foilseacháin agus margaíocht	1,305,257	1,023,097
Seirbhísí dlí	165,519	103,361
Taighde	57	73
Seirbhísí airgeadais	788,810	530,307
Pinsin agus acmhainní daonna	50,055	47,580
Sainchomhairleoireacht eile	1,097,061	1,398,192
Creidiúnú – costais an mheasúnóra sheachtraigh	1,337,784	1,578,504
Athbhreithniú ar phróiseas gnó	1,124,467	1,187,982
Costais foirne	801,835	589,245
Soláthairtí trealamh ginearálta	285,391	187,223
Infheistíocht san fhoghlaim	433,959	510,225
Costais teicneolaíochta	1,359,363	897,584
Dímheas	241,715	555,454
Táillí iniúchta inmheánaigh	51,733	38,888
Táillí iniúchta sheachtraigh	22,500	22,500
Táillí na gcomhaltaí	88,920	89,525
Eile	196,364	243,620
Drochfhiacha	-	9,779
	13,327,462	12,764,029

San áireamh faoi 'Eile' i gcostais oibríochta tá muirear de €14,598 (2024: €21,187) i leith méideanna a d'íoc an tÚdarás le haghaidh foireann/fáilteachas eile.

Aguisín 2:

Cigireachtaí, Imscrúduithe agus Ionchúisimh

Tábla 3.1 Líon na gcigireachtaí agus na n-imscrúduithe san ionad oibre, 2015-2025



Tábla 3.2 Líon na gcigireachtaí, na n-imscrúduithe agus na n-idirghabhálacha san ionad oibre ag an earnáil eacnamaíoch, 2025

An earnáil eacnamaíoch	Imscrúduithe agus fiosrúcháin	Fógra nó treoir feabhsúcháin	Fógra Toirmisc	Treoir scríofa
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	1,244	27	9	558
Mianadóireacht agus cairéalú	249	22	7	202
Déantúsaíocht	1,337	67	24	1,117
Soláthar uisce; séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin	461	48	30	407
Foirgníocht	2,845	55	288	2,246
Trádáil mhórdhíola agus trádáil mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar	1,549	68	19	1,306
Iompar agus stóráil	871	28	11	669
Cóiríocht agus gníomhaíochtaí seirbhísí bia	541	10	4	469
Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin	261	1	2	212
Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta	628	47	2	535
Earnálacha eile	1,988	42	24	1,805
Iomlán	11,974*	415	420	9,526

**Is ann don difríocht idir an líon iomlán i dTábla 3.1 agus i dTábla 3.2 mar gheall ar an líon imscrúduithe ag a bhfuil forfheidhmithe i gcoinne níos mó ná aon sealbhóir dualgais amháin in earnálacha iolracha maidir le hAinmníocht Staidrimh do Ghníomhaíochtaí Eacnamaíocha san Aontas Eorpach (NACE).*

Tábla 3.3 Líon na n-iniúchtaí san ionad oibre (sábháilteacht agus sláinte cheirde agus ceimiceáin) 2025

Clár sábháilteachta agus sláinte ceirde agus imscrúdaithe ceimiceán 2025	
Fiosrúcháin i leith timpistí/tarluithe contúirteacha	75
Imscrúduithe eile (básanna nár bhain leis an obair agus básanna feithicle a bhain leis an obair – imbhuailtí ar bhóithre)	56

Tábla 3.4 Toradh na n-ionchúiseamh a cuireadh i gcrích in 2025

Cineál na n-imeachtaí	Líon iomlán a éisteadh	Caite amach	Á n-achomharc	Pianbhreith ar fionraí	Pianbhreith choimeádta	Seirbhís Pobail	An tAcht Promhaidh	Ordú Cúitimh	Fíneálacha
Ar Díotáil	15	0	0	1	0	0	0	0	€2,470,000
Go hAchomair	7	0	0	0	0	0	0	0	€16,000
Iomlán	22	0	0	1	0	0	0	0	€2,486,000

Tábla 3.5 Sonraí na n-ionchúiseamh a cuireadh i gcrích in 2025 (gan cásanna a caitheadh amach san áireamh)

Ionchúisimh Achomair

Dunbar Lunn Consulting Engineers Limited

Ar an 23 Aibreán 2025, tugadh an cás seo chun críche ag Cúirt Dúiche Ghuaire. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Níor éirigh leis an gCúisí, ar dearthóir é de réir bhrí na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013, i leith tionscadail de réir bhrí na Rialachán sin, ag láithreán foirgníochta nó gar do láithreán foirgníochta ag Ceathrú an Chaisleáin, Fearna, Co. Loch Garman agus gan é a bheith ar an eolas faoi mhaoirseoir tionscadail a ceapadh don phróiseas deartha, dualgais an chliant sin maidir le maoirseoir tionscadail a ceapadh don phróiseas deartha a chur in iúl go pras don chliant.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 15(5) in aghaidh Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€1,000

Cuideachta
Neamhtheoranta
Bellingham
Farms

Ar an 15 Iúil 2025, tugadh an cás sin chun críche ag Cúirt Dúiche Dhroichead Átha. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Theip ar an gCúisí, ar cliant é de réir bhrí na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2013, ar dháta roimh an 14 Lúnasa 2023 maoirseoir inniúil tionscadail a cheapadh i scríbhinn don phróiseas deartha agus theip air maoirseoir inniúil tionscadail a cheapadh i scríbhinn don chéim foirgníochta, le haghaidh obair fhoirgníochta a rinneadh ag láithreán foirgníochta i mBaile Mhílis, Baile an Ghearlánaigh, Co. Lú.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 6(1)(a) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€4,000
Rialachán 6(1)(b) contrártha d'Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€4,000

Ionchúiseamh
Duine Aonair

An 3 Meán Fómhair 2025, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda Mhaigh Chromtha. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. An 14 Aibreán 2020, in áitreabh i gCo. Chorcaí, theip ar an gCúisí bearta leordhóthanacha a ghlacadh chun cosc a chur ar dhaoine aonair ag an áit oibre, gan a bheith ina bhfostaithe, ó bheith nochta do thitim ó airde ó dhíon, agus mar thoradh air sin, d'fhulaing duine díobháil phearsanta agus fuair bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€1,250
Alt 12 in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€3,000

Ionchúiseamh
Duine Aonair

An 17 Deireadh Fómhair 2025, tugadh an cás sin chun críche ag Cúirt Dúiche Longfoirt. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 3 Meitheamh 2024, ag feirm i gCo Longfoirt, theip ar an gCúisí leantóir sadhlais ar leis an gCúisí é a chothabháil i gceart, nó ar chor ar bith, agus cheadaigh sé úsáid tarracóra a bhí lochtach leantóir sadhlais a tharraingt, agus dá bharr sin bhuail an leantóir sadhlais sin duine agus bhain gortuithe pearsanta dóibh. Ina theannta sin, theip ar an gCúisí an ráiteas sábháilteachta a thabhairt ar aird fostaí nua-earcaithe, i bhfoirm, ar mhodh agus, de réir mar is iomchuí, i dteanga ar dhócha go réasúnta go dtuigfí í, ar thosach a fhostaíochta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€500
Alt 20(3)(b) in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Ionchúiseamh Duine Aonair

An 17 Deireadh Fómhair 2025, tugadh an cás sin chun críche ag Cúirt Dúiche Longfoirt. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 3 Meitheamh 2024, ag feirm i gCo. an Longfoirt, theip ar an gCúisí, ar duine é a raibh rialú aige, go feadh méid ar bith, ar áit oibre neamhthí, a cuireadh ar fáil mar áit oibre do dhaoine seachas a fhostaithe, nó ar duine é a raibh rialú aige, go feadh méid ar bith, ar aon mhír nó substaint a soláthraíodh chun go n-úsáidfeadh daoine iad san áit oibre sin, seachas a fhostaithe, a chinntiú a mhéid ab indéanta le réasún, go raibh an áit oibre, na modhanna rochtana uirthi, nó amach aisti, agus aon mhír nó substaint a soláthraíodh lena n-úsáid san áit oibre, sábháilte agus gan riosca don tsláinte.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 15(1)(c)(i) in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€500

Wheelock Farms Teoranta

An 26 Samhain 2025, tugadh an cás seo chun críche ag Cúirt Dúiche Ghuaire. Phléadáil an Cúisí ciontach i gceithre chúiseamh. Ar an 24 Meitheamh 2023 nó thart air, theip ar an gCúisí, ag áit oibre ar fheirm ag Moing an Hóraigh, Baile Dháibhí, Inis Córthaidh, Co Loch Garman, na guaiseacha a bhaineann le bheith ag obair ar airde ar thógáil síneadh le seid talmhaíochta a shainaitheint, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na guaiseacha sin, agus measúnú riosca i scríbhinn a bheith ina sheilbh aige. Ina theannta sin, theip ar an gCúisí a chinntiú go raibh córais oibre shábháilte leordhóthanacha agus iomchuí i bhfeidhm chun oibriú ar airde, agus ní raibh aon bheart rialaithe i bhfeidhm ag an gCúisí, amhail córas úim, líontáin, ráillí cosanta, nó ardáin rochtana ón mbun aníos. Theip ar an gCúisí maoirseoir tionscadail inniúil a cheapadh don phróiseas deartha, nó maoirseoir tionscadail inniúil do chéim fhoirgníochta an tionscadail.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 15(3) in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€500
Alt 19(5) contrártha d'Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 6(1)(a) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 6(1)(b) contrártha d'Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Hamill Rentals
Teoranta

An 28 Samhain 2025, tugadh an cás seo chun críche ag Cúirt Dúiche an Mhuilinn Chearr. Phléadáil an Cúisí ciontach sa chúiseamh sin. Ar an 3 Deireadh Fómhair 2023 nó roimhe sin, theip ar an gCúisí maoirseoir inniúil a cheapadh i scríbhinn don chéim foirgníochta chun díon garáiste a dheisiú, ar láithreán foirgníochta é ag a áitreabh ag Bóthar Bhaile Átha Cliath, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 6(1)(b) contrártha d'Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€1,250

Ionchúisimh ar díotáil

Marine
Terminals
Teoranta

An 27 Eanáir 2025, éisteadh an cás seo i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 14 Samhain 2018 ag Cé an Bhruaigh Theas, Bóthar Theach Pigeon, An Rinn, Baile Átha Cliath 4 (agus é ina áit oibre faoina smacht de réir bhrí an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005), theip ar an gCúisí a ghealltanais a bhainistiú agus a sheoladh ar bhealach a chinnteodh, a mhéid ab indéanta le réasún, nach raibh daoine aonair san áit oibre (nach fostaithe dá gcuid iad) neamhchosanta ar rioscaí dá sábháilteacht, dá sláinte agus dá leas mar gheall ar chumarsáid ilroinnte ó bhéal agus raidió idir pearsanra ar an soitheach ar thaobh na cé agus sa chraein a bhí suite san áit oibre sin i gcúrsa na hoibre.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€15,000

Ganson Building
and Civil
Engineering
Contractors
Teoranta

An 7 Feabhra 2025, tugadh an cás seo chun críche ag Cúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an Cúisí ciontach i dtrí chúiseamh. Ar an 3 Meitheamh 2019 i Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéar Pluincéid, Mullach Íde, Co Bhaile Átha Cliath, theip ar an gCúisí a ghealltanais a bhainistiú agus a sheoladh chun a chinntiú nach raibh daoine aonair san áit oibre, nach fostaithe dá gcuid iad, neamhchosanta ar rioscaí dá sábháilteacht, dá sláinte ná dá leas, inar cuireadh duine, agus é i mbun a dhualgas, i gcontúirt sa mhéid is nár cuireadh córas sábháilte ar fáil dó chun tacú leis na gnéithe den fhráma cruach a raibh sé ar conradh acu a chur in airde agus, dá bharr sin, gur bhain gortuithe pearsanta dó agus go bhfuair sé bás. Ina theannta sin, theip ar an gCúisí, agus é/í ina m(h)aoirseoir tionscadail ceaptha don chéim tógála, ar láithreán foirgníochta ar a raibh níos mó ná conraitheoir amháin i mbun obair fhoirgníochta, socruithe a chomhordú chun cur chun feidhme nósanna imeachta oibre sábháilte a sheiceáil agus níor éirigh leis/léi faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na socruithe sin.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€250,000
Alt 12 in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 17(1)(g) in aghaidh Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

**Shay Murtagh
(Precast)
Teoranta**

An 4 Márta 2025, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda an Mhuilinn Chearr. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 12 Bealtaine 2021 ag Abhainn na Daoile, Ráth Fhearna, Co. na hIarmhí, theip ar an gCúisí, fostóir, córas oibre a sholáthar maidir le cáblú leictreach a shuiteáil san áitreabh sin a chuirfeadh cosc ar a bhfostaithe a bheith nochta do thitim ó airde trí shoilse dín leochaileacha agus, mar thoradh air sin, d'fhulaing fostaí díobhálacha pearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(e) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€60,000
Rialachán 6(1)(b) in aghaidh Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

**John Fletcher
Teoranta**

Ar an 5 Márta 2025, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an Cúisí ciontach i gceithre chúiseamh. Ar an 23 Samhain 2017 in áitreabh in Ospidéal Ollscoile Naomh Pádraig, Sráid Shéamais, Baile Átha Cliath 8, ar áitreabh é atá ina áit oibre faoina rialú, theip ar an gCúisí gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar shlí a chinnteoidh, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a gcuid fostaithe ag an obair maidir le lascthrealamh ísealvoltais a dhíluchtú, a iompar agus a shuiteáil isteach i seomra seirbhíse san áitreabh sin, agus gur bhain díobháil phearsanta d'fhostaí agus gur bhásaigh sé.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	PIONÓS
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€400,000
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Alt 8(1) agus 8(2)(e) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 69(a) in aghaidh Alt 77(2)(c)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Ionchúiseamh Duine Aonair

Ar an 5 Márta 2025, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 23 Samhain 2017, in áitreabh in Ospidéal Ollscoile Naomh Pádraig, Sráid Shéamaís, Baile Átha Cliath 8, mhainnigh fostóir gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar shlí a chinnteoidh, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe ag an obair i leith lascthreamh ísealvoltais a dhíluchtú, a iompar agus a shuiteáil isteach i seomra seirbhíse san áitreabh sin, agus go ndearnadh déanamh na ngníomhartha arbh iad an cion sin iad a údarú nó a thoiliú nó gurbh inchurtha iad i leith cúlcheadaithe nó faillí ar thaobh an Chúisí.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(2)(a) agus 80(1)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€5,000
Alt 8(1) agus 8(2)(e) in aghaidh Alt 77(2)(a) agus 80(1)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Wellman International Teoranta

An 14 Márta 2025, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda an Chabháin. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. An 29 Meán Fómhair 2020 ag an Mullach, Co an Chabháin, theip ar an gCúisí gearradh coda d'iarann uilleach ar dhíon Sheomra Trasfhoirmeora T12 a bhainistiú agus a dhéanamh ag an áitreabh thuasluaite agus, mar thoradh air sin, bhain gortuithe pearsanta do dhuine. Ina theannta sin, theip ar an gCúisí a chinntiú go raibh daoine á gcosaint le modhanna comhchoiteanna i gcoinne ábhar a bhí ag titim mar thoradh ar ghearradh ar chuid d'iarann uilleach.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 in aghaidh Alt 77(9) (a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€15,000
Rialachán 35(1)(a) in aghaidh Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€15,000

Scruttons (NI) Teoranta

An 24 Márta 2025, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. An 14 Lúnasa 2019 ag Críochfoirt Chalafort Farantóireachta Bhaile Átha Cliath, Bóthar an Tonnchoisc, Calafort Bhaile Átha Cliath, agus é ina áit oibre faoina rialú, theip ar an gCúisí guais a aithint san áit oibre sin, go sonrach i ndáil le hoibriú Láimhseálaí Coimeádán Kalmar DCG90 -45E57 a raibh infheictheacht shrianta aige ón suíomh tiomána; measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an nguais sin; agus measúnacht i scríbhinn a bheith acu ar na rioscaí sin do shábháilteacht, do shláinte agus do leas pearsana aonair (nach fostaithe dá chuid iad) san áit oibre fad a bhí obair á déanamh.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 19(5) in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€300,000

Kalmar Solutions AB

An 24 Márta 2025, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadail an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Sholáthair an Cúisí, arb é monaróir Láimhseálaí Coimeádán Kalmar DCG90-45ES7 é, an t - airteagal sin lena úsáid ag an obair an 10 Aibreán 2019 nó thart ar an 10 Aibreán 2019 ag Críochfoirt Chalafort Farantóireachta Bhaile Átha Cliath, Bóthar an Tonnchoisc, Calafort Bhaile Átha Cliath, agus theip air a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún, gur dearadh agus gur tógadh an láimhseálaí coimeádán sin ionas go mbeidh sé sábháilte agus gan riosca don tsláinte nuair a úsáideann duine é i gceart in áit oibre. Níor sholáthair Kalmar Solutions AB (ar a dtugtaí Cargotec Sweden AB roimhe seo) feistí iomchuí ar an láimhseálaí coimeádán sin chun guaiseacha a leigheas mar gheall ar infheictheacht shrianta ó shuíomh tiomána an láimhseálaí coimeádán, agus theip orthu na forálacha reachtúla ábhartha a chomhlíonadh agus forálacha na hIonstraime Reachtúla I.R. Uimh. 407/2008 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Innealra) 2008 lena gcuirtear chun feidhme Treoir Innealra na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/42/CE), go sonrach ceanglais Roinn 3.2.1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Treoir sin.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 16(1)(a) in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadail chiontach	€150,000

N&C Enterprises Teoranta

Éisteadh an cás seo ar an 26 Bealtaine 2025 i gCúirt Chuarda an Náis. Phléadail an Cúisí ciontach i dtrí chúiseamh. An 15 Feabhra 2019 ag Cill Maodhóg, an Nás, Co. Chill Dara, chuir an Cúisí, agus é ina fhostóir, dhá gheata rochtana isteach in imfhálú cille gléasra uathobrithe pacála agus pailéadaithe gan bearta rialaithe agus sábháilteachta oiriúnacha a bheith curtha ar fáil agus, mar thoradh air sin, bhain gortuithe pearsanta d'fhostaí agus fuair sé bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadail chiontach	€75,000
Alt 8(1) agus 8(2)(c)(ii) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadail chiontach	Curtha san áireamh
Alt 8(1) agus 8(2)(e) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadail chiontach	Curtha san áireamh

Causeway Facilities Management Teoranta

Éisteadh an cás seo an 5 Meitheamh 2025 i gCúirt Chuarda Phort Láirge. Phléadail an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 12 Nollaig 2016, ag 29 Sráid Parnell, Port Láirge, theip ar an gCúisí, agus é ina fhostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh, go sonrach scartáil ballaí neamhualaithe bloc coincréite san áitreabh sin, ar bhealach a chinnteodh, a mhéid ab fhéidir le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaíthe – go sonrach, ní raibh aon limistéar eisiamh leordhóthanach ann chun blocbhalla coincréite a scartáil – agus, ina theannta sin, theip ar an gCúisí, agus é ina chonraitheoir, a chinntiú go raibh an Cárta Cláraithe Sábháilteachta bailí, eadhon cárta clárúcháin Pas Shábháilte, i seilbh daoine.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadail chiontach	€150,000
Rialachán 25(1)(a) in aghaidh Alt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadail chiontach	Curtha san áireamh

Coogan Plant
Hire Teoranta

Éisteadh an cás seo an 2 Iúil 2025 i gCúirt Chuarda Phort Laoise. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar nó thart ar an 3 Márta 2020, i dTeach Bhaile na Coille, Baile Mhic Mhaoilir, Co Laoise, theip ar an gCúisí, fostóir, a chinntiú gur coinníodh rollóir druma tандаim ar bhealach a laghdódh na rioscaí d'úsáideoirí an trealaimh oibre agus do dhaoine eile ag an obair, agus ina theannta sin, theip air a chinntiú go raibh cárta cláraithe feasachta sábháilteachta bailí ag oibrí, eadhon cárta clárúcháin Pas Sábháilte.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 31(c) in aghaidh Alt 77(2)(c)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€5,000
Rialachán 25(1)(a) in aghaidh Alt 77(2)(c)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Níor tugadh aon ordú

Solar Power
Ireland BK
Teoranta

Éisteadh an cás seo an 8 Iúil 2025 i gCúirt Chuarda Dhún Dealgan. Phléadáil an Cúisí ciontach i gceithre chúiseamh. Ar an 14 Lúnasa 2023, in áitreabh ag Baile Mhílis, Baile an Ghearlánaigh, Co Lú, theip ar an gCúisí, agus é ina fhostóir, a chinntiú go ndearnadh obair ar airde ar dhíon seid a phleanáil, a mhaoirsiú agus a dhéanamh go cuí ar bhealach a bhí, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilte agus gan riosca don tsláinte, agus nár ghlac sé bearta chun cosc a chur ar fhostaithe a bheith nochta do thitim ó airde, agus mar thoradh air sin, d'fhulaing fostaí díobháil phearsanta agus fuair sé/sí bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€50,000
Rialachán 95(1)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€50,000
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 95(1)(a) in aghaidh Alt 77(2)(a) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Ionchúiseamh Duine Aonair

Éisteadh an cás seo an 8 Iúil 2025 i gCúirt Chuarda Dhún Dealgan. Phléadáil an Cúisí ciontach i gceithre chúiseamh. Ar nó thart ar an 14 Lúnasa 2023, ag áitreabh nó gar d'áitreabh ag Baile Mhílis, Baile an Ghearlánaigh, Co Lú, theip ar an gCúisí, Stiúrthóir, a chinntiú go ndearnadh obair ar airde a bhí á déanamh ar dhíon seid a phleanáil, a mhaoirsiú agus a dhéanamh go cuí ar bhealach a bhí, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilte agus gan riosca don tsláinte, agus nár ghlac sé bearta chun cosc a chur ar fhostaithe a bheith nochta do thitim ó airde, agus mar thoradh air sin, gur bhain díobháil phearsanta d'fhostaí agus go bhfuair sé/sí bás, agus gur údaraíodh nó gur toilíodh leis na gníomhaíochtaí a bhí sna cionta sin a dhéanamh nó gurbh inchurtha iad i leith cúlcheadú nó faillí ar thaobh an Chúisí.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(9)(a) agus 80(1)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€5,000 agus pianbhreith ocht mí ar fionraí
Rialachán 95(1)(a) in aghaidh Alt 77(9)(a) agus 80(1)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€5,000 agus pianbhreith ocht mí ar fionraí
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(2)(a) agus 80(1)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 95(1)(a) in aghaidh Alt 77(2)(c) agus 80(1)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Colas Contracting Teoranta

Éisteadh an cás seo an 17 Iúil 2025 i gCúirt Chuarda Thrá Lí. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar nó thart ar an 11 Lúnasa 2020, ar an mbóthar R551 ag Maoil Chon, Cros na gCoillte, Tairbeart i gCo Chiarraí, theip ar an gCúisí, fostóir, córas oibre a sholáthar maidir le hathdhromchlú an bhóthair a pleanáladh, a eagraíodh, a rinneadh, a cothaíodh agus a athbhreithníodh de réir mar is cuí ionas go mbeadh, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilte agus gan riosca don tsláinte, agus mar thoradh air sin, d'fhulaing fostaí gortuithe pearsanta agus fuair sé/sí bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(e) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€270,000
Alt 8(1) agus 8(2)(a) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Irish Packaging
Recycling
Teoranta

Éisteadh an cás seo an 30 Deireadh Fómhair 2025 i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. An 18 Lúnasa 2021, ag Dramhaíl Panda, Bóthar Cheapaí, Baile Átha Cliath 11, theip ar an gCúisí, fostóir, an mhaoirseacht a sholáthar a bhí riachtanach dá fhostaithe chun a sábháilteacht, a sláinte agus a leas ag an obair a chinntiú, agus, go háirithe, theip air an mhaoirseacht is gá a sholáthar dá fhostaí chun go n-oibreodh an fostaí truail forcardaitheora go sábháilte, agus mar thoradh air sin, d'fhulaing an fostaí gortuithe pearsanta agus fuair sé/sí bás. Ina theannta sin, theip ar an gCúisí a chinntiú gur duine inniúil a d'ullmhaigh tuarascáil ar scrúdú truail forcardaithe sular cuireadh ar ais i mbun seirbhíse í.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(g) in aghaidh Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€650,000
Rialachán 53(1)(a) in aghaidh Alt 77(2)(c)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Aguisín 3:

Cóid Chleachtais agus doiciméid threoracha críochnaithe in 2025

Cóid Chleachtais

Cód Cleachtais: Trucaílí Tionsclaíocha a Úsáid go Sábháilte

Cód Cleachtais 2025 maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Nochtadh d'Aispeist), 2006-2025

Treoir

Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

Treoir Ghairid maidir le Faireachas Sláinte san Ionad Oibre

Tá sé mar aidhm ag an treoir ghearr seo cabhrú le fostóirí agus gairmithe sláinte atá ag obair thar a gceann tuiscint a fháil ar a gceanglais dhlíthiúla maidir le faireachas sláinte san ionad oibre. Leagtar béim ann freisin ar na príomhghnéithe atá le cur san áireamh agus clár faireachais sláinte á chur chun feidhme.

Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair in Áiseanna Cúraim Chónaithe

Tá an treoir seo ceaptha chun cabhrú le fostóirí sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a bhainistiú agus chun cabhrú le fostóirí agus le fostaithe araon a ndualgais faoin reachtaíocht um shábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Feirmeoireacht do dhaoine breacaosta: Sláinte i bhfócas, sábháilteacht i mbun gnímh

Leagtar béim sa bhileog eolais seo ar an ngá atá le hathruithe a bhaineann le haois a shainaithint agus a urramú trí do chuid oibre a oiriúnú duit féin.

Treoir Ghearr maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair a Bhainistiú san Earnáil Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tá an treoir ghearr seo beartaithe d'fhostóirí, do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Soláthraítear leis treoir maidir leis na príomhghnéithe de bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta.

Treoracha maidir le Seiceálacha Éisteachta agus Closmhéadrachta san Ionad Oibre

Tá codanna leathnaithe sa doiciméad treorach seo maidir leis na rioscaí sláinte a bhaineann le neamhchosaint ar thorann, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na hidirghníomhaíochtaí idir torann agus substaintí otathocsaineacha agus torann agus creathadh. Ina theannta sin, sa treoir leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le seiceálacha trealaimh laethúla, torann timpeallachta a rialú, agus eatraimh chalabhrúcháin.

Ag Tiomáint ar Obair: Treoir maidir le Bainistiú Riosca d'Fhostóirí

D'fhorbair an Garda Síochána, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an doiciméad treorach seo i gcomhar lena chéile chun cabhrú le fostóirí na príomhrioscaí a bhíonn roimh thiománaithe oibre agus a chruthaíonn siad agus iad ag tiomáint don obair a thuiscint agus a bhainistiú.

Measúnú Riosca Samplach – Foréigean agus Ionsaí a bhaineann leis an Obair

Teimpléad amháin atá sa mheasúnú riosca seo agus úsáidtear é chun bearta comhchoiteanna rialaithe le haghaidh foréigin agus ionsaithe a léiriú. Ní mór bearta rialaithe a bheith bunaithe i gcónaí ar mheasúnú riosca a dhéantar san áit oibre.

Comhairliúchán Sábháilteachta agus Ionadaíocht i Sláinte agus Cúram Sóisialta

Is é cuspóir na bileoige faisnéise seo aird a tharraingt ar thábhacht an chomhairliúcháin idir fostóirí agus fostaithe san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre. Mínítear ann na ceanglais dhlíthiúla agus tugtar breac-chuntas ann ar dhea-chleachtas le haghaidh comhairliúcháin.

An Riosca maidir le Foréigean agus Ionsaí a bhaineann leis an Obair i Sláinte agus Cúram Sóisialta a Bhainistiú

Is é cuspóir na treorach seo faisnéis agus treoir a sholáthar maidir leis an riosca i ndáil le foréigean agus ionsaí a bhaineann leis an obair a bhainistiú sa suíomh sláinte agus cúraim shóisialta. Tá an treoir seo dírithe ar fhostóirí agus ar fhostaithe san earnáil seo.

Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2025

Rinneadh athbhreithniú ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008 in 2013-2014. Áiríodh san athbhreithniú seo comhairliúchán poiblí in 2014. Fuarthas ceithre aighneacht. Cuireadh tús leis an dréachtú arís in 2023. Rinneadh cur i láthair do pháirtithe leasmhara i mí na Nollag 2024, agus ag an am sin tugadh breac-chuntas ar na príomhathruithe agus comhaontaíodh amlíne le haghaidh aiseolais.

Faireachas Margaidh agus Ceimiceáin

Fógraí Lárionaid Nimhithe do Mheascáin

Cheimiceacha Ghuaiseacha in Éirinn

Bileog Eolais d'Fhógraí Lárionaid Nimhithe maidir le Meascáin Cheimiceacha Ghuaiseacha in Éirinn.

Bileog Eolais maidir le Ceimiceáin Ghuaiseacha a Stóráil

Soláthraítear sa bhileog eolais seo de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta comhairle maidir le méideanna measartha beag ceimiceán guaiseach a stóráil (mar shampla, i saotharlanna).

Ceimiceáin Ghuaiseacha a Stóráil i Stórais

D'fhéadfadh rioscaí suntasacha a bheith ann d'oibrithe agus don chomhshaol dá ndéanfaí cainníochtaí móra ceimiceán guaiseach a stóráil i stórais. Leagtar béim sa bhileog eolais ar dhea-chleachtais maidir le stóráil shábháilte ceimiceán guaiseach.

Teimpléad Measúnaithe Riosca do Ghníomhairí

Ceimiceacha — Eolas Tacaíochta

Tá sé i gceist leis an doiciméad seo eolas breise a sholáthar chun tacú le Teimpléad Measúnaithe Riosca na nGníomhairí Ceimiceacha, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Teimpléad Fardail maidir le Ceimiceáin

Ní foirm cheadaithe nó reachtúil í seo, agus féadfar fardail maidir le ceimiceáin a tháirgeadh i bhformáidí eile. Is é is aidhm dó tacú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide fardal maidir le ceimiceáin a chomhlánú.

Teimpléad Measúnaithe Riosca do Ghníomhairí

Ceimiceacha

Ba cheart d'eagraíochtaí an teimpléad seo a chomhlánú d'fhonn measúnú a dhéanamh ar conas is féidir le gníomhaíochtaí ceimiceán díobhálach (gal, múch, deannach, gás nó leacht) dochar a dhéanamh sula n-úsáideann a bhfostaithe iad. Cuideoidh sé le gníomhaíochta a shainaithint chun díobháil fhéideartha d'oibrithe, do dhaoine eile san ionad oibre, agus don chomhshaol a íoslaghdú. Ba cheart an fhoirm seo a úsáid freisin chun athmheasúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht cheimiceach tar éis timpiste, neastimpiste, athruithe ar chleachtais san ionad oibre, nó doirteadh cheimiceach.

Aguisín 4:

Tuarascáil Bhliantúil 2025 chuig an Aire maidir le hOibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

Ceapadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (dá dtagraítear 'an tÚdarás' anseo) mar phríomhúdarás náisiúnta faoin Acht Ceimiceán 2008 arna leasú (dá dtagraítear 'an tAcht' anseo). Foráiltear leis an Acht do riar agus forfheidhmiú náisiúnta Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH); Glantaigh; Toiliú Feasach Roimh Ré; agus na Rialacháin um Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú. Amhail an 1 Meitheamh 2015, tagann na Rialacháin um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha (COMAH (Seveso III)) faoi raon feidhme an Achte freisin ach níl siad faoi réir na tuarascála bliantúla seo. Tá oibleagáidí riaracháin agus/nó forfheidhmithe ar chúig údarás náisiúnta faoin Acht, is iad sin an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), Bord Ospidéal Beaumont, Rannán Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, agus Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann.

Ceanglaítear an méid a leanas le halt 8(4) den Acht ar údarás náisiúnta (seachas an tÚdarás): (i) socrúithe leordhóthanacha a dhéanamh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi na forálacha reachtúla iomchuí; (ii) taifd chuí a choimeád; agus (iii) tuarascáil a thabhairt don Údarás laistigh de dhá mhí tar éis dheireadh gach bliana. Beidh faisnéis a iarrfaidh an tÚdarás nó a bheidh ag teastáil uaidh ina leithéid de thuarascáil. Chun a dhualgais reachtúla faoin Acht a chomhlíonadh, d'iarr an tÚdarás ar gach údarás náisiúnta thuasluaite tuairisciú ar a gcuid gníomhaíochtaí le linn 2025 faoin Acht. Tugtar sonraí do gach údarás náisiúnta sna fo-ailt seo a leanas.

1. Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Feidhmíonn Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) – Údarás Monatóireachta Dea-Chleachtais Saotharlainne (DCS), mar an t-údarás inniúil náisiúnta chun críocha Airteagail 8(2) agus (3) de Rialachán na nGlantach (CE) Uimh 648/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le glantaigh amháin. Níl aon saoráid DCS i gclár monatóireachta BNÉC a dhéanann obair i dtaca

le Rialachán na nGlantach agus níl aon saotharlanna creidiúnaithe de réir chaighdeán ISO/IEC 17025. Níor freastalaíodh ar aon chruinniú DCS de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) le linn 2025. Tugann cigirí DCS faoi oiliúint trí chlár oiliúna DCS de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

2. Bord Ospidéal Beaumont

Is é Bord Ospidéal Beaumont an comhlacht ceaptha atá freagrach as faisnéis a bhaineann le práinnfhreagairt sláinte a fháil, de réir Airteagal 45 den Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú, agus as bileoga sonraí comhábhair a fháil mar a cheanglaítear faoi Airteagal 9(3) de Rialachán na nGlantach, agus tá an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhiúchán ainmnithe aige chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

Seo a leanas líon na n-acmhainní a bhí ar fáil le linn 2025: 0.9 oifigigh riaracháin choibhéiseacha lánaimseartha (FTE) agus thart ar 0.7 oifigigh/bainisteoirí FTE faisnéise um nimheanna. Cé nach bhfuil aon fhoireann thiomnaithe de chuid an Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Nimhiúchán ann chun oibriú go lánaimseartha ar na freagrachtaí faoin Rialachán um Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú.

Tá seisear oifigeach faisnéise nimhithe ag an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe (Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008) agus Rialachán na nGlantach (Rialachán (CE) Uimh. 648/2004), agus tá baint acu go léir le faisnéis a sholáthar chun freastal ar éileamh leighis i gcás éigeandála. Tugann an Stiúrthóir Cliniciúil comhairle bhreise ar chásanna tromchúiseacha nó casta. Tá oifigeach riaracháin amháin sa Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe a chaitheann an chuid is mó dá gcuid ama ag plé le fíorúithe ón tionscal. Cabhraíonn oifigeach faisnéise um nimhithe amháin le ceisteanna, agus déanann beirt bhall foirne iniúchadh ar líon beag fógraí gach mí. Ní oibríonn foireann an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe go heisiach ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an Acht Ceimiceán, agus ní mór tosaíocht a thabhairt do bhainistiú agus d'oibriú línte teileafóin na seirbhíse faisnéise um nimhithe. Níor tugadh aon fhoireann bhreise don Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe le haghaidh gníomhaíochtaí an Achte Ceimiceán.

Tháinig larscríbhinn VIII i bhfeidhm maidir le meascáin cheimiceacha ghuaiseacha le haghaidh úsáide tionsclaíche an 1 Eanáir 2024, agus dá bhrí sin, ní ghlacann an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe le haon fhógra um meascáin go díreach a thuilleadh. Ní mór gach fógra faoi mheascáin cheimiceacha a chur isteach anois trí thairseach Fógraí Lárionaid Nimhithe na

Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA). D'éirigh le 508,699 n-aighneacht trí thairseach Fhógraí an Lárionaid Nimhithe in 2025. Is cúis inné é go raibh rabhaidh i 342,626 (67.4%) de na haighneachtaí seo, arb ionann iad agus méadú 10.8% ar chéatadán na n-aighneachtaí ina raibh rabhaidh ó 2024. Níl dóthain acmhainní ag an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe chun athbhreithniú a dhéanamh orthu seo go léir nó chun obair leantach a dhéanamh leo a chuir aighneachtaí isteach, d'fhonn feabhas a chur ar an bhfaisnéis sa bhunachar sonraí.

Fuair foireann an Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe líon méadaithe fiosruithe ón tionscal in 2025, den chuid is mó faoin nós imeachta chun fógra a thabhairt faoi mheascáin ghuaiseacha nó faoi uimhir theileafóin an Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe a úsáid ar bhileoga sonraí sábháilteachta. Bhí líon na bhfiosruithe sin fós ard in 2025 (Líon=1104). Mar chuid de chlárúchán leis an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe, chuir roinnt cuideachtaí liosta dá n-aitheantóirí foirmle uathúla (UFlanna) i ndáil le Fógraí an Lárionaid Nimhithe ar fáil don Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe, agus rinne foireann an Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe iniúchadh orthu sin (N=4110).

Le linn 2025, chuaigh Oifigeach Riaracháin an Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe i dteagmháil le 45 cuideachta (162 ríomhphost) maidir le fiosruithe éigeandála i gcás nár tugadh fógra don Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe faoin táirge nó i gcás nach raibh an fhaisnéis ar thairseach Fhógraí an Lárionaid Nimhithe de chuid ECHA leordhóthanach chun measúnú a dhéanamh ar an riosca don othar. Ina dhiaidh rinne seacht

gcuideachta déag fógra don mheascán trí thairseach Fhógraí an Lárionaid Nimhithe de chuid ECHA nó nuashonraigh siad an fhaisnéis maidir leis an bhfógra atá ann cheana.

Níor aicmíodh sé tháirge mar tháirgí guaiseacha bunaithe ar éifeachtaí sláinte nó fisiceacha, agus níor tugadh fógra go fóill i ndáil le 28 meascán trí thairseach Fhógraí an Lárionaid Nimhithe de chuid ECHA.

Le linn 2025, seiceáladh 4,110 measúnú deisce ar tháirgí chun Airteagal 45 agus Iarscríbhinn VIII den Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú a chomhlíonadh; mar shampla, seiceálacha ar chomhdhéanamh iomlán, pH, meascán i meascáin, faisnéis teagmhála, agus UFlanna a bheith i láthair ann. Chuir an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe an tÚdarás ar an eolas faoi sheacht meascán ceimiceacha a raibh baint acu le teagmhais amhrasta nimhithe ach nár tugadh fógra ina leith don Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe faoi Airteagal 45 den Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú a chomhlíonadh chomh maith le táirge ola riachtanach nár lipéadaíodh i gcomhréir leis an Rialachán um Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú.

Le linn 2025, d'fhreagair an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe 1,922 fhiosrúchán éigeandála a bhain le meascáin cheimiceacha, gan glantaigh a áireamh (sonraí sealadacha). Is méadú de thart ar 21% é sin i gcomparáid le sonraí 2024. Ba iad na catagóirí táirgí cúraim aeir ba choitianta le haghaidh seomraí faoi dhíon (gníomhaíocht leanúnach); táirgí bithicéideacha do limistéir bhia agus bheatha; táirgí bithicéideacha le haghaidh sláinteachas an duine; díghalráin agus algaídí nár ceapadh lena gcur chun feidhme go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe; lubhicídí le haghaidh cosaint plandaí, lena n-áirítear gas-scriostóirí agus scriostóirí caonaigh; agus leachtanna toitíní leictreonaigh le haghaidh toitíní leictreonaigh. Faoi láthair, ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir meascáin le haghaidh úsáide tomhaltóirí, gairmiúla nó tionsclaíche.

In 2025, d'fhreagair an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe fiosrúcháin éigeandála a bhain le 1,171 táirge glantaigh. Is iad glantaigh níocháin le haghaidh úsáid tí agus táirgí tuartha a úsáidtear le haghaidh glanadh nó úsáid níocháin, go háirithe saicíní/capsúil ghlantaigh leachtacha, na táirgí glantaigh is minice a bhaineann leo fós.

Ar leibhéal an Aontais, thug an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimhithe barúlacha agus aiseolas don Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil – Rialachán na nGlantach seacht n-uaire in 2025.

Bhí Meabhrán Tuisceana (MT) agus Comhaontú Comhroinnte Sonraí i bhfeidhm ag Ospidéal Beaumont agus ag an Údarás ó mhí an Mheithimh 2022.

3. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) an Rialachán REACH agus an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú i bhfeidhm faoi na Rialacháin maidir le Táirgí Cosanta Plandaí (TCP) (Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009) agus Rialacháin Bithicídí atá sainiúil don earnáil. Deimhnítear go mbíonn lipéid táirge ag cloí leis an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) sula bhfaomhtar iad.

Seo a leanas líon na n-acmhainní a bhí ar fáil le linn 2025: 4.0 cigire (coibhéis lánaímseartha) atá ag obair ar an Rialachán um Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH), 4.0 cigire (coibhéis lánaímseartha) atá ag obair ar an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) agus 0.5 cigire (coibhéis lánaímseartha) arna leithdháileadh ar dhualgais faoin Rialachán um Thoilíú Feasach Roimh Ré (PIC). Tá 14 chigire údaraithe chun an Rialachán um Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH), an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) agus an Rialachán um Thoilíú Feasach Roimh Ré (PIC) a fhorfheidhmiú faoi Alt 11 den Acht. Tá 20 cigire cláraithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le Tairseach Idirghníomhaíochta ECHA chun críche REACH agus 3 chun críche PIC. Tá saineolas ag baill foirne a bhfuil baint acu le dualgais forfheidhmithe agus riaracháin REACH, CLP agus PIC i dtocsaineolaíocht, éiceathocsaineolaíocht, measúnú nochta, cinniúint agus iompar comhshaoil, measúnú riosca, bainistíocht riosca agus forfheidhmiú.

Tugadh faoi gach forfheidhmiú a cuireadh i gcrích in 2025 de bhun na Rialachán maidir le táirgí cosanta plandaí agus Bithicídí. Seiceáladh lipéid táirgí le haghaidh comhlíonadh maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán sular ceadaíodh iad. Údaraiodh/rinneadh athnuachan ar 103 tháirgí cosanta plandaí agus ar 133 tháirge bithicéideacha in 2025. Maidir le táirgí cosanta plandaí, níor deonaíodh údarú chun an táirge a chur ar an margadh go dtí go ndearnadh lipéad a mheas agus a fhorfheidhmiú. Maidir le húdaruithe bithicéide, féadfar táirge a údarú má deir an t-iarraitasóir nach gcuirfear trádáinm nó trádáinmneacha atá liostaithe ar an margadh in Éirinn. I gcomhréir le Coinníoll 6 den údarú, ní mór do shealbhoir an údaraithe lipéad(lipéid) a chur faoi bhráid an Rannáin Rialaithe Lotnaidicídí lena iniúchadh agus lena fhorfheidhmiú sula gcuirfear táirge ar an margadh.

Coinníonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara leathanaigh ghréasáin atá tiomnaithe go sonrach chun faisnéis a sholáthar maidir le ceanglais REACH a bhaineann le bithicídí agus maidir le hoibleagáidí a bhaineann le toiliú feasach roimh ré. I ndáil leis an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú, tá treoir ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le haicmiú agus lipéadú atá ar fáil ar a shuíomh gréasáin, agus le linn 2025 d'fhoilsigh sé dhá alt maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú agus trí sheimineár/chomhdháil a bhaineann le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú.

Mar chuid dá fheidhmeanna a bhaineann le toiliú feasach roimh ré, phróiseáil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 46 fhógra onnmhairiúcháin agus níor iarradh toiliú sainráite. Mar chuid dá fheidhmeanna Údaráis Náisiúnta Ainmnithe maidir le toiliú feasach roimh ré, d'fhreastail an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar dhá chruinniú de shainghrúpaí an Choimisiúin Eorpaigh agus rinne sé idirchaidreamh leis an Údarás agus tuarascáil Airteagal 10 á tólacadh aici.

4. Rannóg Custam na gCoimisinéirí loncain

Is iad na Coimisinéirí loncain an ÚNA faoi Airteagal 17 de Rialachán PIC. Tá na Coimisinéirí loncain, mar riarachán cánach agus custaim na hÉireann, freagrach as rialú easpórtáil agus iompórtáil na gceimiceán guaiseach a liostaítear i Rialachán PIC. Chun na críche sin, socraíodh próifíllí i gcórais imréitigh Custaim na gCoimisinéirí loncain.

Is féidir leis an bpobal rochtain a fháil ar leagan athdhéanta de lámhleabhar cánach agus dleachta na gCoimisinéirí loncain, Easpórtáil Ceimiceán Guaiseach, ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí loncain.

Leagtar amach ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí loncain faisnéis ghinearálta freisin maidir le hearraí toirmiscthe agus srianta, lena n-áirítear faisnéis faoi easpórtáil ceimiceán guaiseach faoi Rialachán PIC.

Tá na Coimisinéirí loncain ina mball den Ghrúpa Idir-Rannach Ceimiceán, agus d'fhreastail oifigigh na gCoimisinéirí loncain ar dhá chruinniú le linn 2025. Tá MT idir na Coimisinéirí loncain, an tÚdarás agus an RTBM i bhfeidhm ó 2023 maidir le gníomhaíochtaí faoi Rialachán PIC.

5. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)

Sa bhliain 2025, b'ionann acmhainní GCC chun críocha Rialachán REACH agus thart ar 1 ball foirne FTE, rud atá comhsheasmhach leis na hacmhainní do 2024. Bhí athrú ar an bhfoireann, le ball foirne amháin ag fáil ardú céime go réimse difriúil agus beirt bhall nua ag teacht ar bord ar an bhfoireann. Cumhdaítear gnéithe comhshaoil REACH mar chuid de ról níos leithne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Cuimsítear ar an bhFoireann Ceimiceán cúigear ball foirne (5 FTE) agus bainisteoir (0.5 FTE) lena gcumhdaítear REACH, truaillleáin orgánacha mharthanacha, srianta ar shubstaintí guaiseacha, faireachas ar an margadh ceimiceán, agus réimsí eile.

Le linn 2025, díriodh ar chúr comhraic dóiteáin agus ar fhógraí Geata Sábháilteachta. Tá an GCC i gcéim faoi láthair chun eolas agus taithí a fhorbairt i réimse REACH, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faireachais margaidh atá faoi chuimsiú REACH. Lean an leithdháileadh faoin Rialachán Glantaigh in 2025 (0.01 FTE) de bheith comhsheasmhach. Tá údar le cúigear cigirí REACH a fhorfheidhmiú, agus tá údar le cigire amháin Rialachán na nGlantach a fhorfheidhmiú faoi Alt 11 den Acht. Tá saineolas ag baill foirne a bhfuil baint acu le forfheidhmiú Rialachán REACH agus Glantaigh agus dualgais riarachán maidir le measúnú riosca, bainistiú riosca agus forfheidhmiú.

Le linn 2025, rinneadh dhá fheachtas cigireachta. Tugadh faoi chéad iniúchadh ag miondóltóirí, agus cuireadh 31 táirge leis mar fholáirimh maidir le Geata Sábháilteachta; Rinneadh 305 sheiceáil ar líne le haghaidh táirgí foláireamh neamhchomhlíontacha, agus fuarthas go raibh 103 acu neamhchomhlíontach le REACH. Ba allmhaireoirí agus miondóltóirí iarteachtacha iad na cuideachtaí a ndearnadh cigireacht orthu (lena n-áirítear cigireachtaí ag áitribh mhiondíola, seiceálacha ar líne nó suíomhanna ríomhthráchtála, agus ardáin margaidh an-mhóra ar líne). Eisíodh comhairle i scríbhinn do dhá mhiondóltóir a bhain le comhlíonadh REACH amháin. Reáchtáil an GCC dhá chruinniú comhlíonta ar líne leis na sealbhóirí údaraithe d'fhonn faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn chun deireadh a chur de réir a chéile leis na substaintí srianta agus comhlíonadh choinníollacha comhshaoil an údaraithe a deonaíodh.

Le linn 2025, ghlac an GCC páirt i dtionscadal Fóram Forfheidhmithe REACH (REF)-13 ar dhíolacháin ar líne, ag díriú ar REACH agus ar thruailleáin orgánacha mharthanacha. Ceannaíodh 36 tháirge san iomlán ar líne agus seoladh iad le haghaidh tástála saotharlainne, agus táthar ag súil le torthaí go luath in 2026. As na 31 táirge a athbhreithníodh maidir le comhlíonadh REACH mar chuid de chlár faireachais margaidh an GCC, a lean as fógraí Geata Sábháilteachta trí chigireachtaí miondóltóra, fuarthas amach gur monaraíodh iad go léir lasmuigh den AE.

In 2025, d'fhreagair an GCC sé cheist ó pháirtithe leasmhara a bhain le Rialachán REACH agus d'fhiosrúchán amháin ó pháirtí leasmhara ar Rialachán na nGlantach. Tá leathanach gréasáin tiomnaithe ag an GCC do Rialachán REACH. Tá ceimiceáin, lena n-áirítear roinnt gnéithe de REACH, clúdaithe i dTuarascáil Staid Chomhshaoil na hÉireann 2024 de chuid an GCC (lgh. 386 go 391). Laistigh den GCC, roinntear ailt, podchraoltaí agus seimineáir ghréasáin a bhaineann le REACH agus ceimiceáin idir oifigí le foireann an GCC trí nuachtlitir inmheánach mhíosúil a eisíonn Foireann Ceimiceán an GCC.

Bhí oiliúint forfheidhmithe REACH ar siúl i rith 2025 do bhaill nua foirne. D'fhreastail cigire freisin ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) le haghaidh oiliúna ar Gheata Sábháilteachta le linn an tsamhraidh. Tá beirt chigirí sínithe suas le córas Idirghníomhaíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA).

Ar leibhéal náisiúnta, rinne an GCC athbhreithniú agus thug sé barúlacha don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus don Údarás maidir leis an togra REACH chun srian a chur le húsáid substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) i ngach cúl comhraic dóiteáin. D'fhreastail siad ar chruinniú den Ghrúpa Stiúrtóirí Ceimiceacha idir-rannacha, grúpa a cruthaíodh chun naisc dhéthaobhacha a bhunú idir comhlachtaí poiblí a raibh baint acu le ceimiceáin.

Ar leibhéal an AE, ghlac ball d'Fhoireann Ceimiceán an GCC páirt in dhá chruinniú de chuid Fóram ECHA mar chomhalta malartach d'Fhóram ECHA um Fhorfheidhmiú. D'fhreastail an GCC ar chruinniú Choiste REACH amháin don mhír ar an gclár oibre ina bpléitear srianadh PFAS i gcúl comhraic dóiteáin.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, is é an GCC an Pointe Fócasach Náisiúnta do líonra an Ghréasáin Eorpaigh um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil agus glacann sé páirt i ngníomhaíochtaí amhail meithleacha a bhaineann le ceimiceáin. Is minic a chumhdaítear míreanna atá ábhartha do chomhlachtaí rialála eile, agus scaipeann an GCC sonraí ábhartha le haghaidh aon bharúil/tuairim.

Glacann an GCC páirt i nGrúpa Oibre Údarás Inniúil an AE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1021 (Meitheal Údaráis Inniúil um Thruailléain Orgánacha Mharthanacha) trí fhreastal ar chruinnithe agus trí aiseolas a sholáthar d'iarratais ar fhaisnéis i gcás inarb ábhartha.

Tá Meabhrán Tuisceana idir an GCC agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm le roinnt blianta anuas. Shínigh an dá eagraíocht Meabhrán Tuisceana le déanaí i mí an Mhárta 2025. Leanann an GCC ar aghaidh ag soláthar faisnéise faoi ábhair cheimiceacha a bhaineann lena feidhmeanna de réir mar a iarrann an tÚdarás agus/nó an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

In 2025, chuir an GCC tús le cruinnithe comhlíonta leis na saoráidí ceadúnaithe ag an EGCC a shealbhaíonn údaruithe ón gCoimisiún Eorpach. Reáchtáladh cruinnithe comhlíonta ar líne le hoibreoirí an láithreáin chun faisnéis a bhailiú maidir le dul chun cinn chun deireadh a chur de réir a chéile leis na substaintí srianta agus maidir le faireachán, agus pléifear aon dúshlán a bhí ann. Reáchtáladh an chéad cheann de na cruinnithe sin go déanach in 2025, agus leanfaidh siad ar aghaidh go dtí 2026. Tugadh cuireadh do chigirí ó Oifig Forfheidhmithe Comhshaoil an GCC (Clár Forfheidhmithe Tionscail) páirt a ghlacadh, agus cuideoidh sé sin le feasacht a mhúscailt ar na Rialacháin REACH laistigh den Ghníomhaireacht.

Leanfaidh an GCC modh comhchosúil le hoibreoirí nach bhfuil ceadúnaithe ag an GCC in 2026. Le linn 2025, chuir an GCC cleachtadh i gcrích chun cúig ghníomh de chuid Straitéis inmheánach Ceimiceán na GCC atá le seachadadh in 2025 agus 2026 a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh. Áirítear ar na gníomhaíochtaí fócas ar chumarsáid shóisialta maidir le reachtaíocht cheimiceach (REACH, POPanna agus ceimiceáin atá srianta ag an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha); sonraí a bhailiú maidir le húsáidí tionsclaíocha ceimiceán, uisce agus substaintí sárfluarailcile agus polafluarailcile; agus sonraí ceimiceacha agus foláirimh a roinnt le páirtithe leasmhara chun ceimiceáin in uisce a bhrath.

Is mór ag an GCC i gcónaí na nótaí cruinnithe agus na nuashonruithe a fuarthas ón Údarás maidir lena rannpháirtíocht in ECHA agus cruinnithe REACH, lena n-áirítear CARACAL (Údaráis Inniúla maidir le Cur chun Feidhme REACH agus CLP) agus an Fóram Forfheidhmithe. Tá an GCC ar fáil chun míreanna a bhaineann leis an gcomhshaol a phlé ar iarratas ón Údarás. Chuir an GCC ionchur ar fáil don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta i ndáil le ceistneoir tuairiscithe na mBallstát faoi Airteagal 117 de Rialachán REACH Regulation agus faoi Airteagal 46 den Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú 2020-2024.

Nótaí:



Ár bhfís: Saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le fiontair tháirgiúla



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Fón: 0818 289 389

www.hsa.ie